# Dún Laoghaire – Ráth an Dúin

## Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail

**2023 – 2028**




LCDC

Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil
Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Dún Laoghaire-Rathdown Local Community
Development Committee

dlr

Comhairle Contae County Council

# Clár na n-Ábhar


| | |
|---|---|
| Brollach | I |
| Achoimre Feidhmiúcháin | III |
| Réamhrá | 1 |
| Comhthéacs Beartais | 7 |
| Forléargas ar an gContae | 13 |
| Comhairliúchán | 29 |
| Anailís LLDB | 41 |
| Spriocanna Ardleibhéil, Cuspóirí agus Torthaí | 45 |
| Plean Cur chun Feidhme | 59 |
| Monatóireacht agus Measúnú | 79 |
| Aguisíní | 83 |





DÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN



# Brollaigh

## An Cathaoirleach

Tá lúcháir orm mar Chathaoirleach fáilte a chur roimh an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023-2028 (PÁEP) nua seo do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus roimh an bPlean Cur chun Feidhme tosaigh 2 bhliain chun tacú le huaillmhian an Phlean.

Leagtar amach leis an fhís don Chontae mar Chontae forásach a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de, a bheidh cuimsitheach, a chuirfidh caighdeán saoil, sláinte agus folláine, gníomhaíocht eacnamaíoch agus deiseanna fostaíochta chun cinn. Tá an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail ag teacht le tiomantas do chuimsiú sóisialta agus comhionannas atá an-tábhachtach domsa mar Chathaoirleach na Comhairle seo.

Leis an PÁEP, cuirtear treochlár soiléir i láthair d'fhorbairt eacnamaíoch agus pobail an Chontae ar feadh shaolré an phlean. Táim ag tnúth leis an dul chun cinn thar thréimhse an Phlean a fheiceáil maidir le gníomhaíochtaí intomhaiste i dtreo bhaint amach a chuid spriocanna a bhaint amach a sholáthar. Fáiltím roimh an gcur chuige comhtháite a thógann ar láidreachtaí ár bpobal éagsúil, lena spreagtar rannpháirtíocht ghníomhach agus lena bhféachtar leis an tsláinte agus leis an bhfolláine a fheabhsú ar fud an Chontae. Maidir lenár ngeilleagar áitiúil, tá sé mar aidhm leis an bPlean nuálaíocht a spreagadh agus forbairt eacnamaíoch chothromaithe, inbhuanaithe fhiúntach a chothú a rachaidh chun tairbhe dúinn go léir.

Mar bhonn faoi sin, tá prionsabail thábhachtacha Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide DLR 2024-2029 ina gcuirtear síos ar an aistriú go Contae a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de, a bheidh ar mhórán bithéagsúlachta, a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus a bheidh aeráidneodrach. Gealltar leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail go dtacófar leis na prionsabail sin trí dhea-chleachtas maidir le gníomhú ar son na haeráide, bithéagsúlacht agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn agus a sholáthar.

Forbraíodh an Plean seo i ndiaidh rannpháirtíocht shuntasach le páirtithe leasmhara ar fud an Chontae. Ghabhaim mo bhuíochas le gach duine a chuidigh trí shuirbhé a líonadh, freastal ar cheardlann, aontú go gcuirfí agallamh orthu nó aighneacht scríofa a sholáthar. Chuir an cuidiú sin go mór leis an bPlean agus cinntítear leo go dtiocfaidh sé le tuairimí, eispéiris agus uaillmhianta ár ngnó agus ár bpobail áitiúil.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil freisin le gach duine a raibh baint acu le forbairt an Phlean, lena n-áirítear comhaltaí tofa, comhaltaí Ghrúpa Stiúrtha Comhairleach PÁEP DLR, comhaltaí an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil agus an Choiste Beartas Straitéiseach um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontraíocht, chomh maith leis na hoifigigh go léir lenar bhain.



Cathaoirleach,
**Councillor Jim O'Leary**



# Príomhfheidhmeannach

Forbraíodh Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin do 2023-2028 chun forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus pobail an Chontae a threorú thar na cúig bliana atá amach romhainn. Glacadh an PÁEP ag cruinniú na Comhairle Contae a tionóladh an 8 Aibreán 2024.

Is é seo an dara PÁEP don Chontae agus tógann sé ar an méid a baineadh amach sa Phlean roimhe seo, agus ag an am céanna is féidir linn aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí nua agus cinn atá ag athrú leis. Tá an PÁEP ag teacht le réimse pleananna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla DLR, lena n-áirítear Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta Thionól Réigiúnach an Oirthir agus an Láir Tíre 2019-2031, Plean Forbartha Contae DLR 2022-2028 agus Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide dlr 2024-2029.

Leis an PÁEP, leagtar amach an fhís don Chontae, agus na spriocanna agus cuspóirí a bhaineann le forbairt eacnamaíoch, tacaithe ag gníomhaíochtaí atá sainmhínithe go soiléir chun cruthú post a chur chun cinn, tacú le gnólachtaí atá ann cheana féin, agus an geilleagar áitiúil a neartú. Áirítear leis gnéithe pobail amhail gníomhaíochtaí chun tacú le cuimsiú, rannpháirtíocht ghníomhach agus rannpháirtíocht saoránach a chur chun cinn, tacú le dea-shláinte choirp agus folláine mheabhrach agus pobail chomhoibríocha agus nasctha a chruthú. Leagtar amach i bPlean Cur Chun Feidhme na ngníomhaíochtaí a forbraíodh chun tacú leis an PÁEP na tionchair inmhianaithe a mbeidh sé mar aidhm leis na hidirghabhálacha sin iad a bhaint amach faoi 2028.

Léirítear leis an bplean an comhairliúchán fairsing a rinneadh leis an bpobal, leis an bpobal áitiúil agus le grúpaí gnó agus le páirtithe leasmhara eile. Bhí a n-ionchur ríthábhachtach lena chinntiú go bhfuil tosaíochtaí na ndaoine sin atá lárnach i bhforbairt leanúnach ár gContae i gcroílár an Phlean.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí tofa, le Grúpa Stiúrtha Comhairleach an PÁEP, agus leis an bhfoireann ar fad a bhí páirteach i bhforbairt an Phlean. Gabhaim mo bhuíochas le comhaltaí an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil agus an Choiste Beartas Straitéiseach um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontraíochta a spreag forbairt an PÁEP nua, agus a mbeidh ról lárnach acu i monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an PÁEP thar a théarma.

Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag tnúth le bheith ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta eacnamaíocha agus pobail an Chontae agus le páirtithe leasmhara chun spriocanna agus cuspóirí an PÁEP a bhaint amach, agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin a fhorbairt tuilleadh mar Chontae forásach, bríomhar atá mealltach, cuimsitheach agus inrochtana do chách.



Príomhfheidhmeannach
**Frank Curran**

# Achoimre Feidhmiúcháin

## Réamhrá

Tá braistint láidir pobail, geilleagar nuálach agus timpeallacht nádúrtha shaibhir éagsúil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Leis an doiciméad seo, Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, féachfar le tógáil ar rath an Chontae agus freastal ar riachtanais phobail agus ghnólachta DLR thar an tréimhse 2023-2028. Mar sin, forbraíodh an PÁEP trí chomhairliúchán agus rannpháirtíocht leis an bpobal, grúpaí pobail, an earnáil phríobháideach agus príomhpháirtithe leasmhara éagsúla eile ar fud an Chontae lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht lena riachtanais agus lena n-uaillmhianta.

Plean comhroinnte agus comhtháite is ea an PÁEP nua lena dtreorófar forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus pobail an Chontae thar na blianta atá amach romhainn. Tá sé ag teacht le príomhbheartais ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, lena n-áirítear Plean Forbartha Contae DLR 2022 – 2028, Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta Thionól Réigiúnach an Oirthir agus an Láir Tíre 2019-2031 agus an Creat Pleanála Náisiúnta. Ina theannta sin, forbraíodh an PÁEP laistigh de phrionsabail na forbartha inbhuanaithe agus an ghníomhaithe ar son na haeráide agus i gcomhthéacs Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Mar an gcéanna, trína spriocanna, cuspóirí agus gníomhaíochtaí, tá sé beartaithe go gcuirfidh an PÁEP le dualgas na hearnála poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint.





Áirítear na Caibidlí seo a leanas sa PÁEP:

**Caibidil 1** ina leagtar amach an comhthéacs agus na príomhchéimeanna in ullmhú an phlean chomh maith le fís do DLR agus é ag déanamh ar 2028.

**Caibidil 2** ina gcuimsítear forléargas ar phríomhbheartais agus ar phríomhstraitéisí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a cuireadh san áireamh le linn fhorbairt an phlean agus a bhfuil an PÁEP ailínithe leo.

**Caibidil 3** ina soláthraítear forléargas socheacnamaíoch ar an gContae, ag clúdach réimsí amhail an daonra, an t-athrú aeráide, tithíocht, fostaíocht, folláine an phobail agus iompar agus bonneagar.

**Caibidil 4** ina bhfuil forléargas ar an bpróiseas comhairliúcháin agus lena gcuirtear príomhthorthaí i láthair ó na sraitheanna éagsúla rannpháirtíochta de réir téama.

**Caibidil 5** ina gcuimsítear anailís LLDB ina ndéantar achoimre ar na Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí is mó sa Chontae

**Caibidil 6** ina leagtar amach na spriocanna ardleibhéil, cuspóirí agus torthaí lena gclúdaítear an tréimhse 2023-2028, arna bhforbairt ó thorthaí an phróisis anailíse agus comhairliúcháin.

**Caibidil 7** ina gcuimsítear an plean tosaigh cur chun feidhme 2 bhliain ina sonraítear gníomhaíochtaí sonracha a chuideoidh le spriocanna ardleibhéil, cuspóirí agus torthaí a bhaint amach. Sainaithnítear leis an bplean cur chun feidhme freisin príomhghníomhaireachtaí agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta atá freagrach as soláthar na ngníomhaíochtaí mar aon leis na PTFanna gaolmhara.

**Caibidil 8** ina dtugtar forléargas ar an gcur chuige monatóireacht agus measúnaithe a thacóidh le tuairisciú cruinn ar dhul chun cinn an PÁEP.

# Fís

Chun todhchaí an Chontae a chur le chéile, cruthaíodh fís, lena n-aontaítear agus lena léirítear gnéithe éagsúla an PÁEP lena n-áirítear na spriocanna, na cuspóirí agus na torthaí. Is é seo a leanas an fhís do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin:



**Contae forásach atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá cuimsitheach, a chuireann caighdeán saoil, sláinte agus folláine, gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht chun cinn agus a chothaíonn todhchaí níos fearr do chách.**

# Anailís agus Comhairliúchán

Agus an PÁEP nua á ullmhú, rinneadh comhairliúchán fairsing agus anailís shocheacnamaíoch. Mar a shonraítear thuas, clúdaíodh leis an anailís shocheacnamaíoch líon réimsí lena n-áirítear an daonra, an t-athrú aeráide, tithíocht, fostaíocht, folláine an phobail agus iompar agus bonneagar. Áiríodh leis an bpróiseas comhairliúcháin suirbhéanna, aighneachtaí scríofa, ceardlanna agus agallaimh le réimse páirtithe leasmhara éagsúla. Áirítear leis sin an pobal i gcoitinne, an earnáil phríobháideach, grúpaí pobail, eagraíochtaí oideachais agus oiliúna agus soláthraithe agus gníomhaireachtaí seirbhíse éagsúla. Go ginearálta, i measc cuid de na príomhréimsí nach mór aghaidh a thabhairt orthu a d'eascair as an anailís agus as an gcomhairliúchán bhí:



- Inbhuanaitheacht, gníomhú ar son na haeráide agus tionscnaimh bhithéagsúlachta a spreagadh chun Contae athléimneach a chruthú don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht.
- DLR a chur chun cinn tuilleadh mar shuíomh gnó, tacú le gnólachtaí atá ann cheana féin, infheistíocht nua a mhealladh agus geilleagar cuimsitheach nuálach a chothú.
- Foghlaim ar feadh an tsaoil agus breisoiliúint a spreagadh agus rochtain chomhionann ar oideachas agus oiliúint a chinntiú
- A chinntiú go mbeidh rochtain ag pobail ar fud an Chontae ar na tacaíochtaí, saoráidí, taitneamhachtaí agus tithíocht atá riachtanach chun saol sláintiúil sásúil a chaitheamh, lena n-áirítear daoine ó phobail imeallaithe agus daoine faoi mhíbhuntáiste.
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh ealaíon agus oidhreachta agus lánacmhainneacht thimpeallacht nádúrtha álainn an Chontae agus taitneamhachtaí a bhaint amach chun tairbhe mhuintir na háite agus cuairteoirí araon.
- Iompar agus soghluaisteacht a fheabhsú, pobail a nascadh agus bailte agus sráidbhailte DLR a athbheochan.
- Rannpháirtíocht i bhforbairt an Chontae a spreagadh agus tacú léi agus a ról tábhachtach ar fud DLR á aithint ag grúpaí pobail agus deonacha áitiúla.

# Spriocanna Ardleibhéil agus Cuspóirí

Tá na spriocanna ardleibhéil agus na cuspóirí inbhuanaithe eacnamaíocha agus pobail don tréimhse 2023-2028 leagtha amach sa tábla thíos. Forbraíodh iad ó thorthaí agus ó léargas a d'eascair as an anailís shocheacnamaíoch agus as an bpróiseas comhairliúcháin agus tá sonraí breise maidir le gach sprioc agus cuspóir chomh maith leis na torthaí inmhianaithe curtha ar fáil i gCaibidil 6 thíos. Tá na spriocanna agus na cuspóirí tacaithe ag roinnt gníomhaíochtaí atá san áireamh sa phlean cur chun feidhme tosaigh atá sonraithe i gCaibidil 7. Déanfar an plean cur chun feidhme a athbhreithniú i ndiaidh dhá bhliain agus beidh deis ann gníomhaíochtaí nua a thabhairt cothrom le dáta agus a chur san áireamh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá tagtha chun cinn nó gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích nó nach bhfuil dul chun cinn a dhéanamh a athrú. Mar sin, samhlaítear go mbeidh an PÁEP nua fós ag teacht le riachtanas an Chontae agus go mbeidh sé freagrúil dóibh thar shaolré an phlean.



Is iad seo a leanas na 6 sprioc ardleibhéil agus na 19 gcuspóir:

| Spriocanna Ardleibhéil | Cuspóirí |
|---|---|
| **Sprioc 1 – Contae atá athléimneach ó thaobh na haeráide a chruthú trí dhea-chleachtas a chur chun cinn agus a sholáthar maidir le gníomhú ar son na haeráide, bithéagsúlacht agus an geilleagar ciorclach** | **Cuspóir 1.1**: Tionscnaimh um ghníomhú ar son haeráide agus tionscnaimh bhithéagsúlachta a chur chun feidhme chun tacú le haistriú DLR go Contae níos inbhuanaithe agus an comhshaol a chosaint<br>**Cuspóir 1.2:** Feasacht a ardú agus rannpháirtíocht i dtionscnaimh inbhuanaitheachta ar fud pobail agus gnólachtaí a spreagadh<br>**Cuspóir 1.3**: Úsáid modhanna iompair agus taistil níos inbhuanaithe a spreagadh<br>**Cuspóir 1.4:** An Geilleagar Ciorclach sa Chontae a spreagadh agus a chur chun cinn. |
| **Sprioc 2 – Tabhairt faoi fhorbairt chothromaithe an gheilleagair áitiúil agus an timpeallacht ghnó a threisiú chun geilleagar cruthaitheach, cuimsitheach agus láidir a fhorbairt** | **Cuspóir 2.1**: Comhoibriú a mhéadú agus an Contae a chur chun cinn mar shuíomh den scoth chun gnó a dhéanamh ann<br>**Cuspóir 2.2**: Infheistíocht nua a mhealladh, tacú le gnólachtaí atá ann cheana féin agus fostaíocht inbhuanaithe a spreagadh ar fud an Chontae<br>**Cuspóir 2.3**: Feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó, fiontraíocht a spreagadh agus braislí nuálacha a fhorbairt |
| **Sprioc 3 – Conairí chuig fostaíocht a fhorbairt trí dheiseanna oideachais agus oiliúna a fheabhsú do chách** | **Cuspóir 3.1**: Foghlaim ar feadh an tsaoil a spreagadh agus infhostaitheacht mhuintir an Chontae a mhéadú<br>**Cuspóir 3.2**: Tacú le grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus grúpaí leochaileacha le rochtain a fháil ar oideachas agus ar oiliúint<br>**Cuspóir 3.3**: Feasacht, glacadh agus soláthar printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna sa Chontae a mhéadú |
| **Sprioc 4 – Acmhainn an Chontae mar cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe a bhaint amach agus earnáil oidhreachta agus chruthaitheach an Chontae a chosaint agus tacú léi** | **Cuspóir 4.1**: Feasacht ar an gContae mar cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe a mhéadú<br>**Cuspóir 4.2**: Leanúint le tairiscint turasóireachta an Chontae a fhorbairt agus a fheabhsú<br>**Cuspóir 4.3**: Tacú le hearnáil oidhreachta agus cruthaitheachta luachmhaire an Chontae agus í a cheiliúradh |
| **Sprioc 5 – Contae sláintiúil, cuimsitheach agus ilghnéitheach a chur chun cinn a thacaíonn le dea-shláinte coirp agus folláine mheabhrach ar fud ár bpobail go léir** | **Cuspóir 5.1**: Feabhas a chur ar chomhionannas agus ar chuimsiú sóisialta ar fud na bpobal go léir<br>**Cuspóir 5.2**: Dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an dhíothacht áit is ann dó<br>**Cuspóir 5.3**: Sláinte agus folláine a fheabhsú ar fud an Chontae |
| **Sprioc 6 – Leanúint le bailte agus sráidbhailte nasctha, bríomhara agus inbhuanaithe a fhorbairt agus rannpháirtíocht ghníomhach agus rannpháirtíocht saoránach a chur chun cinn laistigh den Chontae** | **Cuspóir 6.1:** Leanúint le forbairt timpeallacht chomhoibríoch a fhorbairt chun cóiríocht a sholáthar sa Chontae<br>**Cuspóir 6.2**: Bailte agus sráidbhailte an Chontae a athnuachan agus nascacht agus inrochtaineacht a mhéadú<br>**Cuspóir 6.3**: Tacú le grúpaí deonacha agus pobail agus rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt an Chontae a mhéadú |

# 1. Réamhrá

**Léirítear leis an doiciméad seo plean nua Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin don tréimhse 2023 - 2028. Forbraíodh é i gcomhréir le ceanglais an Achta um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 agus na dTreoirlínte athbhreithnithe Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil 2021. Tógann an plean ar PÁEP 2016-2021 agus sainaithnítear leis spriocanna, cuspóirí, gníomhaíochtaí agus torthaí chun forbairt eacnamaíoch agus pobail Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chur chun cinn sna blianta atá amach romhainn.**

D'ullmhaigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil agus an Coiste Beartas Straitéiseach um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontraíochta an PÁEP nua. Forbraíodh é trí phróiseas comhairliúcháin inar tugadh aghaidh ar réimse leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear an pobal, gníomhaireachtaí stáit, an earnáil phríobháideach, soláthraithe seirbhíse agus grúpaí pobail. Leagtar amach leis an PÁEP, ní hamháin gníomhaíochtaí atá le soláthar ag an Údarás Áitiúil, ach gníomhaíochtaí eile a sholáthróidh príomhpháirtithe a bhfuil baint acu le forbairt eacnamaíochta agus pobail sa Chontae. Mar sin,chun an PÁEP nua a sholáthar, teastóidh cur chuige comhoibríoch agus comhordaithe idir an tÚdarás Áitiúil agus príomhpháirtithe leasmhara eile a bhfuil freagracht orthu as a chur chun feidhme.

Agus an PÁEP á fhorbairt, tugadh aird ar leith ar Ghníomhú ar son na hAeráide, ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFIanna na Náisiún Aontaithe) agus ar dhualgas na hearnála poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a chosaint. Tá an plean ag teacht go hiomlán le straitéisí agus beartais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta eile, lena n-áirítear Plean Forbartha Contae (PFC) DLR, Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta Thionól Réigiúnach an Oirthir agus an Láir Tíre 2019-2031.



# 1.1 Comhthéacs

Mar a luadh thuas, forbraíodh an PÁEP nua i gcomhthéacs na dTreoirlínte athbhreithnithe don Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (2021). Leis na treoirlínte athbhreithnithe, tugtar athrú formáide agus tá dhá ghné ar leith isteach sa PÁEP anois:

- Creat an PÁEP lena gcuimsítear na spriocanna ardleibhéil, cuspóirí agus torthaí do 2023-2028. Socraítear an treo ardleibhéil don phlean leis na spriocanna, féachtar leis na cuspóirí le haghaidh a thabhairt ar phríomhriachtanais an Chontae agus is ionann na torthaí agus an tionchar agus na torthaí inmhianaithe a bhfuiltear ag súil lena mbaint amach leis an bplean thar shaolré an PÁEP. Mar atá leagtha amach i dTreoirlínte an PÁEP, is féidir na cuspóirí a chatagóiriú mar Chuspóirí um Fhorbairt Gheilleagrach Inbhuanaithe (CFGlanna) agus/nó Cuspóirí Pobail Inbhuanaithe (CPlanna).

- Cuimsítear leis an bPlean Cur chun Feidhme gníomhaíochtaí sonracha a chuidíonn le spriocanna, cuspóirí agus torthaí an phlean fhoriomláin a bhaint amach. Áirítear leis freisin Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) agus sainaithnítear leis na gníomhaireachtaí atá freagrach as na gníomhaíochtaí a dhéanamh. Go suntasach, déanfar athbhreithniú ar an bPlean Cur chun Feidhme gach dara bliain.



Leis an bhformáid nua sin, éascaítear cur chuige níos solúbtha maidir le cur chun feidhme an PÁEP. Tugtar deis leis don Chomhairle agus dá comhpháirtithe gníomhaíochtaí tearcfheidhmíochta a shainaithint agus a athrú chomh maith leis an gcumas gníomhaíochtaí nua a chur san áireamh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn. Mar sin, ba cheart go mbeadh an PÁEP inoiriúnaithe agus ábhartha i gcónaí do riachtanais an Chontae thar an tréimhse 2023-2028.

Ina theannta sin, le forbairt an PÁEP nua, tugadh deis chun machnamh a dhéanamh ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail DLR 2016-2021. Leis an PÁEP roimhe seo, soláthraíodh bonn láidir le tógáil air, agus rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le go leor gnéithe den phlean. Tá sé mar aidhm go mbeidh an bplean nua níos soiléire agus níos gonta, áfach, ag cur san áireamh na ceachtanna a foghlaimíodh ó PÁEP 2016-2021 agus an t-achar ama dhá bhliain le haghaidh gach leagain den phlean cur chun feidhme. Agus é sin á dhéanamh, táthar ag súil go mbeidh an PÁEP seo ina uirlis níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar riachtanais an Chontae sna blianta atá amach romhainn.

# 1.2 Ullmhú an phlean

Ullmhaíodh an PÁEP agus rinne Grúpa Stiúrtha Comhairleach PÁEP Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin é a mhaoirsiú, agus bhí an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) freagrach as na gnéithe pobail agus bhí an Coiste Beartas Straitéiseach um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontraíochta freagrach as gnéithe eacnamaíocha an phlean. Ina theannta sin, chuir Tionól Réigiúnach an Oirthir agus an Láir Tíre ionchuir ar fáil lena chinntiú go bhfuil an PÁEP i gcomhréir leis an Straitéis Réigiúnach Spásúla agus Eacnamaíochta 2019-2031. I gcodarsnacht leis an PÁEP roimhe seo, ullmhaíodh na gnéithe pobail agus eacnamaíocha ar bhealach comhtháite chun dúbailt a sheachaint, ag tabhairt faoi deara cineál idirnasctha na folláine pobail agus eacnamaíche. De réir treoir ón an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, ullmhaíodh an plean trí na céimeanna seo a leanas:



## Ullmhú

Ullmhú - Ullmhaíodh ráiteas socheacnamaíoch sa chéad chéim, lena n-áirítear anailís ar an gContae agus dréacht-spriocanna ardleibhéil. Soláthraíodh tuiscint bhunlíne leis sin ar an gContae agus soláthraíodh pointe tosaigh don phlé maidir le treo straitéiseach an phlean.

## Comhairliúchán

Sa dara céim cuireadh próiseas comhairliúcháin críochnúil chun feidhme. Áiríodh leis rannpháirtíocht leis an bpobal agus le príomhpháirtithe leasmhara eile amhail grúpaí pobail, gníomhaireachtaí stáit, soláthraithe seirbhíse agus an earnáil phríobháideach. Bhí aighneachtaí scríofa, suirbhéanna, ceardlanna agus agallaimh i gceist leis an rannpháirtíocht.

## Tabhair i gcrích an phlean

Dréachtaíodh an PÁEP iomlán ansin agus iarraidh ionchuir ó pháirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear an Tionól Réigiúnach. Rinneadh Measúnachtaí Straitéiseacha Timpeallachta agus tuarascálacha um scagadh maidir le Measúnacht Chuí lena chinntiú go gcloífear leis na rialacháin chomhshaoil ábhartha. I ndiaidh aiseolas a fháil, athbhreithníodh an plean agus cuireadh ar aghaidh é le haghaidh faomhadh deiridh. Ghlac Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an plean ar bhonn foirmiúil an 8 Aibreán 2024.

## Forbairt na gCuspóirí, na nGníomhaíochtaí agus na dTorthaí

Sa tríú céim, forbraíodh na cuspóirí, na gníomhaíochtaí agus na torthaí ag baint úsáid as an eolas agus an léargas a fuarthas ón taighde agus ón gcomhairliúchán. Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara a sainaithníodh mar a bheith freagrach as soláthar na ngníomhaíochtaí sular tugadh chun críche iad.



# 1.3 Fís do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Rinneadh fís a chruthú do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a dhírítear ar uaillmhian chomhtháite a bhunú don Chontae. Múnlaíodh an fhís sin leis an léargas a fuarthas ón bpróiseas comhairliúcháin agus tá sí ar aon dul leis na cuspóirí agus na torthaí atá leagtha amach sa PÁEP. Is é seo a leanas an méid atá san fhís:

**Athléimneacht de réir a chéile i leith na haeráide Contae atá cuimsitheach, a chuireann chun cinn caighdeán saoil, sláinte agus folláine, gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht agus a chothaíonn todhchaí níos fearr do chách.**



# 2. Comhthéacs Beartais

Cuireadh bonn eolais faoin PÁEP le haidhmeanna agus cuspóirí príomhbheartais agus príomhstraitéisí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus tá sé comhsheasmhach leo. Áirítear leis sin an Plean Forbartha Contae reatha 2022-2028 agus Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta 2020-2031 Thionól an Oirthir agus an Láir Tír. Agus an gá le dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide á shonrú, forbraíodh í freisin i gcomhthéacs phrionsabail Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna) na Náisiún Aontaithe. Áirítear an méid seo a leanas le liosta achomair de na doiciméid bheartais ábhartha a bhfuil an PÁEP ailínithe leo:

| LEIBHÉAL | BEARTAS |
|---|---|
| **Idirnáisiúnta** | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe |
| **Ionad Náisiúnta** | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 |
| | An Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta 2021-2025 |
| | Ár dTodhchaí Tuaithe - Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025 |
| | Tionscadal Éireann 2040: Plean Forbartha Contae 2021-2030 |
| | Tionscadal Éireann 2040: Creat Náisiúnta Pleanála (2018) |
| | Pobail Inbhuanaithe, Chuimsitheacha agus Chumhachtaithe 2019-2024 |
| **Réigiúnach** | Plean Fionraíocht Réigiúnach Bhaile Átha Cliath go dtí 2024 |
| | Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta 2019-2031 Thionól Réigiúnach an Oirthir agus an Láir Tíre |
| | Tús Áite do Lár an Bhaile: Cur Chuige Beartais do Bhailte na hÉireann (2022) |
| **Áitiúil** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Ógáin an Ceantar Máguaird 2019-2025 |
| | Straitéis Aoisbhá DLR 2022 - 2026 |
| | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide DLR 2024 - 2029 |
| | Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht an Chontae de chuid DLR 2021 - 2025 |
| | Plean Corparáideach Chomhairle Contae DLR 2020-2024 |
| | Plean Forbartha Contae DLR 2022-2028 |
| | Plean Oidhreachta Contae DLR 2021-2025 |
| | Straitéis Rannpháirtíochta Spóirt Contae DLR 2018-2022 |
| | Straitéis Cultúir & Cruthaitheachta DLR 2023 - 2027 |
| | Straitéis Dhigiteach DLR 2021-2024 |
| | Plean Contae Shláintiúil DLR 2019-2022 |
| | Plean Forbartha Leabharlainne DLR 2022- 2026 |
| | Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail DLR 2016-2021 |
| | Beartas Imeartha DLR 2023-2028 |
| | Fís LRT do Ráiteas Folláine Pobail Fís DLR 2022 |
| | Straitéis Turasóireachta agus Plean Margaíochta DLR 2017-2022 |
| | Straitéis Crann DLR - Aeráid do Chrainn - 2024-2030 |
| | Plean Ceantair Áitiúil Dhún Droma 2023 |
| | Plean Ceantair Áitiúil Stigh Lorgan 2018 - 2024 |

Ó na beartais agus na straitéisí atá ann cheana, sainaithníodh roinnt tosaíochtaí athfhillteacha agus coitianta a bhaineann le cuspóirí agus aidhmeanna an bheartais reatha. Cuireadh na tosaíochtaí sin san áireamh le linn fhorbairt an PÁEP lena chinntiú go bhfuil an plean ag teacht le cuspóirí agus aidhmeanna áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, go gcomhlánaítear iad agus go tacaítear leo leis an bplean. Áirítear an méid seo a leanas leis sin:

## Pobal

- Cuimsiú, folláine agus sláinte a fheabhsú ar fud an phobail, lena n-áirítear i limistéir faoi mhíbhuntáiste nó faoi dhíothacht choibhneasta a bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith de dhíth orthu.
- Rochtain chothrom ar sheirbhísí riachtanacha agus soláthar fairsing tithíochta ar fud an Chontae a chinntiú.
- Rannpháirtíocht ghníomhach in earnálacha ealaíon, cultúir agus cruthaitheachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a spreagadh agus tacú léi.
- Tús áite a thabhairt d'athbheochan bhailte agus shráidbhailte DLR trí phobail athléimneacha agus rathúla a chothú.
- Inbhuanaitheacht an Chontae a chur chun cinn tríd an gcomhshaol a chosaint agus tionscnaimh a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

## Eacnamaíoch

- Fás eacnamaíoch cothromaithe, inbhuanaithe agus fiúntach a chur chun cinn le tacaíocht ó na seirbhísí agus an bonneagar riachtanach chun rathúnas leanúnach an Chontae a chinntiú.
- Timpeallacht nuálach ghnó a chothú agus tacú le gnólachtaí agus le FBManna atá ann cheana chomh maith le hinfheistíocht nua a mhealladh chuig an gContae.
- Lucht saothair oilte a fhorbairt a bheidh ag teacht le riachtanais na hearnála príobháidí, a mhéadóidh fostaíocht agus a chinnteoidh go mbeidh an Contae ina shuíomh iomaíoch gnó i gcónaí.
- Glacadh le teicneolaíocht, ní hamháin san earnáil phríobháideach, ach ar fud an phobail ar fad chun forbairt eacnamaíoch agus pobail a spreagadh.

Tá achoimre ghairid ar chuid de na príomhbheartais uileghabhálacha ar an leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ar fáil sna leathanaigh seo a leanas.

# 2.1 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

Is éard atá i gClár Oibre 2030 na NA um Fhorbairt Inbhuanaithe ná sraith 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an neamhionannas agus an éagóir a chomhrac agus dul i ngleic leis an athrú aeráide faoi 2030. Glao ar ghníomh ag gach tír – tíortha bochta, saibhre agus meánioncaim atá sna SFIanna – chun rathúnas a chur chun cinn agus an pláinéad á chosaint. Aithnítear leo go gcaithfidh deireadh leis an mbochtaineacht bheith fite fuaite sna straitéisí as a dtiocfaidh fás eacnamaíoch inbhuanaithe, cuimsitheach agus lena dtugtar aghaidh ar réimse riachtanais shóisialta, lena n-áirítear oideachas, sláinte, cosaint shóisialta agus deiseanna fostaíochta, ag dul i ngleic leis an athrú aeráide agus cosaint an chomhshaoil ag an am céanna.

Soláthraítear leis na SFIanna creat ríthábhachtach d'fhorbairt pobail toisc go léirítear leo na hábhair imní maidir le ceartas sóisialta, ceartas eacnamaíoch agus ceartas comhshaoil a bhaineann le hobair phobail agus oibrithe pobail, agus sainítear leo na próisis rannpháirtíochta, cumhachtaithe agus comhghníomh is gá chun athrú a bhaint amach.

Cé go bhfuil tábhacht le gach ceann de na 17 SFI do gach náisiún agus pobal, tá roinnt acu roghnaithe thíos againn chun béim a chur ar a n-ailíniú leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) ina iomláine agus le conair Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin sa todhchaí. Leagtar amach sa Phlean Feidhmithe ailíniú soiléir ar na gníomhaíochtaí sa PÁEP le SFIanna cuí.

8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH

**SFI 8: Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch**– Féachtar leis an SFI sin le forbairt ar fhás eacnamaíoch inbhuanaithe, cuimsitheach agus cruthú deiseanna fostaíochta sásúla do chách a chur chun cinn agus tacú leo. Tá sé ag teacht go mór le roinnt spriocanna agus cuspóirí PÁEP agus beidh sé ina phríomhréimse a ndíreofar air i ngnéithe eacnamaíocha an phlean thar na blianta atá amach romhainn.

11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES

**Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe**– Gné ríthábhachtach den SFI seo is ea ceantair inbhuanaithe uirbeacha agus tuaithe a chruthú a bhfuil pobail atá ag déanamh go maith, atá slán, cuimsitheach agus athléimneach ina sainghnéithe iontu. Tagann sé sin go maith le beartais náisiúnta pleanála spáis in Éirinn, chomh maith le Plean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Ina theannta sin, féachtar leis an SFI seo le rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin a chinntiú agus naisc dhearfacha a chothú idir an comhshaol, an geilleagar, agus an pobal, rud atá leabaithe freisin i spriocanna agus cuspóirí uileghabhálacha an PÁEP.

13 CLIMATE ACTION

**Gníomhú ar son na hAeráide** – Tá iarmhairtí an athraithe aeráide agus na géarchéime bithéagsúlachta leanúnaí á mbrath go géar i bpobail ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain. Tá gníomhaíocht éifeachtach aeráide agus tionscnaimh eile atá dírithe ar chaomhnú agus ar chosaint na timpeallachta nádúrtha ríthábhachtach chun tionchair an athraithe aeráide a mhaolú agus chun an comhshaol a chaomhnú do na glúnta atá le teacht. Tá an SFI sin ar aon dul le príomhbheartais náisiúnta agus áitiúla agus tagann sé go mór leis an PÁEP freisin.



# 2.2 Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024

Tógann Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide(PGA) 2024 ar an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide do 2023 trí athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí is gá chun buiséid charbóin agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála a bhaint amach. Is treochlár é an Plean chun gníomh cinntitheach a dhéanamh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann a laghdú faoi leath faoi 2030 agus chun neodracht carbóin a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, mar a gealladh san Acht (Leasú) um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2021. Sa Phlean nua, leagtar amach roinnt riachtanais aeráide don am i láthair agus amach anseo:

- Tá gá le laghduithe tapa agus suntasacha a dhéanamh ar astaíochtaí GCT má táimid chun Spriocanna Chomhaontú Pháras 2015 a bhaint amach.
- Cé go bhfuil na tairbhí a bhaineann le haistriú go geilleagar ísealcharbóin á n-aithint níos mó agus níos mó, ní mór dlús suntasach a chur leis an ngníomhaíocht chun astaíochtaí a laghdú sa tréimhse go dtí 2030.
- Ní mór d'Éirinn gníomhú anois chun todhchaí ísealcharbóin ar fud an gheilleagair a chinntiú dá saoránaigh go léir.

I bhfianaise na riachtanas sin, tá beart á dhéanamh ag Comhairle Contae DLR laistigh dá phleananna reachtúla chun na riachtanais a leagtar amach laistigh de PGA 2024 a bhaint amach. Léirítear i bPlean Forbartha Contae DLR 2022-2028 cur chuige tús áite don aeráid an chontae i leith pleanáil spáis trí Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.




## 2.3 Creat Náisiúnta Pleanála 2018

Is straitéis ardleibhéil é an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) a bhfuil sé mar aidhm leis fás agus forbairt in Éirinn go dtí an bhliain 2040 a mhúnlú. Baineann an CNP leas as ceachtanna a foghlaimíodh ón Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2022 agus cuireann sé creat ar fáil d'fhorbairt inbhuanaithe lonnaíochtaí reatha na hÉireann, mar mhalairt ar chur chuige neamh-chomhordaithe i leith na forbartha. Tá réimse Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (TSN) sa Straitéis freisin lena soláthraítear comhthéacs níos leithne chun díriú ar fhás ar fud na tíre amach anseo.

Tugtar breac-chuntas ar shaintosaíochtaí fáis do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath laistigh den CNP. Is iad inacmhainneacht tithíochta, nascacht trí iompar agus infhaighteacht seirbhísí ardchaighdeáin na príomhthosaíochtaí do Chathair Bhaile Átha Cliath agus don Cheantar Cathrach. Cuirtear béim ar leith ar sholáthar na dtosaíochtaí sin laistigh den limistéar faoi fhoirgnimh laistigh den M50, amhail Crios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní.

## 2.4 Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta Thionól Réigiúnach an Oirthir agus an Láir Tíre 2019-2031

Feidhmíonn an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta (SRSE) do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre mar threoirphlean cuimsitheach chun réigiún bríomhar lena bhfuil bonneagar riachtanach a chruthú chun cuidiú le hinfheistíocht a spreagadh agus deiseanna eacnamaíocha a scaoileadh. Tá sé ar aon dul leis an gCreat Pleanála Náisiúnta (CPN) trí phatrúin forbartha inbhuanaithe a chur in ord tosaíochta agus tá sé mar aidhm leis fás a dhíriú i dtreo ceantair uirbeacha sheanbhunaithe agus moil fáis réigiúnacha.

Tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin suite go straitéiseach i gCathair agus i mBruachbhailte Bhaile Átha Cliath agus sna Limistéir Uirbeacha araon. Sna limistéir sin, dírítear den chuid is mó ar shuíomhanna inlíonta agus athfhorbraíochta a chomhdhlúthú agus a dhianú. Tá roinnt ceantar laistigh den chontae feadh na Conaire Thuaidh-Theas atá aitheanta sa SRSE, amhail Sruthán na Coille-Seanchill agus Seanchonach. Sainaithnítear na limistéir sin mar limistéir le haghaidh forbairt chónaitheach agus eacnamaíoch. Ina theannta sin, tá lonnaíochtaí amhail Dún Laoghaire, Dún Droma agus Coill na Silíní ainmnithe mar mhoil le haghaidh forbairt fiontraíochta agus nuálaíochta sa réigiún. Go háirithe, cuireann ainmniú Choill na Silíní mar Chrios Forbartha Straitéisí (CFS) agus a shuíomh feadh Chonair Líne Ghlas Metrolink/LUAS tábhacht bhreise lena ról mar ionad d'fhorbairt chónaitheach agus eacnamaíoch nua. Tá róil chomhchosúla ag Baile Uí Ógáin agus Cill Tiarnáin-Gleann na Muc mar gheall ar a n-acmhainneacht chun fás na bpobal cónaithe nua agus forbairt ilchineálach a óstáil ar feadh Chonair Líne Ghlas Metrolink/LUAS, chomh maith le tailte ag Seanchonach a bhfuil acmhainn forbartha cónaithe chomhchosúil ag baint leo.

Tá tábhacht mhór miondíola ag an gcontae laistigh den SRSE. Mar atá leagtha amach sa SRSE, sainaithnítear Dún Laoghaire agus Dún Droma mar Leibhéal 2 [Mór-ionaid Bhaile agus Contae (Príomh)-Ionaid Bhaile)], agus Stigh Lorgan, An Charraig Dhubh, Cúirt Choirnéil, An Garrán Cnó agus Coill na Silíní mar Leibhéal 3 [Lárionaid Bhaile agus/nó Cheantair agus Fo-Lárionaid Bhaile. -Lárionaid Bailte Contae (Ionaid Prhíomhseirbhíse)] laistigh den ordlathas miondíola.

## 2.5 Plean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2022-2028

**Soláthraítear le Plean Forbartha Contae DLR (PFC) straitéis uileghabhálach chun pleanáil agus forbairt fhreagrach agus inbhuanaithe an Chontae a threorú ó 2022-2028. Tá an PFC ag teacht go hiomlán leis an gCreat Pleanála Náisiúnta (CPN) agus leis an Straitéis Réigiúnach Spásúla agus Eacnamaíochta (SRSE). Leagtar béim leis ar an inbhuanaitheacht mar a phrionsabal lárnach, agus fócas sonrach ar phobail fhuinniúla, ina bhfuil dálaí maithe maireachtála agus atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chothú.**

I leagan reatha an PFC, tugtar aird ar leith ar an ngníomhú ar son na haeráide agus a ról maidir le todhchaí fhorbairt an Chontae a mhúnlú, difríocht bheag leis an leagan roimhe seo den Phlean. Agus an príomhfhócas á aistriú ón bhfiontraíocht agus ón bhfostaíocht, bíonn tionchar mór ag tionscnaimh a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide ar spriocanna agus ar chuspóirí an PFC reatha, amhail éifeachtúlacht fuinnimh, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, agus dlúthfhás agus nasctha i measc nithe eile. Trí thús áite a thabhairt do chuspóirí a dhírítear ar inbhuanaitheacht agus ar ghníomhú ar son haeráide, tá sé mar aidhm leis an PFC Contae a chruthú a bheidh tarraingteach go sóisialta agus go heacnamaíoch agus a bheidh inmharthana agus bríomhar.



## 2.6 Fís LRP Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin do Ráiteas Folláine Pobail 2022

**Tá sé mar aidhm le Ráiteas ar Fholláine Pobail Fhís LRP DLR treoir a sholáthar dá chomhaltaí maidir le conas folláine pobail a bhaint amach, laistigh de ghrúpaí pobail agus deonacha agus i measc na ndaoine ar a bhfreastalaíonn siad. Tá an ráiteas físe leagtha amach le sé cheannteideal folláine LRP na hÉireann:**

I leagan reatha an PFC, tugtar aird ar leith ar an ngníomhú ar son na haeráide agus a ról maidir le todhchaí fhorbairt an Chontae a mhúnlú, difríocht bheag leis an leagan roimhe seo den Phlean. Agus an príomhfhócas á aistriú ón bhfiontraíocht agus ón bhfostaíocht, bíonn tionchar mór ag tionscnaimh a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide ar spriocanna agus ar chuspóirí an PFC reatha, amhail éifeachtúlacht fuinnimh, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, agus dlúthfhás agus nasctha i measc nithe eile. Trí thús áite a thabhairt do chuspóirí a dhírítear ar inbhuanaitheacht agus ar ghníomhú ar son haeráide, tá sé mar aidhm leis an PFC Contae a chruthú a bheidh tarraingteach go sóisialta agus go heacnamaíoch agus a bheidh inmharthana agus bríomhar.

1. Luachanna, Cultúr agus Brí
2. Comhshaol agus Inbhuanaitheacht
3. Sláinte – Corp agus Meabhrach
4. Obair, Geilleagar agus Acmhainní
5. Forbairt Shóisialta agus Phobail
6. Rannpháirtíocht, Daonlathas agus Dea-Rialachas

I gcroílár ráiteas físe an LRP, cuirtear béim ar ghlacadh le samhail chuimsitheach daonlathais. Is é an bunús atá le húsáid na samhla sin rannpháirtíocht ghníomhach grúpaí agus daoine de gach aois agus cúlra a chinntiú chun folláine pobail a bhaint amach ar fud an Chontae.

# 3. Forléargas ar an gContae

Tá Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLR) suite idir bruachbhailte seachtracha Chathair Bhaile Átha Cliath agus Sléibhte Bhaile Átha Cliath. Clúdaíonn an Contae na toghcheantair seo a leanas: An Charraig Dhubh, Dún Droma, Dún Laoghaire, Gleann Cuilinn-Áth an Ghainimh, Cill Iníon Léinín-Seanchoill agus Stigh Lorgan. Cé go bhfuil formhór dhaonra an Chontae ina dhaonra uirbeach, tá trí thoghroinn shainithe tuaithe ann – Gleann Cuilinn, Tiobraid Árann, agus Seanchill-Ráth Michíl. Tá baile nua, an bonneagar uirbeach is mó sa tír, á thógáil i gCoill na Silíní, agus beidh daonra 25,000 duine ann.

I measc na n-ionad fostaíochta sa Chontae tá Ceantar Gnó na Carraige Duibhe, Dhún Laoghaire, Dhún Droma, Stigh Lorgan, Choill na Silíní agus Áth an Ghainimh, le fostóirí móra lena n-áirítear cuideachtaí idirnáisiúnta TF agus cógaisíochta, chomh maith le tionscail airgeadais agus seirbhíse. Tá saoráidí oideachais den scoth i DLR freisin agus cuireann COBÁC agus IEDT oideachas tríú leibhéal ar fáil sa Chontae do na mílte mac léinn gach bliain.

Sa Chaibidil seo, soláthraítear forléargas achomair ar an gContae bunaithe ar shonraí atá ar fáil a aithníodh ón bPríomh-Oifig Staidrimh, ó Phobal agus ó fhoinsí iontaofa agus ábhartha eile. Leagtar amach thíos na príomh-bhuaicphointí lena gclúdaítear an daonra; tithíocht; fostaíocht, geilleagar & fiontraíocht; folláine pobail; díothacht, bochtaineacht & eisiamh sóisialta; iompar & bonneagar; agus an t-athrú aeráide & fuinneamh.




FÍOR 1: TOGHCHEANTAIR DHÚN-LAOGHAIRE RÁTH AN DÚIN

# 3.1 Daonra

**Tá daonra i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ag dul i méid agus ag éirí níos éagsúla. Tá sé measta go leanfaidh daonra an Chontae ag fás sa mheántéarma.**

- Is contae atá ag fás é DLR. De réir Dhaonáireamh 2022, tá daonra 233,860 i DLR, méadú 15,842 ón 218,018 duine a chónaigh sa Chontae in 2016.

- Ba é an fás daonra i DLR don tréimhse 2016 go 2022 ná 7.3% agus bhí sé sin ag teacht go ginearálta le fás an Stáit ag 8.1%.

- Bhí suíomh an fháis daonra ar fud an Chontae idir 2016 agus 2022 míchothrom ó thaobh spáis de – agus tháinig méadú suntasach ar cheantair áirithe agus tháinig laghdú ar an daonra i gceantair eile. Áiríodh leis na Toghranna ina tháinig fás ar an daonra ceantair nua fáis chónaithe amhail Baile Uí Ógáin agus a Phurláin agus limistéir faoi fhoirgnimh a bhí ann cheana amhail Dún Droma agus Dún Laoghaire. Tháinig laghdú ar dhaonra i dToghranna eile lena n-áirítear, mar shampla, ag Baile an tSaoir, an Baile Breac agus Cuas an Ghainimh (Daonáireamh 2022).

- Bhí fás leanúnach ag teacht ar an daonra i DLR de thart ar 1.2% in aghaidh na bliana trí gach ceann de na trí thréimhse idir-dhaonáirimh dheireanacha (2006-2011, 2011-2016 agus 2016-2022), inar cuimsíodh méadú thart ar 20% ar dhaonra iomlán an Chontae le 16 bliana anuas.

- Thacaigh ardleibhéil imirce isteach le fás daonra i DLR le déanaí (Daonáireamh 2011 agus 2016). Léirítear le sonraí ó Dhaonáireamh 2022 go bhfuil an treocht sin ag leanúint ar aghaidh.

- Léirítear leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus Straitéis Réigiúnach Spásúla agus Eacnamaíochta TROLT fás daonra leanúnach i DLR sa mheántéarma (TROLT SRSE).

- In 2022, bhí 52% de mhná agus 48% d'fhir i ndaonra DLR (Daonáireamh 2022).

- Ag 31% (72,777 duine), bhí comhréir an daonra i DLR comhdhéanta de Leanaí agus de Dhaoine Óga (0 go 24 bliana d'aois) ag teacht go ginearálta leis an Stát. Idir 2016 agus 2022, tháinig méadú 4% in DLR ar an daonra 0-24 bliain d'aois. (Daonáireamh 2022)

- Ag 17% (39,918 duine), tá céatadán níos airde den daonra atá 65 bliana d'aois agus níos sine i DLR i gcomparáid leis an Stát (15%). Bhí an ráta fáis sa daonra 65 bliana d'aois agus níos sine i DLR tríd an tréimhse 2016-2022, áfach, ag 15%, ní b'ísle ná an fás 22% ar an leibhéal náisiúnta. (Daonáireamh 2016).

- Tá cóimheas cleithiúnais aoise [1] de 54% ag DLR (Daonáireamh 2022).

- Meastar go laghdóidh an cóimheas cleithiúnais daoine óga [2] sa Chontae, a bhí ag beagnach 28% in 2022, go dtí cóimheas cleithiúnais daoine óga de thart ar 27% in 2031 agus go dtiocfaidh laghdú suntasach eile air go dtí thart ar 22% in 2040. I gcodarsnacht leis sin meastar go dtiocfaidh méadú leanúnach ar chleithiúnas daoine scothaosta [3] i DLR. In 2022, ba é 26.3% an ráta cleithiúnais daoine scothaosta.

- Tá daonra DLR ag éirí níos éagsúla. Is Éireannaigh iad formhór mhuintir an Chontae (83.4%). I measc náisiúntachtaí eile tá daoine as an mBreatain (1.6%), as an bPolainn (0.9%), náisiúnaigh eile as an Aontas Eorpaigh (4.3%), as an gcuid eile den domhan (6%) (Daonáireamh 2016). Sa dara leath de 2022 i leith, tá cóiríocht á soláthar d'Úcránaigh atá buailte ag coinbhleacht sa Chontae.

- Is taistealaithe iad 0.2% (429 duine) den daonra i DLR. Ar fud an Stáit, tá 0.6% den daonra ina dTaistealaithe (Daonáireamh 2022)

1 - Is é an cóimheas cleithiúnais aoise de dhaonra suim na ndaoine óga (0-14) agus na ndaoine scothaosta (65+) mar chéatadán den daonra in aois oibre (aois 15-64)
2 - Is é an cóimheas cleithiúnais daoine óga líon na ndaoine óga idir 0 -14 bliana d'aois mar chéatadán den daonra in aois oibre.
3 - Is é an cóimheas cleithiúnais daoine scothaosta líon na ndaoine 65 bliain d'aois agus níos sine mar chéatadán den daonra in aois oibre.



“Idir 2016 agus 2022, tháinig méadú 4% in DLR ar an daonra 0-24 bliain d’aois.”

# 3.2 An tAthrú Aeráide agus Fuinneamh

- Ghlac Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin lena Plean Gníomhaíochta Aeráide nua in 2024. Clúdaítear sa Phlean an tréimhse 2024-2029 agus féachtar leis le haghaidh a thabhairt ar na tionchair atá ag an athrú aeráide a chónaitheoirí, ar chuairteoirí, ar ghnólachtaí, ar oibrithe agus ar an gContae trí chéile faoi láthair agus amach anseo. Mar chuid den phlean tá raon gníomhaíochtaí atá eagraithe thart ar sé réimse téamacha: Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Seasmhacht i gcoinne Tuilte, Réitigh Dhúlrabhunaithe, Geilleagar Ciorclach agus Bainistiú Acmhainní agus Rannpháirtíocht an Phobail. Leagtar amach sa reachtaíocht san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, sprioc náisiúnta de laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) faoi 2030, agus ní mór glan-astaíochtaí nialasacha le baint amach tráth nach déanaí ná 2050.

- Comhlíonann an Chomhairle ról eiseamláireach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear trína cleachtais bhainistíochta fuinnimh.

- Tá 17km de chósta ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin - ba é 6-7mm in aghaidh na bliana an meán-ardú taifeadta ar leibhéal na farraige i gCuan Bhaile Átha Cliath don tréimhse idir 2000 agus 2016 (Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2019-2024).

- Tá baol tuilte suntasach os comhair an Chontae, go háirithe feadh a chósta i gcás ina bhfuil sé i mbaol tuilte taoide. Intíre, tá baol tuilte abhann le sárú aici feadh na Dothra agus a craobh-aibhneacha iomadúla (Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2019-2024).

- B'ionann iomlán na n-astaíochtaí do limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus 1,139,570 tona coibhéis CO2 in 2016 (Codema, 2016).

- Ba iad an earnáil chónaithe, an earnáil iompair agus an earnáil tráchtála na hearnálacha inar táirgeadh an méid is mó astaíochtaí, bhí 43.5%, 33.1% agus 18.5% astaíochtaí san iomlán faoi sceach (Plean Gníomhaíochta ar son an Athraithe Aeráide Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2019-2024).

- Táirgeann cónaitheoirí an Chontae 132 thona dramhaíl tí in aghaidh an duine in aghaidh na bliana, tá sé seo i bhfad níos ísle ná an meán náisiúnta de 152 thona (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2020).

- Athchúrsálann cónaitheoirí DLR níos mó in aghaidh an duine ná an meán, agus 63 thona de dhramhaíl araide glas in aghaidh an duine in aghaidh na bliana á tháirgeadh, i gcomparáid le meán an stáit de 56 thona (GCC, 2020 ó Mhonatóir E & C).

- Bhí 83% den soilsiú poiblí sa Chontae LED faoi dheireadh 2022 (Tuairisc Bhliantúil ar Dhul Chun Chinn 2022 le haghaidh Plean Gníomhaíochta ar son an Athraithe Aeráide Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2019-2024.)

- Tá an Chomhairle tar éis clárú do Dhearbhú na gCathracha Ciorclacha Eorpacha, an chéad údarás áitiúil in Éirinn chun amhlaidh a dhéanamh. Is tiomantas é seo ó chathracha agus réigiúin ar fud na hEorpa chun iarrachtaí a chur chun cinn chun aistriú ó gheilleagar líneach go geilleagar ciorclach.

- Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tar éis Dún Laoghaire agus an Charraig Dhubh a roghnú mar Chrios Dícharbónaithe (CD) nua. Is beart an údaráis áitiúil den Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 é forbairt CD. Tá an crios seo le bheith ina fhócas do réimse bearta gníomhaithe ar son na haeráide (amhail aithint tionscnamh agus torthaí) a rannchuideoidh le spriocanna aeráide náisiúnta a bhaint amach.

- Tá 27 bPobal Fuinnimh Inmharthana (PFI) in DLR faoi láthair. Bíonn na pobail seo rannpháirteach i gclár Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (UFIÉ) chun éirí níos tíosaí ar fhuinneamh, leas a bhaint as fuinneamh in-athnuaite agus réitigh fuinnimh cliste a chur san áireamh. Is é CODEMA, Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath comhordaitheoir réigiúnach do Réigiún Bhaile Átha Cliath agus an Lár-Oirthir.

- Tá Rannóg na nGnólachtaí Glasa agus an Oifig Fiontair Áitiúil i dteagmháil le gnólachtaí ar fud an Chontae i gcláir amhail EcoMerit, MODOS agus Green for Business.



# “Tá an Chomhairle tar éis clárú do Dhearbhú na gCathracha Ciorclacha Eorpacha”

# 3.3 Líonta Tí, Teaghlaigh & Tithíocht

**Tá an ráta is airde úinéireacht tí ag Dún Laoghaire- Rath an Dúin i mBaile Átha Cliath agus tá ardú suntasach tagtha ar thógáil tithe, go háirithe i soláthar árasán. Beidh an líon is mó críochnuithe cónaithe i 2022 a ndearnadh taifeadadh air le breis agus deich mbliana.**

- Tá stoc tithíochta 93, 257 teach ag DLR. Idir 2016 agus 2022 tháinig méadú ar an stoc tithíochta in DLR thart ar 7,000 teach, nó, meán de thart ar 1,200 in aghaidh na bliana. Bhí méadú 8.4% i gceist leis seo i stoc tithíochta iomlán an Chontae, a bhí i bhfad níos airde ná an figiúr comparáideach don Stát a bhí ag 6% (Daonáireamh, 2022).

- Tá 85,110 teach in DLR. Sa bhliain 2022, ba é an meán do líon tí in DLR 2.71, agus bhí sé seo mar an gcéanna go forleathan leis an Stát ag 2.74 (Daonáireamh 2022).

- Sa bhliain 2022, an líon is mó teaghlaigh a bhí in DLR ná lánúineacha pósta a bhfuil páistí acu (26, 259 teaghlach).

- In DLR, tháinig méadú 6% ar líon na dteaghlach go 59, 431.

- Bhí 39,186 aonad teaghlaigh a raibh clann acu in DLR sa bhliain 2022, ardú 4.6% ó 2016. Ba é 1.24 an meán clainne in aghaidh an teaghlaigh, tá sé seo níos ísle ná an meán náisiúnta de 1.34 (Daonáireamh 2022).

- As na teaghlaigh sin a raibh clann orthu, ba lánúineacha pósta iad 72% acu agus bhí 6% ina lánúineacha a bhí ag comhchónaí (Daonáireamh 2022).

- As na 8,476 teaghlach ina raibh faoi cheannas thuismitheoir aonair, bhí 85% faoi cheannas mná (Daonáireamh 2022).

- Sa bhliain 2022, rangaíodh 14.5% de theaghlaigh in DLR mar 'Éirithe as,' bhí sé seo os cionn figiúr an Stáit de 12% (Daonáireamh 2022).

- Bhí 567 lánúineacha comhghnéis in DLR i gcomparáid le 363 sa bhliain 2016. Léiríodh méadú 56% leis seo. Ar bhonn náisiúnta, bhí ardú 72% ó 2016 (Daonáireamh 2016, 2022).

- Tá 3,652 teaghlach ar an Liosta Feithimh do Thithíocht Shóisialta don Chontae ó mhí na Nollag 2023 (Roinn Tithíochta, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin).

- Sa bhliain 2022, bhí 68% de thithe in DLR úinéir-áitithe. Tá sé seo i gcomparáid le 69% i 2016. Bhí rátaí úinéireacht tí in DLR níos airde arís ná rátaí an Stáit (66%). Sa bhliain 2022, bhí 29% de theaghlaigh in DLR úinéir-áitithe agus bhí morgáiste ann, agus bhí 39% a bhí úinéir-áitithe gan morgáiste ann (Daonáireamh 2016, 2022).

- Sa bhliain 2022 bhí 28% i dtithíocht ar cíos i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin (Daonáireamh 2022).

- Sa bhliain 2022, bhí 21% teaghlach ag fáil tithíocht ar cíos ó thiarna talún príobháideach, ardú ó 20% sa bhliain 2016 (Daonáireamh 2016, 2022).

- I nDún Laoghaire- Ráth an Dúin, bhí 13% dóibh siúd a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine (23, 259 duine) ina gcónaí lena dtuismitheoirí. Tá sé seo comhchosúil le meán an Stáit agus bhí ardú 2% ann ó 2016 (Daonáireamh 2022).

- Tá ardú suntasach tar éis teacht ar thógáil tithe in DLR agus treocht atá ag dul i méid i dtreo sholáthar árasán. Bhí 2,709 críochnuithe cónaithe in DLR sa bhliain 2022, ardú ar an bhfigiúr 1,367 críochnuithe cónaithe in DLR sa bhliain 2021 (CSO). Tá críochnuithe ag dul i méid fós i 2023, cuireadh breis agus 2,325 teach nua i gcrích sa chéad trí ráithe den bhliain (CSO).

- Titeann an t-ardú suntasach leis na críochnuithe isteach go líon na dtógálacha atá ag titim, é sin ráite is cúis iad na críochnuithe agus an tógáil foriomlán le soláthar tithíochta láidre don chéad 2-3 bliana eile.

- Tá 85 teaghlach san iomlán ina gcónaí i gcóiríocht a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil (An Plean Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024).





# 3.4 Fostaíocht, Geilleagar, agus Fiontar

**Léirítear le próifíl socheacnamaíoch an Chontae fórsa saothair cónaithe atá oilte agus a bhfuil ardscileanna aige. Téann breis agus 90% de dhaltaí ardteistiméireachta ar aghaidh go oideachas tríú leibhéal agus tá an ráta dífhostaíochta is ísle sa tíre ag an gContae. Tá ráta rannpháirtíochta an lucht saothair íseal ag an gContae áfach, rud a léiríonn sciar níos airde de daoine atá éirithe as agus de mhic léinn atá in gcónaí sa Chontae.**

- Léirítear le sonraí ó Dhaonáireamh 2022 go raibh thart ar 106,548 duine ina gcónaí in DLR a bhí ag obair, ardú 11% ó 95, 925 ó 2016 (Daonáireamh 2022).
- Léirítear le sonraí ó Dhaonáireamh 2022 de 59% go bhfuil ráta rannpháirtíochta an lucht saothair in DLR íseal go leor. Léiríonn seo sciar na ndaoine atá sna cohórt d'aois éirí as agus an daonra mór de mhic léinn sa chontae (Daonáireamh 2022).
- Bhí an comhráta dífhostaíochta is ísle de 6% ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin go náisiúnta, agus an comhráta dífhostaíochta fadtéarmach is ísle de 3%. Tá an treocht seo ag leanúint ó Dhaonáireamh 2011 maidir le rátaí dífhostaíochta atá ag titim sa Chontae (Daonáireamh 2011, 2016, 2022).
- Chríochnaigh breis agus 7,700 duine i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ag leibhéal na bunscoile nó ní raibh oideachas foirmiúil orthu (5%), ísliú ó os cionn 9,100 sa bhliain 2016 (Daonáireamh 2022),
- Ba í 22.5 bliana an mheánaois ina gcríochnaíonn daoine a n-oideachas lánaimseartha i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, ardú ó 21.7 bliana sa bhliain 2016. Ar bhonn náisiúnta, tháinig méadú ar an mheánaois ó 19.9 mbliana go 20.8 bliana (Daonáireamh 2016, 2022).
- Chuir 65% den daonra in DLR atá 15 bliana d'aois nó níos sine oideachas tríú leibhéal de shaghas éigin i gcrích (Daonáireamh 2022).
- Chuaigh 91.6% de dhaltaí ardteistiméireachta ar aghaidh go staidéir tríú leibhéal de réir Daonáirimh 2016. Tá sé seo i bhfad níos airde ná na húdaráis áitiúla eile i mBaile Átha Cliath (Daonáireamh 2016, an ceann is déanaí ar fáil).
- Tá go leor institiúid tríú leibhéal agus breisoideachais in DLR, lena n-áirítear An Coláiste Ollscoile, BÁC ina bhfuil c. 30,000 mac léinn, IEDT ina bhfuil c. 2,500 mac léinn, Scoil Ghnó Smurfit, Institiúidí Bhreisoideachais agus Foras Bainistíochta na hÉireann.



- Bhí sciar cónaitheoirí i bhfad níos airde de 34% fostaithe i Slí Bheatha Ghairmiúil i gcomparáid le 20% ar fud an Stáit. Tá sciar níos ísle de ghairmeacha a bhaineann le Cúram, Fóillíocht nó Seirbhísí eile ag 5%, i gcomparáid leis an bhfigiúr náisiúnta de 7% (Daonáireamh 2022). Tá sciar níos airde cónaitheoirí i gcónaí ag DLR a rangaítear mar Fhostóirí agus Bainisteoirí (20% sa bhliain 2022).

- Is éard atá i gceist le comhdhéanamh gairmeach an Chontae ná líon suntasach cónaitheoirí fostaithe in earnáil an gheilleagair eolasbhunaithe agus earnáil an fháis ardluach. Sa bhliain 2016, bhí 11,232 cónaitheoir fostaithe i nGníomhaíochtaí Gairmeacha, Eolaíocha agus Teicniúla, agus 10,934 cónaitheoir fostaithe i nGníomhaíochtaí Airgeadais agus Árachais. Ba iad an earnáil Faisnéise agus Cumarsáide na hearnálacha fáis is mó idir 2011 agus 2016, ina raibh 2,108 cónaitheoir DLR ag obair sa ghairme seo, agus Gníomhaíochtaí Gairmeacha, Eolaíocha agus Teicniúla ina dhiaidh sin, inar tháinig méadú de 1,785 oibrí. (Daonáireamh 2016).

- D'oibrigh 57% d'oibrithe sa bhaile ar a laghad cuid den am. Ba é seo an ráta is airde sa Stát, agus go suntasach os cionn an mheáin de 32% (Daonáireamh 2022).

- Faoi dheireadh 2022, bhí 333 gnólacht ag DLR arna tacú ag Fiontraíocht Éireann. Feidhmíonn formhór na gcomhlachtaí seo (70% de líon na bhfostaithe san iomlán) sna Teicneolaíochtaí Digiteacha, Seirbhísí Theicneolaíocht an Airgeadais/ Airgeadais & Gnó agus Earnáil Ardteicneolaíocht Foirgníochta & Tithíochta. Leis na cuideachtaí seo arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann, soláthraítear 15,501 post.

- Tá 63 chliant chuideachtaí GFI lonnaithe sa chontae, a fheidhmíonn go príomha sna hearnálacha seirbhísí airgeadais, bogearraí, TFC agus feiste leighis. Léirítear leis na cuideachtaí seo infheistíocht dhíreach choigríche suntasach in DLR.

- Tá earnáil fiontar sóisialta ag DLR atá ag teacht chun cinn, agus tá obair ar siúl faoi láthair ar fhorbairt Straitéis Fiontar Sóisialta don Chontae.

- Chuir Cuan Dhún Laoghaire fáilte roimh bhreis agus 90 long chrúsála sa bhliain 2023.

- Tá teacht ag 78,207 teaghlach ar an idirlíon agus níl teacht ag 3,150 (titim breis agus 50% i gcomparáid le 2016) ar an idirlíon (Daonáireamh 2016, 2022).



# 3.5 Folláine Phobail

**Tá sé mar aidhm ag an gContae leis an gcomhshaol tacúil agus réimse saoráidí, cláir agus tionscnaimh ionchuimsitheacha atá aige, tacaíocht a spreagadh maidir le torthaí folláine dearfacha do chách inár bpobail.**

Tá sé mar aidhm ag na seirbhísí seo a leanas tacú le forbairt phobail agus cáilíocht saoil agus folláine a spreagadh do chách; na hEalaíona, an Leabharlann, Forbairt Phobail agus Ionchuimsitheacht Sóisialta; Páirceanna, Bithéagsúlacht, Oidhreacht, Forbairt Spóirt agus Comhpháirtíocht agus Cathracha Gníomhacha Baile Átha Cliath.

Tá an Clár Bainistíochta Eastáit ag obair i gcomhar le 12 cheantar chun gníomhartha a chur chun cinn chun an comhshaol áitiúil a fheabhsú.

Bunaíodh an Clár um Oideasú Sóisialta ar mhaithe le Sláinte & Folláine sa bhliain 2019. Le clár um oideasú sóisialta nasctar daoine le chéile le gníomhaíochtaí agus seirbhísí sa phobal áitiúil chun tacú le folláine agus nascadh sóisialta. Sa chlár, glactar le hatreoraithe ó ghairmithe Sláinte rannpháirteacha (lena n-áirítear DGanna, Cúram Príomhúil agus ospidéil áitiúla) mar aon le féin-atreoraithe.

Tá ceann de na rátaí is airde rannpháirtíochta ag DLR i spórt agus gníomhaíocht coirp thar aon údarás áitiúil eile in Éirinn (Monatóir Spóirt na hÉireann, 2017).

Tá seans níos lú go mbeidh grúpaí níos sine rannpháirteach i spórt agus aclaíocht, agus 38% díbh siúd 65 bliana nó níos sine ag léiriú go bhfuil rannpháirtíocht dhaoine níos sine i ngníomhaíocht coirp ag teastáil níos mó. I gcomparáid leis seo tá 73% díbh siúd idir 16 agus 24 (foinse chéanna thuasluaite)




- Tuairiscíonn 88% den daonra go bhfuil a sláinte “go maith” nó “go hiontach” (Daonáireamh 2022).

- Tá 191 páirc imeartha ag DLR, lena n-áirítear páirceanna sacair, CLG, rugbaí agus cruicéid.

- Tá 63 páirc ag an gContae, lena n-áirítear 13 phríomhpháirceanna. Meastar go bhfuil 80% de theaghlaigh in DLR 600 méadar taobh istigh de pháirc (Straitéis Aoisbhá & Plean Contae Sláintiúil 2019-2022).

- Tá míchumas ar 49,999 (21%) duine in DLR. Tá sé seo ábhairín níos lú ná an meán de 22% ar bhonn náisiúnta (Daonáireamh 2022).

- Soláthraíonn 13,610 cúramóirí cabhair rialta in DLR (Daonáireamh 2022).

- Faoi dheireadh mhí na Nollag 2023, bhí 600 eagraíocht baill ag Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPN) DLR, ardú 61 ó 2022. Áirítear leis seo 472 grúpa Pobal & Deonach, 110 grúpa Ionchuimsitheacht Sóisialta agus 18 grúpa Comhshaol.

- Chuir LRP DLR Fís dlr do Ráiteas maidir le Folláine an Phobail i gcrích sa bhliain 2022 tar éis comhairliúchán cuimsitheach a dhéanamh.

# 3.6 Díothacht, Bochtaineacht agus Eisiamh Sóisialta

**Is Contae é DLR ina bhfuil contrárthachtaí ann, tá ceantair rachmais agus míbhuntáiste.**

Sa bhliain 2019, rinne Dún Laoghaire-Ráth an Dúin an t-ioncam teaghlaigh airmheánach is airde sa Stát a thaifeadadh ag €71,206, níos mó ná dhá uaire an méid is lú (rinne Dún na nGall taifead d'ioncam teaghlaigh airmheán de €34,655). Bhí an t-ioncam teaghlaigh airmheánach in DLR 12.5% níos airde ná Fine Gall, áit a raibh an dara leibhéal is airde sa Stát. Tugtar faoi deara nach bhfuil ioncam teaghlaigh in DLR leithdháilte go cothrom ar fud an Chontae, áfach. Sa bhliain 2016, rinne 11 Thoghroinn ollioncam teaghlaigh airmheánach níos lú ná €50,000 a thaifeadadh, agus rinne 7 dToghroinn ollioncam teaghlaigh airmheánach níos mó ná €85,000 (CSO).

Tá ceantair ard-dhíothachta shocheacnamaíoch in DLR. Rangaítear tríocha a trí de na 760 Limistéar Bheaga [4] in DLR mar cheantair faoi mhíbhuntáiste nó faoi mhíbhuntáiste go mór. Tá 10,289 duine i gceist leis seo, nó 4.7% den daonra iomlán. Sna ceantair seo, is é 21.4% an leibhéal dífhostaíochta. Tá oideachas go dtí leibhéal na bunscoile amháin ag fiche a hocht faoin gcéad den daonra atá 15+ bliana d'aois, tá 44.3% ina gcónaí i dtithíocht shóisialta agus is é 42.4% an cóimheas tuismitheora aonair. (Innéacs Pobail).

Tá sláinte níos measa ag daoine den Lucht Siúil ná mar atá ag an chuid eile den daonra (Staidéar Sláinte Taistealaithe Uile-Éireann, 2010) agus bíonn baic rompu maidir le rochtain ar oideachas, oiliúint, fostaíocht agus seirbhísí sláinte. Sa bhliain 2022, bhí 429 duine den Lucht Siúil ina gcónaí in DLR.

In DLR, tá an costas seachtainiúil chúram leanaí lánaimseartha is airde sa tír ag €244 in aghaidh na seachtaine. Tá éagsúlachtaí suntasacha taobh istigh den Chontae, áfach, ba é €324.35 an táille lánaimseartha is airde, agus ba é €134 an táille is ísle (Tuarascáil Bhliantúil de chuid Pobal maidir le Próifíl Earnáil na Luathbhlianta 2020/2021).

Tá sciar sheirbhísí cúramaí leanaí íseal go leor ag DLR ag 13%, agus is oibritheoirí príobháideacha 87% díbh sin (Tuarascáil Bhliantúil de chuid Pobal maidir le Próifíl Earnáil na Luathbhlianta 2020/2021).

Ón mbliain 2015, rinne an clár um chuimsiú sóisialta CCSGP tacaíocht a sholáthar chun pobail níos láidre a thógáil i bpobail faoi mhíbhuntáiste agus chun tacaíocht a sholáthar do dhaoine aonair faoi mhíbhuntáiste. Tá rannchuidiú leanúnach á dhéanamh ag clár CCSGP d'fhreagraí an phobail áitiúil maidir le daoine ag teacht isteach sa Chontae ón Úcráin ó mhí an Mhárta 2022. Tá dhá aidhm mar chuid de struchtúr an chláir CCSGP 2024-2028:

**Aidhm 1:** Cuir le Pobail Inbhuanaithe, Chuimsitheacha agus Chumhachtaithe: Grúpaí daoine aonair, grúpaí pobail áitiúla, líonraí agus fiontair shóisialta a chumasú chun dul i ngleic le riachtanais pobail chomhchoiteanna.

**Aidhm 2:** Daoine faoi Mhíbhuntáiste a chumasú chun Cáilíocht a Saol a Fheabhsú: Tacaíocht a thabhairt do dhaoine, do pháistí agus do theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste chun a n-oideachas foirmiúil a chur chun cinn agus a bheith rannpháirteach i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, chun dul ar aghaidh isteach san fhostaíocht/ féinfhostaíocht, agus a gcuid scileanna boga agus folláine a fheabhsú.

Bhí an Fhéile Ionchuimsitheachta ar siúl sa bhliain 2023 bhí muintearas a chur chun cinn mar théama foriomlán san fhéile, agus d'eagraigh an Chomhairle 60 imeacht ar fud an Chontae ina raibh in éineacht le réimse leathan grúpaí pobail/ deonacha.

4- Is foroinn iad na limistéir bheaga den aonad riaracháin toghroinne. Clúdaítear 65-90 teaghlach sa Limistéir Bheaga Daonáirimh (CSA). (Daonáireamh 2016)



# 3.7 Iompar agus Bonneagar

**Is Contae dea-nasctha é DLR, a bhfuil líonra leitheadach de bhealaí taistil ghníomhach agus iompair phoiblí.**

- Tá líonra bonneagair thaistil ghníomhach atá ag fás ag DLR.

- Tá neart iompar poiblí ar fáil in DLR leis an DART agus Luas, mar aon le go leor bealaí bus ina soláthraítear nasc do lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá líonra maith naisc iompar bóthair ann freisin, lena n-áirítear an M50, M11 agus N11.

- I nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, thiomáin leath den 86,000 comaitéir laethúla go dtí an obair i gcarr. Bhain breis agus 13,000 úsáid as traein/ DART/ Luas agus chuaigh 7,900 ar an mbus. Ba iad na comaitéirí is dóchúla úsáid a bhaint as an traein, ag 15%. I dtéarmaí thaistil gníomhach, shiúl beagnach 6,900 duine chun na hoibre agus chuaigh díreach faoi 6,400 daoine ar rothar (Daonáireamh 2022).

- Ba é 9km an fad meánach a thaistil cónaitheoirí DLR chun na hoibre. Ar bhonn náisiúnta, ba é 16.8km an turas meánach, agus bhí an turas is ísle i réigiún Bhaile Átha Cliath ag Cathair Bhaile Átha Cliath, áit ar thaistil cónaitheoirí meán de 6km (Daonáireamh 2022).

- Tháinig ardú ar an am turais chun na hoibre ó 30.6 nóiméad sa bhliain 2016 go 30.8 nóiméad i 2022 (Daonáireamh 2016, 2022).

- As beagnach 23,600 páiste ag aois na bunscoile (5 go 12 bliana d'aois) a bhí ag taisteal ar scoil in DLR, chuaigh 11,200 ann i gcarr. Ba é an siúl an dara modh taistil is coitianta ag breis agus 8,500 páiste. Chuaigh níos mó ná 1,600 páiste ar rothar, agus bhain 800 páiste úsáid as an mbus. Chuaigh beagáinín níos lú ná 400 ar traein, DART nó Luas. Bhí beagáinín thar 15,900 páiste (13 go 18 mbliana d'aois) ag taisteal chun na meánscoile, lena n-áirítear beagnach 5,500 a thaistil i gcarr. Chuaigh beagnach 2,800 ar an mbus, agus beagáinín níos mó ná 2,300 ar thraein, DART nó Luas. Chuaigh níos mó ná 1,500 ar rothar, agus shiúil beagáinín níos mó ná 3,000 (Daonáireamh 2022).

- Bhí beagnach 12,800 mac léinn tríú leibhéal a raibh comaitéireacht á dhéanamh acu ó Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, lena n-áirítear beagnach 3,600 a bhí ag taisteal ar an mbus. Shiúil beagáinín níos mó ná 2,600. Thaistil níos mó ná 2,500 mac léinn ar thraein, DART nó Luas, agus thiomáin beagnach 1,900 mac léinn. Bhí beagnach 1,200 mac léinn a chuaigh ar rothar (Daonáireamh 2022).








**“I nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, thiomáin leath de na 86,000 comaitéir laethúla chun na hoibre i gcarr. Bhain breis agus 13,000 úsáid as traein/ DART/ Luas agus chuaigh 7,900 ar an mbus.**

# 4. Comhairliúchán

Maidir le hullmhú an PÁEP nua, bhí comhairliúchán cuimsitheach le réimse leathan páirtithe leasmhara ó ar fud an Chontae i gceist. Mar chuid den chomhairliúchán, bhí teagmháil le grúpaí pobail agus deonacha, LRP DLR, ionadaithe gnólachta áitiúla, comhaltaí agus oifigigh tofa, soláthróirí oideachais agus oiliúna agus an pobal. Bhí sé mar aidhm ag an gcomhairliúchán rannpháirtíocht ionchuimsitheach a spreagadh i bhforbairt an Chontae agus deis a chur ar fáil do pháirtithe a raibh suim acu a dtuairimí a roinnt. Agus amhlaidh á dhéanamh, bhí sé mar aidhm ag an bpróiseas comhairliúcháin riachtanais agus bearnaí a aithint ar ghá dul i ngleic leo mar aon le smaointí agus gníomhartha sonracha maidir le ionchuimsitheacht féideartha san PÁEP nua.

Baineadh úsáid as torthaí ón bpróiseas comhairliúcháin chun athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna ardleibhéil agus chuir siad le forbairt na gcuspóirí, na dtorthaí agus na ngníomhartha a leagtar amach i gCaibidil 6 agus 7 thíos. Dá bhrí sin, bhí ról tábhachtach ag an bpróiseas comhairliúcháin i bhforbairt an phlean agus beidh teagmháil leanúnach le príomhpháirtithe leasmhara ríthábhachtach chun cur i bhfeidhm ráithiúil a chinntiú sna blianta amach anseo. Sa chaibidil seo, sonraítear an cur chuige agus gnéithe éagsúla den phróiseas comhairliúcháin mar aon le forléargas ar chuid de na príomhthorthaí atá eagraithe de réir téama.




Community
Development
dlr

# 4.1 Forléargas ar an gCur Chuige Comhairliúcháin

Contae nasctha, ina bhfuil iompar inbhuanaithe a nascann ár bpobail agus ár gcuideachtaí.

21%

Contae níos glaise, áit a ndéantar ár n-áilleacht nádúrtha agus ár n-oidhreacht cultúrtha a chaomhnú.

16%

Contae Ionchuimsitheach ina gcuirtear fáilte roimh óg agus aosta ó chian agus ó chóngar.

36%

Contae Ráithiúil, áit a dteastaíonn ó dhaoine a bheith ina chónaí, a bheith ag obair agus cuairt a thabhairt uirthi.

27%

FÍOR 2: SUIRBHÉ POBAIL - FÍS DO DLR

Clúdaíodh an próiseas comhairliúcháin foirmiúil ó Aibreán go Iúil 2023. Bhí go leor gnéithe a bhain leis an bpróiseas lena n- áirítear suirbhéanna ar líne, agallaimh le páirtithe leasmhara, ceardlanna agus aighneachtaí scríofa. Rinneadh an comhairliúchán a chur chun cinn ar shuíomh gréasáin agus meáin shóisialta na Comhairle, agus cuireadh timpeall go líonraí páirtithe leasmhara é chun suim, rannpháirtíocht agus freastal a spreagadh.

Cuireadh comhairliúchán breise i gcrích freisin le linn fhorbairt na gcuspóirí, na dtorthaí agus na ngníomhartha chun ailíniú ceannach isteach a chinntiú ó pháirtithe leasmhara a bheadh freagrach as soláthar ghníomhartha áirithe. Leagtar amach thíos achoimre maidir leis an gcur chuige comhairliúcháin:

Suirbhéanna ar Líne - Bhí suirbhéanna ar líne ar fáil le cur i gcrích le linn an chomhairliúcháin; ceann amháin don phobal agus ceann eile do chuideachtaí. Fuarthas 174 freagra san iomlán ó na suirbhéanna, bhí 114 freagra ón suirbhé pobail agus bhí 60 freagra ón suirbhé cuideachta. Sna suirbhéanna, lorgaíodh tuairimí ón bpobal agus an earnáil phríobháideach maidir le réimse leathan ábhar lena n-áirítear athrú aeráide, an timpeallacht ghnó, agus riachtanais an phobail mar aon le príomhláidreachtaí agus baic an Chontae. Cuireadh cóipeanna crua de na suirbhéanna a d'fhéadfaí a chur sa phost chuig an gComhairle ar fáil ach iad a iarradh freisin.

Ceardlanna - cuireadh 8 gceardlann i gcrích idir Aibreán - Bealtaine 2023. I measc na gceardlann, bhí 2 cheardlann phobail, ceardlann ghnó, ceardlann ionchuimsitheachta shóisialta PPN, ceardlann le haghaidh ionadaithe tofa, ceardlann le haghaidh príomhchoistí (CFPA, CBS, GSC) agus 2 cheardlann le baill foirne na Comhairle. Bhí na ceardlanna bunaithe ar smaointí agus riachtanais a spreagadh a bhain leis na spriocanna ardleibhéil dréachta ag an am.

Agallaimh le Páirtithe Leasmhara - cuireadh 10 n-agallamh le páirtithe leasmhara i gcrích le linn Aibreán - Iúil 2023. Rinneadh agallaimh le hionadaithe ón earnáil phoiblí agus phríobháideach a raibh eolas cuimsitheach acu maidir le Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus léargais shonracha maidir le riachtanais agus saincheisteanna a bhféadadh an PÁEP dul i ngleic leo.

Ráiteas Socheacnamaíoch agus Aighneachtaí Scríofa - Foilsíodh an Ráiteas Socheacnamaíoch, inar áiríodh forléargas ar an gContae (anailís shocheacnamaíoch) agus spriocanna ardleibhéil, ar shuíomh gréasáin na Comhairle chun plé agus rannpháirtíocht a spreagadh sa chomhairliúchán. Glacadh le haighneachtaí scríofa le linn Aibreán agus Bealtaine 2023, fuarthas 11 aighneacht ó réimse eagraíochtaí agus daoine lena n-áirítear grúpaí pobail, an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí.

# 4.2 Téamaí ón gComhairliúchán

## GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE




FÍOR 3: SUIRBHÉ POBAIL - TIONSCNAIMH GHLASA DO DLR



Bhí Gníomhú ar son na hAeráide ina phríomhábhar plé i measc pháirtithe leasmhara thar gach snáithe chomhairliúcháin. Measadh go raibh tábhacht ag baint le níos mó forbartha agus ardú feasachta maidir le tionscadail gníomhaithe ar son na haeráide pobalbhunaithe chun rannpháirtíocht pobail a chur chun cinn. I measc na smaointí bhí leathadh amach scéimeanna fillte agus athchúrsála in ollmhargaí agus forbairt chlár pobail gníomhaithe ar son na haeráide chun eolas agus oiliúint a sholáthar.

Tugadh Inbhuanaitheacht a chur chun cinn san earnáil phríobháideach faoi deara mar réimse ar chóir dul i ngleic léi. Tarraingíodh aird ar an slí go bhféadfaidh níos mó tacaíochta a bheith ag teastáil do chuideachtaí beaga maidir leis seo agus gur cheart tairbhí "a bheith glas" a chur chun cinn níos mó. Comhchosúil leis seo, rinneadh pointe arís is arís eile le linn an chomhairliúcháin maidir leis an riachtanas a bheith ann infhaighteacht agus eolas maidir le deontais atá ann cheana féin lenar féidir cuidiú a thabhairt do chuideachtaí éirí níos inbhuanaithe.

Maidir le fuinneamh inathnuaite, tarraingíodh aird ar na tairbhí féideartha geilleagracha, comhshaoil agus pobail maidir le forbairt fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta ag Banc na Cise. Tógadh faoi deara go bhféadfadh an fhorbairt ag Banc na Cise tacú le cruthú líon suntasach poist agus rannchuidiú le laghdú in astaíochtaí tríd an fuinneamh a ghinfeadh na feirmeacha gaoithe. Cé gur shaincheist ar bhonn náisiúnta níos mó atá i gceist leis seo, tarraingíodh aird ar fhuinneamh gréine agus nach bhfuil aon deontais ar fáil do chuideachtaí faoi láthair chun grianphainéil a shuiteáil. Measadh gur cheart úsáid fhuinnimh in-athnuaite a ardú ar fud an phobail agus ar fud na hearnála príobháidí i gcoiteann.

Measadh go raibh tábhacht ag baint le éifeachtúlacht fuinnimh stoc foirgníochta an Chontae a fheabhsú, agus measadh go raibh tábhacht suntasach ag baint le deiseanna a bheith ann chun stoc foirgníochta an chontae a iarfheistiú ionas go ndéanfaí an Contae níos inbhuanaithe. Measadh go mbeadh na deiseanna seo ina chúis fostaíochta agus go raibh sé tábhachtach a chinntiú go raibh na scileanna riachtanacha agus an bonn tallainne i bhfeidhm chun an t-éileamh a bhaint amach.



# IOMPAR AGUS INROCHTAINEACHT

— Bhí soghluaisteacht a chur chun cinn ar fud an Chontae, go háirithe ó oirthear go iarthar mar théama a tháinig aníos arís agus arís eile le linn an chomhairliúcháin. Cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann le tacú le agus spreagadh modhanna taistil níos inbhuanaithe, lena n-áirítear bonneagar iompair phoiblí, rothaíochta agus siúil. Tugadh faoi deara leis seo freisin, ní hamháin go gcuirfeadh sé le soghluaisteacht sa Chontae ach tá an cumas ann go laghdófaí astaíochtaí agus go gcuirfeadh sé le pobal sláintiúil.

— Tháinig an riachtanas chun solais freisin maidir le cinntiú go bhfuil taisteal agus iompar sa Chontae inrochtana do chách, lena n-áirítear dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu nó a bhfuil míchumas orthu. Anuas air sin, cuireadh béim ar thabhairt isteach níos mó chonairí rothaíochta agus bonneagar siúil, cé go bhfáiltítear rompu seo, níor chóir go mbeadh tionchar acu ar inrochtaineacht na ndaoine a bhfuil deacrachtaí soghluaiseachta acu nó a bhfuil míchumas orthu.

— Breathnaíodh ar iompar mar uirlis chumasaithe chun rochtain níos fearr a fháil ar sheirbhíse ar fud an Chontae. Léirítear leis na torthaí comhairliúcháin an tábhacht a bhaineann le ról iompair chun cónaitheoirí a nascadh go seirbhísí ríthábhachtacha amhail cúram sláinte, oideachas agus deiseanna fostaíochta.



# FORBAIRT PHOBAIL AGUS FOLLÁINE

Measadh go raibh sé thar a bheith tábhachtach go gcinntítear go bhfuil tacaíochtaí agus seirbhísí i bhfeidhm agus inrochtana dóibh siúd a bhfuil siad ag teastáil uatha, lena n-áirítear iad siúd ó chúlraí imeallacha agus leochaileacha. Bhí sé seo tábhachtach go hairithe i bhfianaise an daonra atá ag fás agus ardú na dteifeach ag eascairt as ionradh na Rúise ar an Úcráin.  Comhchosúil leis seo, mothaíodh go bhféadfadh comhordú agus comhoibriú níos fearr a bheith ann idir na páirtithe leasmhara maidir le soláthar sheirbhísí agus clár don phobal.

Cé gur tógadh faoi deara go raibh DLR ar cheann de na húdaráis áitiúla ba shaibhre sa tír, tarraingíodh aird ar na ceantair dhíothachta a bhfuil tacaíocht leanúnach ag teastáil uatha. Léiríodh sa chomhairliúchán comhaontú láidir maidir le tacaíocht a sholáthar do theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste. Cuireadh go leor smaointí chun cinn chun cur le torthaí sláintiúla lena n-áirítear smaointí maidir le cothú agus gníomhaíocht coirp.

Tarraingíodh aird ar an riachtanas chun deiseanna fostaíochta níos ionchuimsí a chruthú don phobal ar fad freisin. Áiríodh leis seo, deiseanna dóibh siúd nár chuir oideachas foirmiúil i gcrích, dóibh siúd gurb as cúlraí imeallacha agus leochaileacha dóibh, tuismitheoirí aonair, agus dóibh siúd atá faoi mhíchumas.  Trí dheireadh a chur le bacainní agus lucht saothair níos inrochtana a chothú, beidh an Contae in ann poitéinseal an phobail iomlán a aithint, agus ionchuimsitheacht gheilleagrach agus shóisialta á cur chun cinn ag an am céanna.

Measadh go raibh spórt agus gníomhaíocht coirp ina chúis shláinte agus fholláine don phobal. Braitheadh gur chóir leanúint le tionscnaimh a chuireann rannpháirtíocht chun cinn agus gur cheart go mbeadh spóirt agus gníomhaíochtaí caitheamh aimsire a bheith inrochtana agus ionchuimsitheach den phobal iomlán.

Cuireadh béim sna torthaí comhairliúcháin ar an tábhacht a bhaineann le hionaid a sholáthar do dhaonra óg an chontae a sháraíonn gníomhaíochtaí spóirt. Chuir freagróirí in iúil go raibh réimse níos leithne de dheiseanna caitheamh aimsire, oideachasúla agus ealaíon ag teastáil chun daonra óg DLR a spreagadh agus a chumasú.

Le linn an chomhairliúcháin, tarraingíodh aird ar cultúr láidir DLR maidir le obair a dhéanamh ar bhonn deonach. É sin ráite, braitheadh go bhféadfadh eagraíochtaí pobail agus deonacha leas a bhaint as a thuilleadh tacaíochta, go háirithe maidir le oibrithe deonacha nua a mhealladh isteach agus na tairbhí agus deiseanna rannpháirtíochta a chur chun cinn. Comhchosúil leis sin, bheadh tacaíochtaí breise forbartha acmhainní tairbhiúil maidir le ceanglais riaracháin casta agus iarratais mhaoinithe atá roimh eagraíochtaí.

Ar an dóigh céanna, measadh go bhféadfaí a thuilleadh roghanna a fhiosrú chun rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn maidir le forbairt an Chontae leis na smaointe a moladh maidir le réitigh TF agus for-rochtain méadaithe.

## LÁIR AN BHAILE

Bhí comhaontú soiléir ann maidir leis an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le saincheisteanna foilmhe i mbailte agus sráidbhailte an Chontae. Is léir go bhféadfadh athchóiriú a dhéanamh ar phríomhláithreáin cur go mór leis na ceantair seo a athnuachan.

Bhí fonn láidir ann freisin chun borradh a chur faoi gheilleagar oíche an Chontae. I measc na moltaí a luadh chun é seo a bhaint amach ná roghanna a fhiosrú maidir le sceidil imeachtaí agus féilte. Ní hamháin go gcuireann na himeachtaí agus féilte le muintearas na háite ach mheallfadh sé cuairteoirí, rud a chuirfeadh beocht i ngnólachtaí áitiúla le linn na n-uaireanta istoíche.

Mar an gcéanna leis seo, measadh go raibh tábhacht ag baint le tacú leis na cuideachtaí agus FBManna atá ann cheana mar aon leis an tairiscint miondíola a chur chun cinn. Tugadh faoi deara gur féidir le hearnáil láidir agus éagsúil am aga na gcuairteoirí agus cónaitheoirí a ardú in láir na mbailte agus na sráidbhailte agus chuirfeadh sé lena mbeocht agus a mealltacht.

Sa chomhairliúchán tugadh faoi deara freisin na deiseanna a bhí ann chun cónaí i lár an bhaile nó lár an tsráidbhaile a chur chun cinn trí shocruithe cónaithe os cionn an tsiopa. Agus daoine a spreagadh chun a bheith ag maireachtáil sna háiteanna seo, d'fhéadfadh sé sin pobal bríomhar agus dinimiciúil a chothú a choimeádann é féin ag imeacht i tar éis uaireanta gnó.




FÍOR 4: SUIRBHÉ AN PHOBAIL - NA SÓCMHAINNÍ IS FEARR ATÁ AG DLR

# TITHÍOCHT

Ba thopaic é an tithíocht a ardaíodh i ngach snáithe den chomhairliúchán. Measadh gurbh é costas na tithíochta go háirithe in DLR ar cheann de na baic is mó. Tugadh faoi deara go raibh na meánphraghsanna réadmhaoine is airde sa Stáit ag an gContae agus go raibh na praghsanna ródhaor do go leor daoine a d'fhás aníos in DLR agus go raibh orthu athlonnú go háit eile.

Ba phríomhchúis imní é infhaighteacht agus soláthar tithíochta freisin le linn an chomhairliúcháin. Measadh go bhféadfadh próiseas pleanála níos cuíchóirithe agus níos éifeachtaí a bheith i bhfeidhm a d'fhéadfadh cuidiú le luas a ghéarú maidir le forbairt aonad agus réadmhaoine nua. I measc smaointí eile bhí cur i bhfeidhm Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh (OCEanna) a fhiosrú mar aon le tabhairt isteach Orduithe Díola Éigeanta (ODEanna) maidir le foirgnimh fholmha atá ann cheana a úsáid arís ar mhaithe le cúiseanna cónaithe.




FÍOR 5: SUIRBHÉ AN PHOBAIL

# Forbairt Gheilleagrach

Maidir le forbairt gheilleagrach a chur chun cinn ar fud an Chontae, measadh go bhféadfadh comhordú agus comhoibriú níos fearr a bheith ann i measc phríomhpháirtithe leasmhara amhail OFA, GFT agus Fiontraíocht Éireann.

Tarraingíodh aird sa chomhairliúchán freisin maidir le líon earnálacha ina raibh cumas fáis shuntasach ag baint leo. I measc seo bhí TFC, IS, ríomhaireacht chandamach, cógaisíocht, MedTech, soghluaisteacht uirbeach agus réimsí a bhaineann le inbhuanitheacht. Measadh go bhféadfadh fás sna hearnálacha seo tacú le deiseanna geilleagracha mar aon le Contae nuálach agus inbhuanaitheach a chinntiú. Comhchosúil leis sin, measadh gur ceantair agus sócmhainní iad Dún Laoghaire agus gníomhaíochtaí uiscebhunaithe ginearálta nach bhfuil barr a gcumais á bhaint amach acu agus chuirfeadh seo go mór leis an ngeilleagar áitiúil.

Rinneadh príomhphointe a thabhairt chun cinn maidir leis an tábhacht a bhaineann le infheistíocht agus cuideachtaí nua a mhealladh chuig an gContae. Ar an gcuma chéanna, measadh go raibh an tábhacht céanna ag baint le tacú le cuideachtaí agus fiontraithe atá ann cheana. Chun tacú leis seo, measadh go raibh gá do DLR a chinntiú go raibh na tacaíochtaí, seirbhísí agus spásanna sásúla ar fáil chun cuidiú le forbairt bhreise comhshaol gnó a bhfuil borradh faoi.

Tarraingíodh aird ar bhraislí cuideachta foirmeálta agus deiseanna gaolmhara a fhorbairt sa Chontae. D’fhéadfadh sé seo cur le a thuilleadh comhoibrithe agus nuálaíochta sa Chontae, moladh forbairt bhraislí mara agus scannáin.




FÍOR 6: SUIRBHÉ CUIDEACHTAÍ - PRÍOMHCHUSPÓIRÍ DO THODHCHAÍ DLR

# Oideachas agus Oiliúint

Tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le scileanna digiteacha a chur chun cinn mar bhunghné sa saol oibre agus sa saol laethúil araon. Ní mór d'fhorbairt na scileanna seo a bheith ionchuimsitheach don phobal ar fad, lena n-áirítear daoine óga, daoine aosta agus iad siúd a bhfuil faoi mhíchumas. Mar sin, tá iarrachtaí ag teastáil chun deiseanna inrochtana agus ionchuimsitheacha a sholáthar d'fhorbairt scileanna digiteacha.

Tugadh faoi deara an riachtanas atá ann maidir le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna a spreagadh agus a chur chun cinn taobh istigh de cheirdeanna traidisiúnta agus réimsí atá ag teacht chun cinn amhail iarfheisiú. I measc smaointí chun cuidiú leis seo, bhí rannpháirtíocht in oiliúint a ardú, naisc idir fostaíocht agus printíseachtaí féideartha a chur chun cinn, agus cuir le caidrimh atá ann cheana idir tionscadal agus oideachas agus soláthróirí oiliúna.

Ar an dóigh chéanna, braitheadh go bhféadfaí feasacht a ardú maidir le an réimse éagsúil cúrsaí atá ar fáil tríd an Bord Oideachais agus Oiliúna sa chontae. Is féidir le feasacht fheabhsaithe maidir leis na hacmhainní seo daoine a chumasú chun forbairt scileanna agus oideachas a bhaint amach atá i gcomhréir lena gcuid suimeanna agus aidhmeanna gairme. Anuas air sin, moladh dá ndéanfaí "blaiseadh a fháil ar chúrsaí" a reáchtáil ar bhonn píolótach go bhféadfadh sé daoine a spreagadh chun deiseanna breise oideachais agus oiliúna a fhiosrú.

Mothaíodh freisin gur chóir a thuilleadh spreagadh a dhéanamh maidir le roghanna do dhaoine filleadh ar an oideachas, ar an oiliúint agus ar an bhfostaíocht. Mar chuid de seo, bhí cinntiú go bhfuil an tacaíocht agus na hacmhainní riachtanacha ag daoine chun dul isteach sa saothar oibre arís nó chun céim ar aghaidh a dhéanamh ina ngairm bheatha.

# Cultúr agus Oidhreacht

Moladh réimse smaointe agus deiseanna chun forbairt níos mó a dhéanamh maidir le deiseanna cultúrtha agus turasóireachta an Chontae agus chun barr cumais an Chontae a bhaint amach. I measc seo bhí forbairt fheachtas bolscaireachta agus margaíochta breisithe agus spriocdhírithe chun féiniúlacht ar leith an Chontae a thabhairt chun solais mar aon le cad atá ar fáil ann, agus comhoibriú a mhéadú idir cuideachtaí agus an earnáil tuarasóireachta.

Ar an tslí chéanna, mothaíodh gur chóir do DLR a bheith ina cheann scríbe nach mór cuairt a thabhairt air i mBaile Átha Cliath agus gur cheart iarrachtaí a dhéanamh chun an réimse eispéiris agus gníomhaíochtaí atá ar fáil a mhéadú. Ba chóir go n-áireofaí leis an bhforbairt seo naisc idir na nithe ar díol spéise iad agus na sócmhainní, lena n-áirítear cósta, sléibhte agus cultúr an Chontae. É sin ráite, tugadh faoi deara gur cheart forbairt an Chontae mar cheann scríbe turasóireachta a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe ina gcaomhnaítear agus ina gcothaítear sócmhainní an Chontae ar mhaithe le tairbhe agus taitneamh na nglúnta amach anseo.

Tugadh faoi deara an rannchuidiú mór a dhéanann earnáil na hoidhreachta agus na cruthaitheachta don Chontae freisin. Áirítear leis seo rannchuidithe maidir le muintearas na háite, an geilleagar agus folláine agus ionchuimsitheacht an phobail. Dá bhrí sin, braitheadh gur cheart leanúint leis na hiarrachtaí lena gcinntítear go gcuirtear earnáil na hoidhreachta agus na cruthaitheachta chun cinn agus go dtacaítear leis agus go bhfanfaidh sé inrochtana agus ionchuimsitheach dóibh siúd go léir a dteastaíonn uatha páirt a ghlacadh. Tugadh faoi deara go mbeadh sé ag teastáil go n-áireofaí na healaíona agus gníomhaíochta oidhreachta eile a chur chun cinn i scoileanna ar fud an Chontae.

Ar an mbealach céanna, tugadh faoi deara sceideal imeachtaí agus laethanta cultúrtha DLR agus an rannchuidiú a dhéanann siad sin sa Chontae. Cé go raibh sé tábhachtach leanúint le tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí agus cláir atá ann cheana, mothaíodh go bhféadfaí fiosrú a dhéanamh maidir le roghanna chun an sceideal imeachta a chur chun cinn freisin. Tugadh faoi deara go bhféadfadh earnáil na miondíola agus earnáil an fháilteachais leas a bhaint as imeachtaí dá leithéid trí dhaoine a spreagadh dul isteach go láir uirbeacha agus trí amhlaidh a dhéanamh is féidir cur le beocht agus fuinneamh lonnaíochtaí an Chontae.

# 5. Anailís LLDB

Tá go leor príomhláidreachtaí agus deiseanna a aithníodh san anailís shocheacnamaíoch mar aon le laigí agus bagairt don Chontae. Leis an anailís LLDB, soláthrófar comhairle maidir le na príomhréimsí ar chóir díriú orthu sa Phlean Geilleagrach agus Pobail seo. Léirítear achoimre maidir leis an anailís seo sa tábla thíos.

| Láidreachtaí | |
|---|---|
| Léirítear láidreachtaí don phobal agus d'earnáil na turasóireacht leis na bailte agus sráidbhailte tarraingteacha mar aon le sócmhainní an chósta agus na sléibhte. | Plean Geilleagrach agus Fiontraíochta 4 bliana atá láidir agus acmhainní ar fáil dó suas go 2024. |
| Suíomh cósta iontach a bhfuil cuan mór ann | Réimse leathan straitéiseacha agus pleananna i bhfeidhm amhail an Plean Aoisbhá 2022-2026 |
| Réimse páirceanna agus spásanna glasa, saoráidí fóillíochta taobh istigh agus taobh amuigh, agus líonra de shaoráidí pobail agus spóirt | Líonraí de ghrúpaí Pobail bunaithe a spreagann bród sibhialta |
| Contae meitreapholaiteach atá saibhir le hoidhreacht agus suíomhanna staire, agus an cumas ann le haghaidh úsáid agus rochtain feabhsaithe agus inbhuanaithe | Lucht saothair oilte agus a bhfuil ardscileanna acu agus tá go leor institiúid tríú leibhéal bunaithe sa Chontae |
| Na leibhéil soláthair tithíochta is airde riamh, cumas ann le haghaidh forbartha agus fáis | Líon mór daoine fostaithe i seirbhísí gairmiúla, bainistíochta agus teicniúla |
| Lonnaithe i Réigiúin an Oirthir agus Lár Tíre agus i ndlúthghaireacht do Chathair Bhaile Átha Cliath | Suíomh fostaíochta straitéiseach ag Ceantar Gnó Áth an Ghainimh agus á fhorbairt ag Coill na Silíní |
| Suíomh turasóireachta atá ag fás ina bhfuil tairiscint éagsúil ó shléibhte go farraige | Taithí atá ag fás maidir le feidhm a bhaint as réitigh chliste ar mhaithe le leas geilleagrach agus leas an phobail |
| Fuinniúil, inrochtaineach, agus seirbhís leabharlainne atá ag leathnú, cláir ealaíona agus imeachtaí | Cumas tacaíochtaí maoinithe náisiúnta a fháil |
| Naisc mhaithe iompair phoiblí ina bhfuil leathnú an líonra bus beartaithe mar aon le naisc thaistil ghníomhach bunaithe agus beartaithe go forleathan | Plean Láidir um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| Foireann Thaistil Ghníomhach tiomanta a bhfuil rochtain acu ar mhaoiniú suntasach an ÚNI | Céatadán ard daoine a bhfuil stádas 'sláinte mhaith' acu |
| Déimeagrafach ard ABC | Comhoibriú aibí idir páirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí do rannpháirtíocht chun dul ar aghaidh chun cuspóirí pobail agus geilleagrach an PÁEP a bhaint amach |
| Moil miondíola láidre mar aon le hionaid mhionsonraithe úsáid mheasctha | Cumas a bheith in ann freagairt do ghéarchéimeanna gan fasach amhail paindéim Covid agus géarchéim na hÚcráine. |
| Meascán de chúlraí sóisialta gar dá chéile. | |

| Laigí | |
|---|---|
| D'fhéadfadh an costas ard tithíochta cosc a chur ar dhaoine, go háirithe daoine óga fanacht ina gcónaí, a bheith ag staidéar agus ag obair sa Chontae. | Ráta rannpháirtíochta íseal an lucht saothair |
| Díothacht leanúnach i gceantair a aithníodh ina bhfuil dlús soiléir de níos mó géardhíothachta sóisialta | Acmhainn theoranta maidir le maoiniú AE a fháil |
| Deacrachtaí díothacht a aithint agus dul i ngleic leis i gceantair atá scaipthe amach | Leibhéal íseal lóistín in óstáin sa Chontae |
| Easpa maidir le sonraí socheacnamaíoch do DLR go sonrach i gcatagóirí áirithe (e.g. líon na dturasóirí, caiteachas, etc.) | Gan aon bhainistiú earnála maidir le braislí cuideachta sa Chontae |
| Idirnascacht traschontae agus réigiúnach lag | Úsáid leanúnach thaistil carr do thurais ghearra |
| Ganntanas tacar sainscileanna áirithe i lucht saothair an Chontae | Dúshlán a bheith i dteagmháil leis na pobail a bhfuil sé deacair teacht orthu |
| M50 mar bhac chun ceantair atá ag forbairt a chomhtháthú | Comhoibriú teoranta le Comhairlí eile sa cheantar |



| Deiseanna | |
|---|---|
| Acmhainn chun comharsanacht deich-nóiméid a chruthú áit a bhféadann daoine freastal ar riachtanais speisialta trí shiúl, rothaíocht nó trí hiompar poiblí. | Deis um fhorbairt agus thacaíocht le haghaidh fiontar sóisialta cuimsitheach |
| Tugann bonneagar socraithe áiseanna pobail, cultúrtha agus caithimh aimsire deis um úsáid níos éifeachtúla agus níos mó chun acmhainn phobail a fhorbairt agus cur léi. | Féadann leibhéil arda d'áiseanna tríú leibhéal agus breisoideachais agus breisoiliúna sa Chontae seirbhísí a sholáthar i sainsuíomhanna i gcomhréir le riachtanais. |
| Deis chun acmhainní nádúrtha a úsáid le fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt | Acmhainn mhór chun daonchairdeas a mhéadú ar fud an Chontae. |
| Deis um bonneagar glas agus réitigh dúlra-bhunaithe (talamh agus muir) chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí socheacnamaíocha mar chuid de mhaolú athrú aeráide agus oiriúnú dó. | Deis an t-éiceachóras nuálach tacaíochta atá ann cheana a mhéadú chun cabhrú le gnólachtaí agus leis an ngeilleagar i gcoitinne. |
| Féadann traidisiún láidir saorálachais sa Chontae tacú le seirbhísí breise | Acmhainn chun gnólachtaí traidisiúnta i lár na cathrach a athshuíomh sa Chontae mar thoradh ar an taithí ar COVID. |
| Deiseanna chun an earnáil eacnamaíoch agus caithimh aimsire na mara a fhorbairt | Deiseanna móra don fhostaíocht in Áth an Ghainimh, i gCarraig Mhaighin agus gCoill na Silíní le pleanáil do c. 47,000 méadar cearnach d'fhostaíocht déine airde beartaithe do Choill na Silíní |
| Soláthróidh BusConnects nascacht soir/siar ar fud an Chontae nuair a thabharfar isteach é, agus ar an mbealach sin rachaidh sé i ngleic le teorainn reatha ar shoghluaisteacht. | Deis breathnú ar thionacht mheasctha maidir le tithíocht a sholáthar |
| Geilleagar oíche inbhuanaithe a fhorbairt agus an áis reatha a chosaint | Acmhainn chun an leibhéal cóiríochta agus seirbhísí a mhéadú do chuairteoirí ar an gContae thar oíche |
| Cur le nádúr eispéireasach agus ilfheidhmiúil bailte agus sráidbhailte | Deiseanna um éagsúlú miondíola chun bogadh go margaí/táirgí nua |
| Cur le hacmhainn chun monatóireacht a dhéanamh ar rath eacnamaíoch | Acmhainn neamhréadaithe maidir le forbairt inbhuanaithe geilleagair chruthaithigh |
| Tuiscint níos fearr ar an gContae a chothú trí shonraí | Spéis an phobail in oibriú i ndlúthpháirt le chéile níos mó ná riamh chun seirbhísí cuimsitheacha inrochtana a sholáthar |
| Deis chun pobail imeallaithe a thabhairt isteach san fhórsa saothair | |

| Bagairtí | |
|---|---|
| Ró-spleáchas ar bhreoslaí iontaise le haghaidh riachtanais fhuinnimh teaghlach agus gnólachtaí | Fanann cuairteoirí thar oíche lasmuigh de DLR |
| Mainneachtain acmhainní nádúrtha a úsáid le fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt | Ró-spleáchas féideartha ar fhostóirí ilnáisiúnta móra |
| Bagairt mhéadaithe ó athrú aeráide ar DLR mar Chontae cósta | Tionchar ag easpa scileanna ríthábhachtacha in earnáil na FBManna ar tháirgiúlacht agus iomaíochas |
| Costas ard cóiríochta agus an gá le leanúint ar aghaidh ag soláthar tithíocht phoiblí agus phríobháideach chomh maith | Bagairt ar mhiondíol mórshráide mar thoradh ar aistriú chuig siopadóireacht ar líne agus lasmuigh den bhaile |
| Na costais chúram leanaí is airde sa Stát | Oiriúnú mall ag go leor gnólachtaí agus teaghlaigh do mhaolú an athrú aeráide |
| Féadann deacrachtaí maidir le hacmhainn chóiríochta do thurasóirí an bonn a bhaint den chumas earnáil na turasóireachta agus an ghnó a mhéadú | Teorainn le rochtain uilíoch/inbhuanaithe ar roinnt láithreán oidhreachta |
| Deacrachtaí le hoiriúnú do na dúshláin a bhaineann le déimeagrafaic athraitheach | Cúlra an mhéadaithe ar bhoilsciú agus brú féideartha an bhoilscithe |
| Ráta íseal áitíochta i dtithe móra | |



# 6. Spriocanna Ardleibhéil, Cuspóirí agus Torthaí

## Forléargas

**Bunaithe ar na fionnachtana ón anailís shocheacnamaíoch, ón gcomhairliúchán, agus ón athbhreithniú ar bheartais reatha, cruthaíodh sraith de shé sprioc ard-leibhéil. Forbraíodh na spriocanna ardleibhéil sin agus na cuspóirí, na bearta agus na torthaí a ghabhann leo, ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, an CFPÁ, agus an CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fhiontraíocht i gcomhpháirt lena chéile agus iad i gcomhairle le príomh-pháirtithe leasmhara a mbeidh ról lárnach acu maidir leis an PÁEP a chur i gcrích.**

I gcomhréir le treoirlínte an PÁEP, clúdaítear forbairt eacnamaíoch agus phobail freisin le spriocanna, cuspóirí agus torthaí. Le haghaidh gach cuspóra, tá aird dírithe ar gach cineál cuspóra mar Chuspóir um Fhorbairt Eacnamaíoch Inbhuanaithe (CFEI) nó Cuspóir Pobail Inbhuanaithe (CPI). I gcásanna ina gcuirfidh an sprioc le forbairt eacnamaíoch agus phobail, tá an cineál cuspóra liostaithe mar CFEI agus CPI. Sna codanna a leanas tugtar forléargas ar gach sprioc ardleibhéil, i dteannta lena gcuid cuspóirí agus torthaí comhfhreagracha. Cuimsítear na bearta sonracha le haghaidh gach sprice sa phlean tosaigh dhá-bhliana um fhorfheidhmiú mar atá leagtha amach i gCaibidil 7.



Tá sonraí tugtha thíos ar na sé sprioc ardleibhéil:

| Sprioc | Cur Síos ar an Sprioc |
|---|---|
| **Sprioc 1** | Contae atá athléimneach ó thaobh na haeráide a chruthú trí dhea-chleachtas a chur chun cinn agus a sholáthar maidir le gníomhú ar son na haeráide, bithéagsúlacht agus an geilleagar ciorclach. |
| **Sprioc 2** | Tabhairt faoi fhorbairt chothromaithe an gheilleagair áitiúil agus an timpeallacht ghnó a threisiú chun geilleagar cruthaitheach, cuimsitheach agus láidir a fhorbairt |
| **Sprioc 3** | Conairí chuig fostaíocht a fhorbairt trí dheiseanna oideachais agus oiliúna a fheabhsú do chách |
| **Sprioc 4** | Acmhainn an Chontae mar cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe a bhaint amach agus earnáil oidhreachta agus chruthaitheach an Chontae a chosaint agus tacú léi |
| **Sprioc 5** | Contae sláintiúil, cuimsitheach agus ilghnéitheach a chur chun cinn a thacaíonn le dea-shláinte coirp agus folláine mheabhrach ar fud ár bpobail go léir |
| **Sprioc 6** | Leanúint le bailte agus sráidbhailte nasctha, bríomhara agus inbhuanaithe a fhorbairt agus rannpháirtíocht ghníomhach agus rannpháirtíocht saoránach a chur chun cinn laistigh den Chontae |



# 6.1 Sprioc 1, Cuspóirí agus Torthaí a Theastaíonn

## Sprioc 1: Contae atá athléimneach ó thaobh na haeráide a chruthú trí dhea-chleachtas a chur chun cinn agus a sholáthar maidir le gníomhú ar son na haeráide, bithéagsúlacht agus an geilleagar ciorclach.

Tá ár dtimpeallacht nádúrtha níos leochailí mar thoradh ar éifeachtaí agus bhagairtí an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta. Príomhchuspóir sa bheartas náisiúnta agus réigiúnach é aistriú ó gheilleagar carbón-bhunaithe agus aistriú cóir a chinntiú do gach pobal chun sochaí níos inbhuanaithe a bhaint amach. Tá Comhairle Contae DLR geallta chun an aistrithe sin agus chun sócmhainní agus timpeallacht nádúrtha an Chontae a chosaint. Trí thimpeallacht nádúrtha álainn an Chontae a chosaint cabhrófar le tarraingt an Chontae a choinneáil mar áit inmhianaithe um chónaí, chuairt agus obair. Mar sin, ní mór do DLR díriú ar thodhchaí níos inbhuanaithe do phobail agus ghnólachtaí an Chontae. Chun an cuspóir sin a chomhlíonadh beidh gá le tionscnaimh a chur i bhfeidhm ar fud roinnt réimsí difriúla atá léirithe níos mó sna cuspóirí agus sna torthaí a leanann. Cuimseofar leis iarrachtaí tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide agus don bhithéagsúlacht ar fud earnáil an phobail agus na hearnála príobháidí a fheabhsú, roghnú modhanna iompair níos inbhuanaithe a spreagadh, éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú agus geilleagar ciorclach a fhorbairt.

Tá an sprioc sin ag teacht le agus féachfar léi chuig cur le cuspóirí straitéiseacha an Phlean Forbartha Contae de chuid DLR i ndáil le hinbhuanaitheacht agus le gníomhú ar son na haeráide, is iad sin Caibidil 3 (Aeráid) agus Caibidil 5 (Iompar agus Inbhuanaitheacht). Tá sé ag teacht freisin leis na cuspóirí i gCaibidil 7 (Timpeallacht agus Aeráid) agus Caibidil 8 (Nascacht) an TROLT SRSE, an Sprioc Straitéiseach Náisiúnta (SSN) sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP) 4 ar Inbhuanaitheacht agus CNP 8 ar Shochaí Aeráid-Neodrach agus Sochaí atá Seasmhach ó thaobh na hAeráide; an Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 agus roinnt Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) de chuid na Náisiún Aontaithe lena n-áirítear Sprioc 7, 11, 12 agus 13, 14, 15.

### Cuspóir 1.1: Tionscnaimh um ghníomhú ar son haeráide agus tionscnaimh bhithéagsúlachta a chur chun feidhme chun tacú le haistriú DLR go Contae níos inbhuanaithe agus an comhshaol a chosaint (CPI)

Feictear níos mó ná riamh an bhéim i dtreo aistriú chuig sochaí níos inbhuanaithe agus pobail ar fud na Tíre ag iarraidh éifeachtaí na géarchéime aeráide agus bithéagsúlachta a chomhrac agus a mhaolú. Rachaidh Contae níos inbhuanaithe, ag a bhfuil bithéagsúlacht shaibhir agus atá cosanta le haghaidh na nglúnta atá le teacht, chun tairbhe dóibh siúd go léir a bhfuil cónaí orthu, atá ag obair, agus a infheistíonn sa Chontae. Dá bharr sin, tá an cuspóir sin bunaithe ar thionscnaimh a chur i bhfeidhm a chuirfidh le haistriú cóir i dtreo na hinbhuanaitheachta chomh maith leo siúd a fhéachfaidh chuig timpeallacht nádúrtha álainn DLR a chothú agus a chosaint. Cuimseoidh sé sin an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm don Chontae agus bearta a chur ar aghaidh a ghabhann le pleananna agus straitéisí atá ann cheana agus a bhaineann le bithéagsúlacht, crainn agus le hoidhreacht. Freisin féachfar leis chuig úsáid agus forbairt fuinnimh inbhuanaithe agus iarfheistithe a mhéadú ar fud an Chontae agus le tionscnaimh a chur ar aghaidh a bhaineann le crios dícharbónaithe DLR agus le tionscadail eile um ghníomhú ar son na haeráide.

### Cuspóir 1.2: Feasacht a ardú agus rannpháirtíocht i dtionscnaimh inbhuanaitheachta ar fud pobail agus gnólachtaí a spreagadh (CPI)

Beidh tacaíocht agus rannpháirtíocht phobail agus ghnólachtaí DLR ríthábhachtach chun Contae níos inbhuanaithe agus níos athléimní ar son na haeráide a fhorbairt. Beidh gá le rannpháirtíocht níos gníomhaí i dtionscnaimh aeráide agus inbhuanaitheachta acu siúd atá ina gcónaí agus ag obair sa Chontae. Dá bharr sin, féachtar leis an gcuspóir sin chuig feasacht a ardú, tacaíocht a fháil agus rannpháirtíocht i dtionscnaimh aeráide agus inbhuanaitheachta a spreagadh. Chun é sin a bhaint amach beidh gá le plé leanúnach le gnólachtaí, soláthraithe oideachais agus pobail ar fud DLR. Cuimseoidh sé feasacht a chur chun cinn agus a ardú faoi na tacaí agus na deontais atá ar fáil le cabhrú le gnólachtaí “glasú” chomh maith leis na deiseanna a bhaineann leis na ngeilleagar glas. Ar an gcaoi chéanna, i ndáil leis an bpobal, beidh iarrachtaí dírithe ar rannpháirtíocht a spreagadh i dtionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide ar fud gach grúpa le seisiúin um ardú feasachta agus eolas faoin gcaoi ar féidir leo cur leis an aistriú chuig Contae níos inbhuanaithe. Freisin féachfar chuig tacú le tionscnaimh trí Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe DLR agus tionscadail a mhaoinítear tríd an gCiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide.

### Cuspóir 1.3: Úsáid modhanna iompair agus taistil níos inbhuanaithe a spreagadh (CPI & CFGI)

Gabhann dúshlán fós le hastaíochtaí ó thrácht agus úsáid shuntasach á baint as feithiclí príobháideacha chun taisteal chun na hoibre agus don oideachas. Leis an gcuspóir sin féachtar le húsáid modhanna níos inbhuanaithe iompair a spreagadh chun cur le laghdú foriomlán ar astaíochtaí agus bhrú tráchta. Féadann sé sin faoi seach cabhrú le torthaí cáilíochta aeir agus sláinte a fheabhsú do phobail ar fud an Chontae Dá bharr sin, tá an cuspóir sin ar aon dul le agus tacaíonn sé le cuspóirí eile sa phlean a bhaineann le hiompar poiblí, nascacht agus folláine. Cuimseofar leis leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag spreagadh an tsiúil agus na rothaíochta agus feasacht a ardú faoi shábháilteacht ar bhóithre ar fud DLR. Freisin féachfar leis chuig bonneagar taistil ghníomhaigh a chothabháil, a fheabhsú agus a fhorbairt le tacú le rothaithe agus coisithe agus lena sábháilteacht a chinntiú lena n-áirítear trí chonairí rothaíochta scartha a fhorbairt.

### Sprioc 1.4: An Geilleagar Ciorclach sa Chontae a spreagadh agus a chur chun cinn (CPI & CFGI)

Féadann an geilleagar ciorclach ról tábhachtach a ghlacadh in aistriú DLR chuig Contae níos inbhuanaithe agus níos athléimní. Tá sé bunaithe ar shamhail de dhearadh, tháirgeadh, dháileadh agus úsáid fhreagrach, trína ndéantar táirgí a dheisiú, a athúsáid agus a athchúrsáil[5]. Féachtar leis an gcuspóir sin chuig forbairt an gheilleagair chiorclaigh sa Chontae a spreagadh agus a chur chun cinn le cabhrú le dramhaíl agus le hastaíochtaí a laghdú. Beidh dlúthphlé leis an bpobal ag teastáil dó sin chun athchúrsáil a spreagadh agus a chur chun cinn níos mó, agus feasacht a ardú faoi thionscnaimh athchúrsála agus na táirgí ar féidir a athchúrsáil. Freisin féachfar leis chuig méadú scéim na mbuidéal plaisteach agus na gcannaí i miondíoltóirí ar fud an Chontae a spreagadh.

5 - Féach: https://www.mywaste.ie/the-circular-economy/

## Sprioc 1 Príomh-Thorthaí a Theastaíonn

- Laghdú 51% ar astaíochtaí a bhaint amach ar aon dul le beartas an rialtais.
- Méadú ar líon na dtionscadal pobalbhunaithe agus gnó-bhunaithe ar son na haeráide agus na hinbhuanaitheachta.
- Taifead a dhéanamh ar an méadú ar líon na ndaoine a úsáideann taisteal inbhuanaithe agus gníomhach chun taisteal chun na hoibre agus chun an oideachais.
- Meán-rátáil BER stoc foirgneamh na Comhairle a mhéadú



# 6.2 Sprioc 2, Cuspóirí agus Torthaí a Theastaíonn

## Aidhm 2: Tabhairt faoi fhorbairt chothromaithe an gheilleagair áitiúil agus an timpeallacht ghnó a threisiú chun geilleagar cruthaitheach, cuimsitheach agus láidir a fhorbairt

Leis an gcuspóir sin féachtar chuig timpeallacht ghnó an Chontae a fheabhsú, geilleagar rathúil a chinntiú agus rath eacnamaíoch a mhéadú ar fud DLR. Tá raon cuideachtaí áitiúla agus ilnáisiúnta rathúla sa Chontae lena n-áirítear cuideachtaí a bhfuil clú agus cáil orthu ar fud an domhain i réimse an TF agus na cógaisíochta. Anuas air sin, tá sé in ionad straitéiseach, agus é suite gar do Chathair Bhaile Átha Cliath agus do mhórbhealaí iompair, rud a chiallaíonn go bhféadann an Contae cur leis an rath atá bainte amach go dtí seo Féachfaidh Comhairle Contae DLR agus a cuid comhpháirtithe leis an ngeilleagar a neartú agus a mhéadú, cruthú post agus fostaíocht a chothú. Cuimseoidh sé sin tacaíocht a thabhairt do ghnóthais reatha, dul san iomaíocht go gníomhach don infheistíocht nua, agus timpeallacht ghnó a chothú a chothaíonn nuálaíocht agus fás.

Clúdaíonn an sprioc sin na gnéithe eacnamaíocha agus pobail den PÁEP agus léiríonn é a nádúr idirnasctha agus an ról foriomlán a fhéadann an sprioc a ghlacadh i bhfolláine an Chontae. Tá an cuspóir sin ag teacht leis an bPlean Forbartha Contae, is é sin Caibidil 6 (Fiontar agus Fostaíocht) agus Caibidil 7 (Bailte, Sráidbhailte agus Forbairt Miondíola). Tá an sprioc ar aon dul le Caibidil 6 (Geilleagar agus Fostaíocht) den SRSE, TSN 5 sa CNP Geilleagar Láidir atá tacaithe ag Fiontraíocht, Nuálaíocht agus Scileanna agus CFInna 8,9 agus 12 de chuid na Náisiún Aontaithe.

### Cuspóir 2.1: Comhoibriú a mhéadú agus an Contae a chur chun cinn mar shuíomh den scoth chun gnó a dhéanamh ann (CFGI)

Mar gheall ar chóngaracht DLR do lár cathrach Bhaile Átha Cliath, do pháirceanna gnó seanbhunaithe, d'áilleacht nádúrtha agus do bhailte agus sráidbhailte tarraingteacha, is áit tharraingteach í do ghnólachtaí. Tá sé sin tacaithe ag dea-naisc iompair, rochtain ar sheirbhísí agus roinnt soláthraithe oideachais agus oiliúna a thacaíonn le héiceachóras bríomhar gnó. Fós féin d'ainneoin na dtairbhí agus na mbuntáistí a ghabhann le DLR, is féidir níos mó a dhéanamh chun an Contae a chur chun cinn do ghnólachtaí agus d'infheisteoirí féideartha le geilleagar bríomhar a chinntiú. Dá bharr sin, féachtar leis an gcuspóir sin chuig comhar a mhéadú idir príomhpháirtithe leasmhara sa Chontae agus cur chuige níos comhordaithe i dtreo an Contae a chur chun cinn mar ionad gnó den chéad scoth. Áireofar leis sin an branda 'Collaborate DLR' a fhorbairt agus príomhpháirtithe leasmhara agus príomhghníomhaireachtaí ón earnáil phoiblí, phríobháideach, phobail agus oideachais a thógáil le chéile chun forbairt eacnamaíoch a spreagadh ar fud an Chontae. Ar an gcaoi chéanna, féachfar chuig buntáistí iomaí DLR a phacáistiú le teachtaireacht bheacht agus tharraingteach chun aird a tharraingt ar na deiseanna agus na tairbhí a ghabhann leis mar ionad gnó.

### Cuspóir 2.2: Infheistíocht nua a mhealladh, tacú le gnólachtaí atá ann cheana féin agus fostaíocht inbhuanaithe a spreagadh ar fud an Chontae (CFGI)

Beidh iarrachtaí spriocdhírithe chun infheistíocht a tharraingt i dteannta le tacú le gnólachtaí atá ann cheana sa Chontae ríthábhachtach do rath DLR ar feadh roinnt blianta atá le teacht. Cuirfidh an sprioc seo le sprioc 2.1 thuas, agus é dírithe ar infheistíocht nua a tharraingt trí chur chuige níos comhordaithe ina lena n-úsáidtear comhar feabhsaithe idir páirtithe leasmhara lárnacha agus teachtaireachtaí soiléire maidir le tairbhí an Chontae. Ar an gcaoi chéanna, féachfaidh an Chomhairle chuig cur chuige fianaise-bhunaithe a fhorbairt le cinnteoireacht a fheabhsú i ndáil le forbairt eacnamaíoch trí shonraí ábhartha a ghabháil. Freisin beidh sé mar aidhm aige tacú le forbairt leantach ar fhórsa saothair oilte a fhreastalaíonn ar riachtanais fostóirí agus rannpháirtíocht grúpaí leochaileacha agus imeallaithe, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, i bhfórsa saothair an Chontae, a fheabhsú. Anuas air sin, féachfaidh sé chuig tacú le gnólachtaí reatha lena n-áirítear iad siúd sna hearnálacha miondíola, fáilteachais agus cruthaitheacha, chomh maith le tacú le forbairt fiontar sóisialta. Cuimseoidh sé sin feasacht a ardú faoi thacaí, dhreasachtaí agus dheontais atá ar fáil le haghaidh gnólachtaí reatha agus nua.

### Cuspóir 2.3: Feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó, fiontraíocht a spreagadh agus braislí nuálacha a fhorbairt (CFGI)

Is í aidhm an chuspóra sin leanúint ar aghaidh ag feabhsú an timpeallacht ghnó ar fud DLR, tacú le forbairt braislí agus timpeallacht optamach a chinntiú a chothaíonn an nuálaíocht agus an fhiontraíocht. Cuimseoidh sé sin an fhiontraíocht agus na seirbhísí riachtanacha a fhorbairt chun gnólachtaí, gnóthais nua agus fiontraithe a tharraingt. Freisin féachfar leis chuig riachtanais an Chontae agus a chuid gnólachtaí a thuiscint i ndáil le pátrúin oibre athraitheacha (e.g., obair hibrideach) agus roghanna agus maoiniú a iniúchadh chun an Contae a fheabhsú mar ionad gnó. Ar an gcaoi chéanna, féachfar chuig tacú le forbairt braislí in earnálacha ina bhfuil deiseanna soiléire don Chontae. Áirítear leis sin an deis mhór a bhaineann leis an gcuan i nDún Laoghaire ar sócmhainn iontach é nach mbaintear neart úsáide aisti, a d'fhéadfadh tacú le braisle earnála mara a fhorbairt. Ar an gcaoi chéanna, díreofar iarrachtaí ar chinntiú go measfar an Contae mar ionad feiliúnach do scannáin chun tacú le fostaíocht agus le hinfheistíocht chomh maith leis an ngeilleagar cruthaitheach i gcoitinne.

## Sprioc 2 Príomh-Thorthaí a Theastaíonn

- Méadú ar líon na gcuideachtaí sa Chontae a bhfuil tacaíocht acu ó LEO, FÉ agus GFI.
- Méadú ar líon na gcuideachtaí i réimse na mara atá bunaithe sa chuan.
- Méadú ar líon na ngnóthas nua áitiúil agus na mbraislí nuálacha a fhorbraítear.



# 6.3 Sprioc 3, Cuspóirí agus Torthaí a Theastaíonn

## Aidhm 3: Conairí chuig fostaíocht a fhorbairt trí dheiseanna oideachais agus oiliúna a fheabhsú do chách

Beidh ról tábhachtach ag oideachas, breisoiliúint agus foghlaim fhadsaoil i bhforbairt an Chontae i gcaitheamh na mblianta atá le teacht. Is í aidhm na sprice sin muintir DLR a chumhachtú trí rochtain níos fearr ar oideachas agus scileanna a éascú. Chun é sin a bhaint amach, cuirfimid chun cinn tionscnaimh a thacaíonn le forbairt an phobail agus a chothaíonn daoine éagsúla a bhfuil na scileanna cuí acu trí raon de dheiseanna oideachais agus oiliúna. Áireofar leis sin deiseanna a chur ar fáil do dhaoine aonair chun scileanna nua agus reatha a fhorbairt, tacú le grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus grúpaí leochaileacha (lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas) chun rochtain a fháil ar oideachas agus oiliúint, agus soláthar printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna i DLR a fheabhsú. Dá bharr sin, beidh ról ríthábhachtach ag an sprioc sin i gcothú gheilleagar a Chontae trí fhorbairt fórsaí saothair oilte agus beidh ionchur ag teastáil ó raon páirtithe leasmhara sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha.

Tá na spriocanna sin ag teacht leis an bPlean Forbartha Contae, is é sin Caibidil 4 (Comharsanacht – Daoine, Tithe agus Áit) agus Caibidil 6 (Fiontraíocht agus Fostaíocht). Tá an sprioc sin ag teacht leis na cuspóirí éagsúla i gCaibidil 6 (Geilleagar agus Fostaíocht) agus Caibidil 9 (Cáilíocht Bheatha) chomh maith le SRSE an TROLT agus CSN 3 agus CSN 10 sa CNP. Ina theannta sin, tá sé ag teacht le CFInna na Náisiún Aontaithe, go háirithe cuspóir 4, 8 agus 10.

### Cuspóir 3.1: Foghlaim ar feadh an tsaoil a spreagadh agus infhostaitheacht mhuintir an Chontae a mhéadú (CPI & CFGI)

Is tábhachtach foghlaim fhadsaoil agus breisoiliúint don fhorbairt phearsanta agus féadann siad cur le mothú éachta agus folláine ag duine aonair. Freisin tacaíonn sé le hinfhostaitheacht an phobail a fheabhsú agus dá bharr sin tacaíonn sé leis an ngeilleagar i gcoitinne. Foghlaim ar feadh an tsaoil a spreagadh agus infhostaitheacht mhuintir an Chontae a mhéadú. Cuimseoidh sé scileanna agus litearthacht a fheabhsú i ngach aoisghrúpa; ní hamháin go gcuirfidh sé sin le fórsa saothair níos oilte, ach a chabhróidh freisin le scileanna a fhorbairt don saol (e.g. rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne) ar fud an phobail. Freisin féachfar chuig feasacht a ardú faoi na deiseanna don fhoghlaim fhadsaoil agus don oiliúint ghaolmhar ar fud DLR chomh maith leis an soláthar a neartú ar fud an Chontae lena n-áirítear trí húsáid a bhaint as cúrsaí agus seirbhísí ar líne a sholáthraíonn leabharlanna DLR.

### Cuspóir 3.2: Tacú le grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus grúpaí leochaileacha le rochtain a fháil ar oideachas agus ar oiliúint (CPI & CFGI)

Beidh sé mar chuspóir lárnach le linn thréimhse an PÁEP, leanúint ar aghaidh ag feabhsú rochtana ar dheiseanna oideachais agus oiliúna do na grúpaí is mó atá faoi míbhuntáiste agus is mó atá imeallaithe, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Chun an cuspóir sin a bhaint amach beidh gá le plé leanúnach leis agus for-rochtain leanúnach do na grúpaí sin, chomh maith le cúnamh saincheaptha a aithint agus a sholáthar lena rannpháirtíocht in oideachas, oiliúint, i bhforbairt scileanna, agus foghlaim fhadsaoil a mhéadú. Áireofar leis sin cláir shonracha chun fostaíocht a mhéadú i measc iad siúd atá faoi mhíchumas agus daoine eile a d'fhéadfadh a bheith as cúlraí faoi mhíbhuntáiste. Ar an gcaoi chéanna, féachfar chuig cinntiú go mbeidh na tacaí riachtanacha i bhfeidhm le tacú le pobail nua, lena n-áirítear dídeanaithe, le hoideachas agus fostaíocht. Áireofar le seirbhísí eile chun tacú leo siúd as cúlraí faoi mhíbhuntáiste clubanna iar-scoile agus tacaí do thuismitheoirí maidir le torthaí oideachasúla a fheabhsú i measc leanaí as ceantair faoi mhíbhuntáiste.

### Cuspóir 3.3: Feasacht, glacadh agus soláthar printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna sa Chontae a mhéadú (SECO & CFGI)

Tarraingíodh aird arís is arís eile le linn an phróisis chomhairliúcháin ar sholáthar leordhóthanach printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna chun tacú le folláine eacnamaíoch agus phobail. Dá bharr sin, féachtar leis an gcuspóir sin chuig feasacht, glacadh agus soláthar printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna i DLR a mhéadú. Cuimseoidh sé sin feasacht a ardú agus an soláthar printíseachtaí agus oiliúna a mhéadú i réimse na gceirdeanna traidisiúnta (e.g pluiméirí, pláistéirí, siúinéirí agus leictreoirí) agus i réimsí lárnacha eile mar TF. Féachfar leis freisin, áfach, chuig soláthar na gcúrsaí agus na hoiliúna sin a mhéadú i réimsí a bhaineann leis an ngeilleagar glas, amhail iarfheistiú agus foinsí in-athnuaite fuinnimh, chomh maith le hearnáil na mara, agus na deiseanna a ghabhann leis an gcuan i nDún Laoghaire curtha san áireamh. Bainfear é sin amach trí phlé leis an earnáil phríobháideach agus le soláthraithe oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear Bord Oideachais & Oiliúna Bhaile Átha Cliath & Dhún Laoghaire chun feasacht a ardú faoi chúrsaí reatha chomh maith le hailíniú a chinntiú idir an soláthar atá ar fáil agus riachtanais fhostóirí.

## Sprioc 3 Príomh-Thorthaí a Theastaíonn

- Méadú ar líon na ndaoine a ghabhann don fhoghlaim fhadsaoil.
- Taifead tugtha ar mhéadú ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus ghrúpaí leochaileacha a fhaigheann rochtain ar oiliúint agus oideachas.
- Líon méadaithe cúrsaí oiliúna & printíseachtaí ar fáil agus ar líon na rannpháirtithe cláraithe.



# 6.4 Sprioc 4, Cuspóirí agus Torthaí a Theastaíonn

## Sprioc 4: Acmhainn an Chontae mar cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe a bhaint amach agus earnáil oidhreachta agus chruthaitheach an Chontae a chosaint agus tacú léi

Tá áilleacht nádúrtha shuntasach le feiceáil i DLR, agus tá a thírdhreach spreagúil agus a thimpeallacht nádúrtha i measc cuid de na sócmhainní is luachmhaire agus de bhuanna móra an Chontae. Freisin, tá oidhreacht chultúrtha shaibhir agus earnáil chruthaitheach bhríomhar ag an gContae, a gcuireann an dá cheann acu le féiniúlacht uathúil, folláine fhoriomlán, agus bríomhaire eacnamaíoch an DLR. Nuair a chuirtear san áireamh na buanna sin chomh maith le hionad straitéiseach an Chontae, is léir go bhfuil acmhainn mhór ag DLR mar ionad turasóireachta. Mar gheall air sin, tá DLR i suíomh idéalach chun a thairiscint turasóireachta a fheabhsú agus a acmhainn iomlán a chomhlíonadh mar ionad móréilimh do chuairteoirí.

Is í aidhm an chuspóra sin leanúint ar aghaidh ag cur leis na héachtaí go dtí seo i ndáil le hacmhainn turasóireachta an Chontae agus fás agus inrochtaineacht earnáil na n-ealaíon, an chultúir agus na cruthaitheachta a chothú le go mbeidh an Contae iomlán in ann leas a bhaint as. Ag croílár an iarrachta sin tá cur chuige straitéiseach agus inbhuanaithe a chosnaíonn oidhreachta agus timpeallacht an Chontae chun tairbhe na nglúinte atá le teacht. Tá sé sin ag teacht leis an bPlean Forbartha Contae, is é sin Caibidil 11 (Oidhreacht agus Caomhantas) agus Caibidil 6 (Fiontraíocht agus Fostaíocht). Tá an sprioc sin ag teacht le Caibidil 6 an TROLT (Geilleagar agus Fostaíocht) agus Caibidil 9 (Cáilíocht Bheatha) chomh maith leis an SRSE, CSN 7 an CNP um Áiseanna agus Oidhreacht Fheabhsaithe, chomh maith le SFI 8, 12, 13 agus 15 de chuid na Náisiún Aontaithe.

### Cuspóir 4.1: Feasacht ar an gContae mar cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe a mhéadú (CFGI)

Chun cabhrú leis an gContae a acmhainn iomlán turasóireachta a bhaint amach, féachtar leis an gcuspóir sin infheictheacht DLR a mhéadú mar ionad turasóireachta nach mór cuairt a thabhairt air. Tá go leor le fáil sa Chontae do chuairteoirí agus chónaitheoirí araon, agus timpeallacht nádúrtha ann a chuimsíonn na sléibhte agus an cósta, oidhreacht shaibhir, go leor gníomhaíochtaí agus tarraingtí, agus gnólachtaí miondíola agus fáilteachais. Freisin, toisc go bhfuil sé gar do Bhaile Átha Cliath agus do phríomhlíonraí iompair ar fud an Chontae is éasca dó tuilleadh tairbhí a bhaint as a acmhainn turasóireachta. Chun é sin a dhéanamh, beidh gá le comhar idir príomhpháirtithe leasmhara atá rannpháirteach in earnáil na turasóireachta chun an Contae a chur chun cinn agus a mhargú ar bhealach níos comhordaithe agus spriocdhírithe. Anuas air sin, ba cheart áiseanna, oidhreacht agus tarraingtí an Chontae a chur chun cinn chun feasacht a mhéadú faoi na heispéiris atá ar fáil. Ar aon dul leis an straitéis turasóireachta nua, agus leis an mbeartas náisiúnta agus réigiúnach, áfach, ní mór earnáil na turasóireachta a chur chun cinn agus a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe lena gcosnaítear agus lena gcaomhnaítear timpeallacht agus oidhreacht an Chontae le haghaidh na nglúinte atá le teacht.

### Cuspóir 4.2: Leanúint le tairiscint turasóireachta an Chontae a fhorbairt agus a fheabhsú (CFGI)

Mar a tugadh faoi deara i gcuspóir 4.1 thuas, tá timpeallacht álainn nádúrtha agus raidhse tarraingtí agus áiseanna i DLR ar féidir le cuairteoirí agus cónaitheoirí leas a bhaint astu. Féachtar leis an gcuspóir sin chuig cur leis an dea-obair agus an rath atá bainte amach go dtí seo agus leas a bhaint as na buanna reatha chun tairiscint turasóireachta an Chontae a fheabhsú. Gabhfar don iarracht sin, áfach, agus béim shoiléir curtha ar fhorbairt fhreagrach agus ar inbhuanaitheacht a mhéadú ar fud earnáil na turasóireachta sa Chontae. Cuimseoidh sé na moltaí a chur i bhfeidhm a bhfuil cuntas orthu i Straitéis Turasóireachta DLR 2024 – 2028 agus tarraingtí tarraingtí agus eispéiris ardchaighdeáin bhreise a fhorbairt le go bhféadann daoine taitneamh a bhaint astu. Chomh maith leis sin, féachfar leis an gcuspóir sin chuig cinntiú go bhfuil a seirbhísí riachtanacha ar fáil chun tacú le hearnáil na turasóireachta sa Chontae. Áireofar leis sin tacú le raon de chóiríocht thar oíche a fhorbairt agus breathnú ar roghanna chun naisc iompair a fheabhsú idir tarraingtí agus taitneamhachtaí, i gceantair tuaithe ach go háirithe.

### Cuspóir 4.3: Tacú le hearnáil oidhreachta agus cruthaitheachta luachmhaire an Chontae agus í a cheiliúradh (CPI)

Tá ról tábhachtach ag earnáil oidhreachta agus chruthaitheach DLR ar fud an Chontae. Cuireann siad le mothú áite DLR, tarraingíonn siad cuairteoirí, agus cuireann siad go díreach le forbairt agus folláine an phobail agus leis an ngeilleagar. Agus é sin curtha san áireamh, leis an gcuspóir sin féachtar chuig oidhreacht shaibhir agus earnáil chruthaitheach an Chontae a cheiliúradh i gcaitheamh thréimhse an PÁEP. Áireofar leis sin Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta DLR a chur i bhfeidhm, agus rannpháirtíocht a spreagadh i dtionscnaimh chruthaitheacha agus chultúrtha ag pobail ar fud an Chontae, beag beann ar chúlra, aois ná cumas. Freisin tacóidh sé leis an nGaeilge agus breathnófar ar dheiseanna chun féilte agus imeachtaí DLR a fheabhsú agus a mhéadú. Ar an gcaoi chéanna, féachfaidh sé chuig tacú le sócmhainní oidhreachta an Chontae, iad a chosaint agus a chaomhnú le haghaidh na nglúinte atá le teacht agus ag an am céanna feasacht a ardú agus inrochtaineacht a fheabhsú trí acmhainní a fhorbairt ar líne.

## Sprioc 4 Príomh-Thorthaí a Theastaíonn

- Méadú ar líon na gcuairteoirí ó ionaid náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Moltaí an straitéis turasóireachta curtha chun cinn.
- Méadú ar líon na rannpháirtithe áitiúla i dtionscnaimh chultúir agus chruthaitheacha.



# 6.5 Sprioc 5, Cuspóirí agus Torthaí a Theastaíonn

## Sprioc 5: Contae sláintiúil, cuimsitheach agus ilghnéitheach a chur chun cinn a thacaíonn le dea-shláinte coirp agus folláine mheabhrach ar fud ár bpobail go léir

Tá Comhairle Contae DLR tiomanta chun Contae cuimsitheach agus sláintiúil a chothú ina dtugtar tacaíocht do phobail agus ina gcumhachtaítear iad chun a sláinte agus a bhfolláine, a sláinte fhisiceach agus mheabhrach araon, a fheabhsú. Is í aidhm na sprice sin cinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine sa Chontae ar thacaí, sheirbhísí agus áiseanna a ligeann dóibh saol folláin agus sásúil a chaitheamh. Bainfear é sin amach trí dhul i ngleic le roinnt réimsí agus cuimseoidh sé tionscnaimh a bhaineann le bochtaineacht agus leithlisiú a laghdú, cuimsiú a fheabhsú agus tacú le sláinte agus folláine (sláinte agus folláine fhisiceach agus mheabhrach araon) lena n-áirítear trí spóirt agus ghníomhaíocht fhisiceach. Anuas air sin, is tábhachtach a thabhairt faoi deara, gurb éagsúil agus gur fairsing riachtanais an phobail, lena n-áirítear iad siúd ó phobail leochaileacha agus imeallaithe, iad siúd faoi mhíchumas, daoine óga agus daoine scothaosta. Mar sin, chun an sprioc sin a bhaint amach beidh gá le cur chuige comhoibritheach ag roinnt páirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear Comhairle Contae DLR, an FSS, an LRP agus grúpaí pobail agus soláthraithe seirbhíse eile ar fud an Chontae.

Tá Sprioc 5 ag teacht le tionscnaimh náisiúnta reatha a bhaineann leis an gCreat Éire Fholláin agus leis an Straitéis Ceangal don Saol, agus le Plean Forbartha Contae DLR, go háirithe Caibidil 4 (Comharsanacht - Daoine, Tithe agus Áit) agus Caibidil 9 (Spás Oscailte, Páirceanna agus Caitheamh Aimsire). Tá dlúthnasc idir an sprioc seo freisin agus cuspóirí TROLT chun réigiún cuimsitheach a fhorbairt, mar a dtugtar sonraí orthu i gCaibidil 9 (Cáilíocht Bheatha) den SRSE, chomh maith le CSN 3 an PFN a bhaineann le Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe, agus CSN 10 atá dírithe ar Rochtain ar Sheirbhísí Ardchaighdeáin idir Seirbhísí Chúram Leanaí, Oideachais agus Sláinte. Chomh maith leis sin, comhfhreagraíonn sé do SFInna 1, 3, 5 agus 10 de chuid na Náisiún Aontaithe.

### Cuspóir 5.1: Feabhas a chur ar chomhionannas agus ar chuimsiú sóisialta ar fud na bpobal go léir (CPI)

Cuireann tionscnaimh lena gcuirtear chun cinn comhionannas agus cuimsiú sóisialta le leas daoine i bpobail ar fud DLR agus cabhraíonn siad le leithlisiú agus le huaigneas a chomhrac. Leis an gcuspóir sin féachtar chuig comhionannas agus cuimsiú a fheabhsú i bpobail go léir DLR agus ar an gcaoi sin cur lena bhfolláine mheabhrach agus fhisiceach. Áireofar leis cúnamh agus tacaí a thabhairt dóibh siúd as cúlraí leochaileacha agus imeallaithe, agus dóibh siúd atá faoi mhíchumas, do phobail nua, dhaoine scothaosta, agus do phobal an lucht taistil. Féachfar chuig cinntiú go spreagfar do gach pobal páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobail, i dtionscnaimh sláinte agus fholláine agus i gcinnteoireacht i ndáil le forbairt a gceantar áitiúil. Freisin féachfar chuig comhordú a fheabhsú idir na príomhpháirtithe leasmhara atá i mbun na cláir reatha a sholáthar agus tacú le leabharlanna agus le hionaid phobail agus chultúrtha agus iad a fhorbairt chun tionscnaimh phobail a chur ar fáil.

### Cuspóir 5.2: Dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an dhíothacht áit gurb ann dó (CPI)

Tá DLR i measc de na ceantair údaráis áitiúil is saibhre sa Stát. Léirítear sin sna leibhéil arda d'ioncam, d'úinéireacht tí agus de phoist bhainistíochta atá taifeadta sa Chontae. Is tábhachtach a aithint, áfach, gur léir freisin bochtaineacht agus díothú sa Chontae, agus roinnt ceantar aicmithe mar faoi mhíbhuntáiste nó faoi mhíbhuntáiste mór i gcomparáid leis na meáin náisiúnta. Mar sin, féachtar leis an gcuspóir sin chuig aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus díothú agus iad a laghdú áit gurbh ann dóibh. Is í an aidhm atá i gceist leis cabhrú leo siúd as cúlraí faoi mhíbhuntáiste rochtain a fháil ar na tacaí agus na seirbhísí riachtanacha a fhéadann cur le bochtaineacht a mhaolú agus le torthaí níos fearr i réimsí mar shláinte, oideachas agus fhostaíocht. Cuimseoidh sé tionscnaimh a chur i bhfeidhm faoin gclár CCSGP chun tacú le pobail faoi mhíbhuntáiste agus díothú a laghdú, chomh maith le tionscnaimh a bhaineann le tacaí teaghlaigh, comhairle do thuismitheoirí agus tacaí sonracha do dhaoine óga. Féachfar leis freisin chuig cinntiú go gcuirtear eolas soiléir ar fáil faoin gcineál tacaí agus seirbhísí ar féidir leas a bhaint astu sa phobal agus feasacht a ardú faoin soláthar reatha.

### Cuspóir 5.3: Sláinte agus folláine a fheabhsú ar fud an Chontae (CPI)

Le cuspóir 5.3, atá nasctha go díreach le cuspóir 5.1 agus 5.2 thuas, féachtar chuig sláinte agus folláine fhoriomlán, sláinte agus folláine fhisiceach agus mheabhrach araon, a fheabhsú. Agus é sin á dhéanamh aige, beidh sé mar aidhm aige tacú le tionscnaimh a fhéadann cur le sláinte fhisiceach agus mheabhrach fheabhsaithe. Áireofar leis sin tionscnaimh a bhaineann le hoidhreacht agus le cruthaitheacht, tionscnaimh a spreagann forbairt roghanna maireachtála folláine agus tionscnaimh a bhaineann leis an Straitéis Connecting for Life chun féinmharú a chosc. Freisin, féachfaidh sé le rannpháirtíocht i spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiceach a fheabhsú, beag beann ar chúlra ná cumas agus cinntiú go bhfreastalaíonn an bonneagar agus na háiseanna gaolmhara ar riachtanais an phobail. Freisin féachfar le foréigean teaghlaigh a chosc agus a laghdú agus leanúint ar aghaidh ag soláthar tacaí do theaghlaigh, leanaí agus dhaoine óga mar chuid de chur chuige iomlánaíoch i dtreo sláinte agus folláine. Mar a tugadh faoi deara cheanna, trí chuimsiú sóisialta agus comhionannas a fheabhsú, agus bochtaineacht a laghdú cuirfear le folláine an Chontae ar an iomlán agus mar sin, is tábhachtach go mbeidh gach ball de phobal DLR, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste nó iad siúd atá faoi mhíchumas, in ann leas a bhaint as agus páirt a ghlacadh sna seirbhísí agus sna gníomhaíochtaí a fhéadann cur le saol sláintiúil, sona agus sásúil a fhorbairt.

## Sprioc 5 Príomh-Thorthaí a Theastaíonn

- Méadú ar phlé agus rannpháirtíocht le tionscadail um chuimsiú sóisialta atá dírithe ar an bpobal.
- Taifead a dhéanamh ar laghdú ar an leibhéal díothaithe san Innéacs Díothaithe HP de chuid Pobal.
- Líon méadaithe daoine a thugann taifead ar shláinte mhaith nó sláinte an-mhaith.



# 6.6 Sprioc 6, Cuspóirí agus Torthaí a Theastaíonn

## Sprioc 6: Leanúint le bailte agus sráidbhailte nasctha, bríomhara agus inbhuanaithe a fhorbairt agus rannpháirtíocht ghníomhach agus rannpháirtíocht saoránach a chur chun cinn laistigh den Chontae

Tá príomhról ag bailte agus sráidbhailte sa Chontae agus iad ag tairiscint seirbhísí riachtanacha do chónaitheoirí, agus iad mar ionaid do ghnólachtaí agus tharraingtí le haghaidh cuairteoirí. Le déanaí, tá níos mó béime curtha ar a dtábhacht agus béim athnuaite curtha ar dheiseanna dá n-athbheochana, dá n-athghiniúint agus dá bhfás. Cosúil le go leor contaetha, tá dúshláin le sárú ag DLR maidir le foirgnimh fhoilmhe agus dhearóile agus ionaid uirbeacha a athbheochan, a d'fhéadfadh cur le meath eacnamaíoch agus pobail mura dtabharfaí aghaidh orthu. Leis an sprioc sin féachtar chuig tacú le hathbheochan agus le hathnuachan leanúnach bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae, agus pobail bhríomhara, athléimneacha agus nasctha a chothú. Cuimseoidh sé cinntiú go mbeidh neart cóiríochta ar fáil, aonaid fhoilmhe agus dhearóile a laghdú agus féachaint chuig iompar poiblí a fheabhsú ar fud an Chontae. Anuas air sin, agus ról ríthábhachtach na hearnála pobail agus deonaí i DLR á aithint, féachfaidh an sprioc sin chuig rannpháirtíocht sna grúpaí sin a neartú agus a spreagadh agus rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt an Chontae i gcoitinne a mhéadú.

Tá Sprioc 6 ag teacht go dlúth le Caibidil 6 (Fostaíocht agus Fiontraíocht) de PFC DLR chomh maith le Caibidil 3 (Daoine agus Áiteanna) agus Caibidil 9 (Cáilíocht Bheatha de SRSE TROLT). Comhfhreagraíonn sé freisin do CSN 1 an CNP atá dírithe ar Dhlúthfhás, CSN 4 ar Shoghluaisteacht Inbhuanaithe agus CSN 7 maidir le Taitneamhachtaí agus Oidhreacht Fheabhsaithe. Anuas air sin, tá sé ar aon dul le CFI 1, 10 agus 11 na Náisiún Aontaithe.

### Cuspóir 6.1: Leanúint ar aghaidh ag forbairt timpeallacht chomhoibritheach chun cóiríocht a sholáthar sa Chontae (CFGI & CPI)

Fadhb a mbíonn éifeacht aici fós ar phobail ar fud na Tíre, lena n-áirítear i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, é seachadadh agus fáil cóiríochta. Cuireann soláthar leordhóthanach agus inacmhainne tithíochta le fás a bhaint amach sa phobal agus sa gheilleagar. Leis an gcuspóir seo féachfar chuig príomhpháirtithe leasmhara a spreagadh atá i mbun cóiríocht a sholáthar i DLR, chun oibriú go comhoibritheach le cinntiú go bhfreastalaíonn an soláthar ar riachtanais agus éilimh an Chontae. Leis na meánphraghsanna réadmhaoine is airde sa Stát, cuspóir tábhachtach é sin a chuirfidh le folláine agus forbairt phobail chomh maith le bríomhaire bhailte agus shráidbhailte DLR. Ar an gcaoi chéanna, féachfar leis an gcuspóir chuig soláthar leordhóthanach tithíochta agus cóiríochta a chinntiú chun tacú le fás eacnamaíoch, lena n-áirítear i ndáil le gnólachtaí reatha agus chun tacú le hinfheistíocht nua.

### Cuspóir 6.2: Bailte agus sráidbhailte an Chontae a athnuachan chun nascacht agus inrochtaineacht a mhéadú (CFGI & CPI)

Mar a tugadh faoi deara roimhe seo, tá róil lárnacha ag bailte agus sráidbhailte an Chontae mar mhoil le haghaidh seirbhísí, gnólachtaí agus gníomhaíochtaí pobail. Freisin tugann siad mothú áite agus muintearais do phobail ar fud DLR agus béim bhreise curtha ar a dtábhacht le linn phaindéim COVID-19. Cosúil le go leor contaetha ar fud an Stáit, áfach, tá taifead tugtha ar chásanna de mheath, d'aonaid fhoilmhe agus de dhearóil. Féachtar leis an gcuspóir seo chuig bailte agus sráidbhailte an Chontae a athnuachan agus nascacht agus inrochtaineacht a mhéadú ar fud DLR. Cuimseoidh sé sin cloí le prionsabail an Bheartais Tús Áite do Lár an Bhaile agus áiteanna bríomhara, ilfheidhmiúla agus sábháilte a fhorbairt a mbeidh an pobal go léir in ann leas a bhaint astu agus rochtain a fháil orthu. Freisin féachfar leis chuig dul i ngleic le haonaid fhoilmhe agus le dearóil agus tacú le hearnáil bhríomhar mhiondíola agus fáilteachais a fhorbairt, lena n-áirítear tríd an ngeilleagar oíche a fhás. Anuas air sin, ar aon dul leis na tuairimí a tugadh le linn an chomhairliúcháin, féachfaidh sé chuig roghanna iompair phoiblí agus soghluaisteachta sa Chontae a mhéadú, go háirithe maidir le ceangail oirthir-iarthair. Áireofar leis sin breathnú ar roghanna um fheabhsú, lena n-áirítear an acmhainn um chuarbhealaí, le páirtithe leasmhara ábhartha.

### Cuspóir 6.3: Tacú le grúpaí deonacha agus pobail agus rannpháirtíocht i bhforbairt an Chontae a mhéadú (CPI)

Tá ról tábhachtach ag an earnáil phobail agus dheonach sa Chontae. Cuimsíonn sé go leor eagraíochtaí agus grúpaí a sholáthraíonn seirbhísí, tacaí, asraonta agus gníomhaíochtaí ríthábhachtacha a chuireann le folláine an phobail agus le comhtháthú sóisialta. Ar an gcaoi chéanna, cabhraíonn siad le cinntiú go n-éistear le tuairimí agus go bhfreastalaítear ar riachtanais an phobail agus go spreagtar spéis agus rannpháirtíocht pobal i bhforbairt a gceantar áitiúil. Mar a tarraingíodh aird air le linn an chomhairliúcháin, áfach, tugann an earnáil phobail agus dheonach aghaidh ar roinnt fadhbanna i ndáil le riarachán méadaithe, ballraíocht agus athnuachan bord. Agus é sin curtha san áireamh, is é aidhm an chuspóra seo tacú le grúpaí pobail agus deonacha agus rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt an Chontae a mhéadú. Áireofar leis sin tacaí forbartha acmhainne a chur r fáil chun dul i ngleic le riachtanais riaracháin agus feasacht a ardú faoi dheiseanna saorálachais chun cabhrú le baill nua a tharraingt chuig an earnáil. Ar an gcaoi chéanna, féachfaidh sé chuig roghanna agus tionscnaimh a iniúchadh le plé leis an bpobal a fheabhsú agus rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht rialtais áitiúil agus i bhforbairt an Chontae a fheabhsú.

# Sprioc 6 Príomh-Thorthaí a Theastaíonn

- Taifead a dhéanamh ar mhéadú ar líon na n-aonad cóiríochta a chuirtear ar fáil.
- Laghdú taifeadta ar an ráta d'aonaid ghnó fhoilmhe.
- Méadú ar líon agus minicíocht Bhealaí Iompair Phoiblí ar fud an chontae.
- Brat Corcra bainte amach.
- Líon méadaithe saorálaithe cláraithe agus ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí pobail ar fud an Chontae.



# 7. Plean Cur chun Feidhme

Sa chaibidil seo tugtar cuntas ar an bplean 2-bhliana tosaigh um chur i bhfeidhm PÁEP 2023-2028 a cur i bhfeidhm. Cuimsítear ann gníomhartha sonracha a chabhróidh leis na spriocanna, na cuspóirí agus na torthaí ardleibhéil a bhaint amach a bhfuil cuntas tugtha orthu sa chaibidil roimhe. Ar aon dul leis na treoirlínte nuashonraithe maidir le PÁEP a eisíodh i mí na Nollag 2021, déanfar athbhreithniú gach 2 bhliain ar an bplean chur i bhfeidhm. Leis an gcur chuige sin i dtreo chur i bhfeidhm tugtar níos mó solúbthachta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nach raibh coinne leo agus tugtar deis gníomhartha nua a chur in áit gníomhartha a d'fhéadfadh nach raibh dul chun cinn á dhéanamh maidir leo. Mar sin, beidh an PÁEP freagrúlach i gcónaí do riachtanais athraitheacha an Chontae i gcaitheamh an tréimhse sé-bliana, gné a chuireann béim ar a thábhacht maidir le forbairt eacnamaíoch agus phobail araon. Rud a bheidh ríthábhachtach chun tairbhí an chuir chuige níos solúbtha sin i dtreo chur i bhfeidhm é monatóireacht agus measúnú beacht ar dhul chun cinn i dtaobh an phlean thosaigh um chur i bhfeidhm agus an PÁEP ina iomlán.

Sa phlean tosaigh um chur i bhfeidhm, a bhfuil sonraí tugtha air thíos, tá 67 ngníomh a bhaineann leis na 6 sprioc ardleibhéil, na 19 gcuspóir agus a gcuid torthaí gaolmhara. Aithníodh príomhghníomhaireachtaí agus gníomhaireachtaí comhpháirtí chun na gníomhartha a chur i gcrích chomh maith le Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) do gach gníomh. Cosúil leis na spriocanna, na cuspóirí agus na torthaí, clúdaíonn na gníomhartha gnéithe eacnamaíocha agus pobail araon ar bhealach comhtháite, agus béim curtha ar an nádúr idirnasctha ar fud an phlean. Mar atá leagtha amach i dTreoirlínte PÁEP, sainítear na cuspóirí mar Chuspóirí um Fhorbairt Gheilleagrach Inbhuanaithe (CFGInna) agus/nó Cuspóirí Pobail Inbhuanaithe (CPInna). Tá an cineál cuspóra i.e. CFGI agus/nó CPI, aibhsithe do gach cuspóir sa phlean gníomhaithe thíos.






Ceapadh na gníomhartha laistigh de chomhthéacs beartas agus straitéisí reatha, lena n-áirítear an Plean Forbartha Contae, SRSE TROLT, agus an CNP lena bhfuil an CFPÁ ailínithe. Anuas air sin, mar atá leagtha amach sa Chomhthéacs Beartais i gCaibidil 2, bhí ról lárnach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe, i bhforbairt an CFPÁ a mhúnlú. I dteannta a chéile, cabhróidh na spriocanna, na cuspóirí, na torthaí agus na gníomhartha sin le forbairt inbhuanaithe an Chontae a threorú thar na blianta atá le teacht.



# 7.1 Sprioc 1

**Sprioc 1 Contae atá athléimneach ó thaobh na haeráide a chruthú trí dhea-chleachtas a chur chun cinn agus a sholáthar maidir le gníomhú ar son na haeráide, bithéagsúlacht agus an geilleagar ciorclach.**

**Cuspóir 1.1 Tionscnaimh um ghníomhú ar son haeráide agus tionscnaimh bhithéagsúlachta a chur chun feidhme chun tacú le haistriú DLR go Contae níos inbhuanaithe agus chun an comhshaol a chosaint**
*Cineál cuspóra: CPI*

**Cuspóir 1.2 Feasacht a ardú agus rannphháirtíocht i dtionscnaimh inbhuanaitheachta ar fud pobail agus gnólachtaí a spreagadh**
*Cuspóir: cineál CPI*

**Cuspóir 1.3 Úsáid modhanna iompair agus taistil níos inbhuanaithe a spreagadh**
*Cineál cuspóra: CPI & CFGI*

**Cuspóir 1.4 An Geilleagar Ciorclach sa Chontae a spreagadh agus a chur chun cinn**
*Cineál cuspóra: CPI & CFGI*

| | Gníomh | Ceannasaí |
|---|---|---|
| 1 | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Chontae 2024-2029 a chur i bhfeidhm. | Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, (CCDLR) |
| 2 | Gnólachtaí níos athléimní ó thaobh na haeráide de a spreagadh trí:<br>• A áirithiú go bhfuil gnólachtaí ar an eolas faoi dheontais agus faoi thacaíochtaí<br>• Feasacht a ardú faoi iarfheistiú agus faoi dheiseanna gnó fuinnimh in-athnuaite | OFÁ (CCDLR) |
| 3 | Oibriú le coláistí ar thionscadail atá neamhdhíobhálach don aeráid agus smaoinigh ar cheapachán foirne chun maoiniú AE a fháil do na tionscadail seo. | Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide (CCDLR) |
| 4 | Taisteal gníomhach i DLR a spreagadh agus a fhorbairt lena n-áirítear trí:<br>• Bonneagar taistil ghníomhaigh a thógáil<br>• Bealaí rothaíochta a chothabháil go maith<br>• Teagaisc ar shábháilteacht ar bhóithre | Taisteal Gníomhach (CCDLR) |
| 5 | Tacú le forbairt bonneagair fuinnimh in-athnuaite agus a úsáid a spreagadh ar fud an Chontae. | Bonneagar agus Athrú Aeráide (CCDLR) |
| 6 | Na gníomhartha inár bPlean Bithéagsúlachta (2021-2025) a dhéanamh, Straitéis Crann DLR – Aeráid do Chrainn (2024-2030), Plean Oidhreachta an Chontae (2021-2025) agus Straitéis um Chaomhnú agus Taighde Bithsféir (2022 – 2026). | Oifigeach Bithéagsúlachta (CCDLR) |

***Ailíniú SFI:***

***Ailíniú SFI:***

***Ailíniú SFI:***

***Ailíniú SFI:***

***Ailíniú SFI:***

| Comhpháirtithe | Aschuir/KPInna | Achar ama |
|---|---|---|
| CCDLR, ORGA | • Líon na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm mar chuid den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide nua | 2024 - 2029 |
| CCDLR, OFÁ, FÉ, UFIÉ, Comhlachais Tráchtála DLR, ORGA, CDCDLR, CFGAG | • Líon na seisiún faisnéise a reáchtáladh<br>• Líon na ngnólachtaí a bhaineann úsáid as tacaíochtaí | Ar siúl |
| CCDLR, UFIE, soláthraithe tríú leibhéal, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, DLR CSLDÓ | • Líon na dtionscnamh comhoibríoch inbhuanaitheachta agus aeráide a cuireadh i bhfeidhm/atá ar siúl<br>• Bunaíodh an fhéidearthacht maidir le poitéinseal acmhainne láraithe | Ar siúl |
| CCDLR | • Ciliméadair de bhuanghréasán rothaíochta scartha<br>• Líon na seisiún oideachais ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar rothaíocht a reáchtáladh<br>• Plean/sceideal um chothabháil taistil ghníomhaigh i bhfeidhm | Ar siúl |
| CCDLR, UFIÉ | • Líon na dtionscnamh bonneagair fuinnimh in-athnuaite<br>• Líon cruinnithe/coinní poiblí ábhartha<br>• Líon na dtionscadal téimh Dúiche ar tugadh tacaíocht dóibh | Ar siúl |
| CCDLR i gcomhar leis an bpobal, leis an earnáil phríobháideach agus le príomhpháirtithe leasmhara eile | • Líon na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm ón bPlean Bithéagsúlachta (2021-2025)<br>• Líon na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm ó Straitéis Crann DLR – Aeráid do Chrainn (2024-2030)<br>• Líon na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm ón bPlean Oidhreachta Contae (2021-2025)<br>• Líon na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm ón Straitéis um Chaomhnú agus Taighde Bithsféir (2022 - 2026) | Ar siúl |

# **Sprioc 1** *Ar lean.*

| | Gníomh | Ceannasaí |
|---|---|---|
| **7** | Feasacht a ardú ar thionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide agus faisnéis a chur ar fáil do gach duine sa phobal faoi conas a bheith rannpháirteach. | Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide (CCDLR) |
| **8** | Tacú le forbairt gnó sa gheilleagar glas. | OFÁ (CCDLR) |
| **9** | Tionscnaimh inbhuanaitheachta agus geilleagair chiorclaigh a spreagadh lena n-áirítear trí:<br>• Leanúint de thionscnaimh a chur chun cinn mar chuid den chrios dícharbónaithe i nDún Laoghaire agus ar an gCarraig Dhubh<br>• Feasacht a ardú agus áiseanna athchúrsála a chur chun cinn sa Chontae agus spreagadh a thabhairt maidir le leathnú na scéime i dtaca le buidéil phlaisteacha agus cannaí a thabhairt ar ais<br>• Tacú le tionscnaimh le Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe DLR agus iad a chur chun cinn<br>• Tacú le hiarfheistiú agus é a chur chun cinn lena n-áirítear maidir le stoc foirgneamh na comhairle | Bonneagar agus Athrú Aeráide (CCDLR) |
| **10** | • Iniúchadh a dhéanamh ar réitigh nuálaíocha soláthair chun cabhrú le gnólachtaí aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach. | CFGAG |

| Comhpháirtithe | Aschuir/KPInna | Achar ama |
|---|---|---|
| CCDLR, CDCDLR, LRP DLR | • Líon na seisiún faisnéise a reáchtáladh<br>• Faisnéis soiléir a foilsíodh | Ar siúl |
| OFÁ, CCDLR, FÉ | • Líon na ngnólachtaí a fhaigheann tacaíocht agus iad ag feidhmiú sa gheilleagar glas | Ar siúl |
| CCDLR, ORGA, WEEE Éireann, CFGAG, OFÁ | • Líon na dtionscnamh a cuireadh chun cinn mar chuid den chrios dícharbónaithe<br>• Líon na dtionscnamh a cuireadh chun cinn le Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe DLR<br>• Líon na ngnólachtaí a chuireann i bhfeidhm an scéim i dtaca le buidéil phlaisteacha agus cannaí a thabhairt ar ais<br>• Líon na dtionscadal iarfheistithe fuinnimh a rinneadh<br>• Líon na dtionscadal arna maoiniú tríd an gCiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide | Ar siúl |
| CFGAG | • Dul Chun Cinn an Ardáin Seirbhíse Poiblí do Bhardas Ciorclach, Nuálaíoch agus Athléimneach trí thionscadal Soláthair Réamhthráchtála | Ar siúl |

# 7.2 Sprioc 2

**Sprioc 2 Tabhairt faoi fhorbairt chothromaithe an gheilleagair áitiúil agus an timpeallacht ghnó a threisiú chun geilleagar cruthaitheach, cuimsitheach agus láidir a fhorbairt**

**Cuspóir 2.1 Comhoibriú a mhéadú agus an Contae a chur chun cinn mar shuíomh den scoth chun gnó a dhéanamh ann**
*Cineál cuspóra: CFGI*

**Cuspóir 2.2 Infheistíocht nua a mhealladh, tacú le gnólachtaí atá ann cheana féin agus fostaíocht inbhuanaithe a spreagadh ar fud an Chontae**
*Cineál cuspóra: CFGI*

**Cuspóir 2.3 Feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó, fiontraíocht a spreagadh agus braislí nuálacha a fhorbairt**
*Cineál cuspóra: CFGI*

| | Gníomh | Ceannasaí |
|---|---|---|
| 11 | An branda 'Comhoibriú DLR' a fhorbairt chun an Contae a chur chun cinn mar áit chónaithe, chun cuairt a thabhairt uirthi agus chun oibriú inti. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 12 | Ábhar fógraíochta a tháirgeadh a leagann béim ar an deis gnó sa Chontae. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 13 | Oibriú le daoine eile chun tionscnaimh a thabhairt isteach chun tacú leis an ngeilleagar cruthaitheach, lena n-áirítear breithniú ar mhol cruthaitheach. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 14 | Oibriú i gcomhpháirtíocht le tionscal na scannán chun an Contae a chur chun cinn mar cheann scríbe a thacaíonn le scannáin. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 16 | Oibriú le gnóthaí mara chun Braisle Mhara a fhorbairt sa Chontae. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 17 | Tacú le forbairt Fiontar Sóisialta sa Chontae. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 18 | Staidéar a dhéanamh ar thodhchaí na bpatrún oibre sa Chontae agus an bonneagar agus na tacaíochtaí a theastaíonn dá bharr. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 19 | Iniúchadh scileanna a dhéanamh ar fud an Chontae. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |

***Ailíniú SFI:***

***Ailíniú SFI:***

***Ailíniú SFI:***

***Ailíniú SFI:***

| Comhpháirtithe | Aschuir/KPInna | Achar ama |
|---|---|---|
| CCDLR, OFÁ, FÉ, UFIÉ, Comhlachais Tráchtála DLR, CDCDLR, CFGAG | • Forbraíodh an branda | Ar siúl |
| CCDLR, FÉ, GFI, An Coláiste Ollscoile, BÁC, IEDT, CFGAG, an earnáil phríobháideach | • Forbraíodh an tairiscint luacha | R4 2024 |
| CCDLR, OFÁ, IEDT, Éire Ildánach, CFGAG, An Coláiste Ollscoile, BÁC, DLR CSLDÓ | • Líon na dtionscnamh a cuireadh isteach a thacaíonn leis an ngeilleagar cruthaitheach | Ar siúl |
| CCDLR, IEDT, Fís Éireann | • Staidéar féidearthachta a fhorbairt<br>• Líon na dtacaíochtaí scannánaíochta atá ar fáil<br>• Idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara an tionscail<br>• Oifig Scannán a fhorbairt | R4 2024 |
| CCDLR, FÉ, GFI | • Rinneadh dul chun cinn maidir le braisle mhara a fhorbairt | R4 2024 |
| CCDLR, CDCDLR, LRP DLR | • Líon na bhfiontar sóisialta sa Chontae<br>• Líon na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm ón Straitéis Fiontair Shóisialta | Ar siúl |
| CCDLR, CFGAG | • Cuireadh an staidéar i gcrích | R2 2025 |
| DLR, Tionól Réigiúnach Scileanna, Skillnet | • Cuireadh an t-iniúchadh i gcrích | R2 2025 |

# **Sprioc 2** *Ar lean.*

| | Gníomh | Ceannasaí |
|---|---|---|
| 20 | Leanúint ar aghaidh ag tacú le gnó trí:<br>• Faisnéis shoiléir a phoibliú ar thacaíochtaí agus dreasachtaí gnó<br>• Faisnéis shoiléir a phoibliú maidir le conas gnó a bhunú<br>• Faisnéis ar thacaíochtaí gnó a sholáthar go díreach do ghnólachtaí trí chlinicí faisnéise agus comhairle ar fud an Chontae | OFÁ (CCDLR) |
| 21 | Oibriú chun rannpháirtíocht daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine faoi mhíchumas agus grúpaí leochaileacha eile i seirbhísí tacaíochta fostaíochta a fheabhsú, lena n-áirítear trí fhor-rochtain agus bainistíocht cásanna éifeachtach a sholáthar. | Pobal (CCDLR) |
| 22 | Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'eagraíochtaí gnó ar fud an Chontae. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 23 | Tacú le deiseanna eacnamaíocha trí mháistirphlean do Chuan Dhún Laoghaire a fhorbairt. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 24 | Staidéar féidearthachta a dhéanamh ar fhorbairt ionad comhdhála/mór-imeachtaí sa Chontae. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 25 | Oifig Tionscadal AE a bhunú chun tionscadail agus maoiniú ábhartha a aithint. | CCDLR |
| 26 | Bonneagar a fhorbairt chun gnólachtaí agus fostaithe a mhealladh agus a choinneáil i gCeantar Gnó Áth an Ghainimh. | ICC, Pobal, Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 27 | Tacú le comhoibriú i dtaighde agus forbairt idir BID Áth an Ghainimh agus institiúidí tríú leibhéal i dteicneolaíocht an airgeadais, i mbith-theicneolaíocht agus i bpríomhthionscadail eile. | CCDLR |

| Comhpháirtithe | Aschuir/KPInna | Achar ama |
|---|---|---|
| OFÁ, CCDLR | • Líon na ngnólachtaí a bhaineann úsáid as tacaíochtaí agus as dreasachtaí<br>• Foilsíodh faisnéis shoiléir maidir le conas gnó a bhunú<br>• Líon na gclinicí a reáchtáladh | Ar siúl |
| CCDLR, DSP, BOOBÁCDL, CDCDLR | • Líon na ndaoine aonair a bhaineann úsáid as tacaíochtaí<br>• Líon na ndaoine aonair a fhaigheann fostaíocht | Ar siúl |
| CCDLR | • Líon na n-eagraíochtaí gnó sa Chontae | Ar siúl |
| CCDLR | • Tacaíodh le deiseanna eacnamaíocha sa Mháistirphlean Cuain | R2 2025 |
| CCDLR | • Cuireadh an staidéar i gcrích | R2 2025 |
| CCDLR | • Bunaíodh an oifig | R2 2025 |
| CCDLR, NTA, CFGAG | • Seachadadh Acomhal 14 ar an M50<br>• Cuireadh bealaí rothaíochta feabhsaithe i bhfeidhm<br>• Seachadadh saoráidí pobail<br>• Seachadadh páirceanna | Ar siúl |
| CCDLR, BID Áth an Ghainimh, An Coláiste Ollscoile, BÁC | • Líon na dtionscadal ar tacaíodh leo | Ar siúl |

# 7.3 Sprioc 3

**Sprioc 3 Conairí chuig fostaíocht a fhorbairt trí dheiseanna oideachais agus oiliúna a fheabhsú do chách.**

**Cuspóir 3.1 Foghlaim ar feadh an tsaoil a spreagadh agus infhostaitheacht mhuintir an Chontae a mhéadú**
*Cineál cuspóra: CPI & CFGI*

**Cuspóir 3.2 Tacú le grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus grúpaí leochaileacha le rochtain a fháil ar oideachas agus ar oiliúint**
*Cineál cuspóra: CPI & CFGI*

**Cuspóir 3.3 Feasacht, glacadh agus soláthar printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna sa Chontae a mhéadú**
*Cineál cuspóra: CPI & CFGI*

| | Gníomh | Ceannasaí |
|---|---|---|
| **28** | Feasacht ar an BOTBACDL agus a chuid cúrsaí a mhéadú, agus soláthar printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna a neartú, lena n-áirítear maidir le ceirdeanna traidisiúnta, an geilleagar glas, agus earnáil na mara. | BOOBÁCDL |
| **29** | Dul i dteagmháil le gach páirtí leasmhar ar bhonn bliantúil chun riachtanais oiliúna a fháil amach agus aghaidh a thabhairt orthu. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| **30** | Clubanna obair bhaile iarscoile pobail, cláir dhianteagaisc agus tacaíochtaí do thuismitheoirí a sholáthar, agus naisc níos fearr a fhorbairt le scoileanna DEIS chun cabhrú le pobail faoi mhíbhuntáiste a gcuid oideachais a fhorbairt. | CDCDLR |
| **31** | Leanúint ar aghaidh ag neartú agus ag soláthar seirbhísí tábhachtacha don phobal trí leabharlanna DLR lena n-áirítear tacú le litearthacht, le huimhearthacht agus le forbairt scileanna eile (lena n-áirítear scileanna digiteacha), chomh maith le foghlaim ar feadh an tsaoil a spreagadh, agus teicneolaíocht a úsáid chun tacú le hinrochtaineacht. | Seirbhís Leabharlainne (CCDLR) |
| **32** | Oiliúint chomhleanúnach agus chomhtháite agus tacaíochtaí spriocdhírithe a fhorbairt do phobail nua (lena n-áirítear dídeanaithe agus imircigh eile) chun cabhrú leo i bhfostaíocht agus i mbreisoideachas. | BOOBÁCDL |
| **33** | Feabhas a chur ar sholáthar agus ar fheasacht ar dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus ar chláir oiliúna creidiúnaithe do dhaoine aonair spriocdhírithe. | Pobal & Cultúr (CCDLR) |
| **34** | Glacadh scileanna digiteacha le haghaidh oibre agus saoil do chách a chur chun cinn. | Pobal & Cultúr (CCDLR) |
| **35** | Feabhas a chur ar sholáthar clár fostaíochta i CCDLR do chéimithe nua. | (Acmhainní Daonna) CCDLR |
| **36** | Fostaíocht daoine faoi mhíchumas agus daoine ó chúlraí eile faoi mhíbhuntáiste a mhéadú i CCDLR trí chláir fostaíochta tacaithe a sholáthar. | Acmhainní Daonna (CCDLR) |

| | |
|---|---|
| ***Ailíniú SFI:*** |  |
| ***Ailíniú SFI:*** |  |
| ***Ailíniú SFI:*** |  |
| ***Ailíniú SFI:*** |  |

| Comhpháirtithe | Aschuir/KPInna | Achar ama |
|---|---|---|
| BOOBÁCDL, CCDLR, CDCDLR, | • Líon na bprintíseachtaí agus na gcúrsaí oiliúna atá ar fáil<br>• Líon na rannpháirtithe ar chúrsaí BOOBÁCDL | Ar siúl |
| CCDLR, BOOBÁCDL, SOLAS, An Coláiste Ollscoile, BÁC, IEDT, Fóram Réigiúnach Scileanna, CFGAG | • Cuireadh an comhairliúchán bliantúil i gcrích | Ar siúl |
| CDCDLR agus comhpháirtithe, DLR CSLDÓ, IAT | • Líon na dtuismitheoirí a bhaineann úsáid as tacaíochtaí<br>• Líon na gclubanna obair bhaile iarscoile agus na gclár dianteagaisc<br>• Líon na ndaltaí a fhreastalaíonn orthu | Ar siúl |
| Seirbhís Leabharlainne CCDLR, IAT | • Líon na ndaoine aonair a bhaineann úsáid as seirbhísí leabharlainne | Ar siúl |
| CCDLR, CDCDLR, BOOBÁCDL, DEASP, IAT | • Líon na dtacaíochtaí agus na gcúrsaí oiliúna atá ar fáil do phobail nua<br>• Líon na ndaoine aonair a bhaineann úsáid as tacaíochtaí agus as oiliúint | Ar siúl |
| BOOBÁCDL, CDCDLR, DLR CSLDÓ, IAT, Crosscare agus soláthraithe tríú leibhéal | • Líon na ndaoine aonair atá páirteach i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil | Ar siúl |
| BOOBÁCDL, IAT, Seirbhís Leabharlainne CCDLR, OFÁ, LRP DLR | • Líon na gcúrsaí a reáchtáladh<br>• Líon na ndaoine a d'fhreastail orthu | Ar siúl |
| CCDLR | • Tugadh isteach cláir | R3 2024 |
| CCDLR | • Tugadh isteach cláir | R2 2025 |

# 7.4 Sprioc 4

| Sprioc 4 Acmhainn an Chontae mar cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe a bhaint amach agus earnáil oidhreachta agus chruthaitheach an Chontae a chosaint agus tacú léi | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir 4.1 Feasacht ar an gContae mar cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe a mhéadú**<br>*Cineál cuspóra: CFGI* | | |
| **Cuspóir 4.2 Leanúint le tairiscint turasóireachta an Chontae a fhorbairt agus a fheabhsú**<br>*Cineál cuspóra: CFGI* | | |
| **Cuspóir 4.3 Tacú le hearnáil oidhreachta agus cruthaitheachta luachmhaire an Chontae agus í a cheiliúradh**<br>*Cineál cuspóra: CPI* | | |

| | Gníomh | Ceannasaí |
|---|---|---|
| **37** | Straitéis nua Turasóireachta a fhorbairt don Chontae agus na gníomhartha molta a chur i bhfeidhm. | Aonad Turasóireachta (CCDLR) |
| **38** | Áiteanna nua a mbíonn an-tóir ag turasóirí orthu agus eispéiris nua a fhorbairt do chuairteoirí agus do mhuintir na háite. | Aonad Turasóireachta (CCDLR) |
| **39** | An Contae a mhargú agus a chur chun cinn mar cheann scríbe Turasóireachta. | Aonad Turasóireachta (CCDLR) |
| **40** | Deiseanna iompair tuaithe a fhiosrú. | Aonad Turasóireachta (CCDLR) |
| **41** | Feabhas a chur ar chomhordú clár imeachtaí agus cur le líon na n-imeachtaí agus na bhféilte. | Aonad Turasóireachta & Imeachtaí (CCDLR) |
| **42** | Tacú le forbairt roghanna cóiríochta thar oíche sa Chontae agus iad a chur chun cinn. | Aonad Turasóireachta (CCDLR) |
| **43** | Sócmhainní oidhreachta an Chontae a chosaint agus a chur chun cinn trí:<br>• Pleananna caomhnaithe a fhorbairt<br>• Infheictheacht, rochtain agus inrochtaineacht mhéadaithe ar shócmhainní oidhreachta an Chontae | Aonad Oidhreachta, Aonad Caomhnaithe, Ailtirí (CCDLR) |
| **44** | Na gníomhartha i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chur i bhfeidhm agus imeachtaí a reáchtáil chun an oiread daoine agus is féidir a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha agus iniúchadh a dhéanamh ar oidhreacht chultúrtha agus ar stair áitiúil. | Leabharlanna agus Ealaíona (CCDLR) |
| **45** | Cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn in earnáil na turasóireachta. | OFÁ, Aonad Turasóireachta (CCDLR) |

| | |
|---|---|
| ***Ailíniú SFI:*** | |
| ***Ailíniú SFI:*** | |
| ***Ailíniú SFI:*** | |
| ***Ailíniú SFI:*** | |

| Comhpháirtithe | Aschuir/KPInna | Achar ama |
|---|---|---|
| CCDLR, Fáilte Éireann | • Forbraíodh straitéis nua turasóireachta<br>• Líon na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm ón straitéis nua turasóireachta | Ar siúl |
| CCDLR, Fáilte Éireann | • Líon na n-áiteanna nua a mbíonn an-tóir ag turasóirí orthu | Ar siúl |
| CCDLR, Fáilte Éireann | • Líon na bhfeachtas promóisin | Ar siúl |
| CCDLR, Fáilte Éireann | • Sainaithníodh roghanna<br>• Líon na mbealaí a feabhsaíodh/a cuireadh leis | R2 2025 |
| CCDLR, Fáilte Éireann | • Líon na n-imeachtaí ar tugadh tacaíocht dóibh | Ar siúl |
| CCDLR, Fáilte Éireann | • Cruthaíodh tairiscint luacha don tionscal.<br>• Líon na seisiún rannpháirtíochta leis an tionscal | Ar siúl |
| CCDLR | • Líon na bpleananna caomhnaithe a forbraíodh<br>• Líon na mbailiúchán agus na láithreán oidhreachta atá inrochtana ar líne agus go pearsanta<br>• Stocáireamh na hOidhreachta Tógtha a chríochnú i gcomhar le Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta | Ar siúl |
| CCDLR, LRP DLR, Éire Ildánach | • Líon na dtionscadal san earnáil chruthaitheach ar tugadh tacaíocht dóibh<br>• Líon na ngníomhaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm ó Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2023 -2027<br>• Tugadh chun críche athbhreithniú ar fhéilte agus imeachtaí agus aithníodh deiseanna le haghaidh feabhsaithe<br>• Líon na dtionscnamh Gaeilge ar tugadh tacaíocht dóibh<br>• Líon na ndaoine aonair a ghlacann páirt i dtionscnaimh chruthaitheacha agus chultúrtha | Ar siúl |
| CCDLR, Fáilte Éireann | • Líon na gcúrsaí a reáchtáladh agus líon na ngnólachtaí a d'fhreastail orthu.<br>• Líon na bhfaighteoirí deontais.<br>• Páirt a ghlacadh i dTionscadal Limistéir an Atlantaigh INTERREG, POST. | Ar siúl |

# 7.5 Sprioc 5

**Sprioc 5 Contae sláintiúil, cuimsitheach agus ilghnéitheach a chur chun cinn a thacaíonn le dea-shláinte coirp agus folláine mheabhrach ar fud ár bpobail go léir**

**Cuspóir 5.1 Feabhas a chur ar chomhionannas agus ar chuimsiú sóisialta ar fud na bpobal go léir**
*Cineál cuspóra: CPI*

**Cuspóir 5.2 Dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an dhíothacht áit is ann dó**
*Cineál cuspóra: CPI*

**Cuspóir 5.3 Sláinte agus folláine a fheabhsú ar fud an Chontae**
*Cineál cuspóra: CPI*

| | Gníomh | Ceannasaí |
|---|---|---|
| **46** | Comhoibriú idirghníomhaireachta a mhéadú chun oibriú le príomhpháirtithe leasmhara maidir le comhordú agus seachadadh na gclár agus na straitéisí atá ann cheana féin mar an Straitéis a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus Straitéis an Chomhchoiste Póilíneachta. | Pobal, Cultúr agus Páirceanna (CCDLR) |
| **47** | Eolaire soiléir de sheirbhísí pobail sa Chontae a fhorbairt agus a fhógairt. | Pobal, Cultúr agus Páirceanna (CCDLR) |
| **48** | Cuimsiú sóisialta a chur chun cinn ar fud an Chontae, oibriú le dul i ngleic le bochtaineacht agus díothacht nuair is ann dóibh, agus pobail imeallaithe a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobail agus i gcinnteoireacht. | Pobal, Cultúr agus Páirceanna (CCDLR) |
| **49** | Oibriú chun gach pobal a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sláinte agus folláine chun tacú le stíleanna maireachtála sláintiúla, iargúltacht shóisialta a laghdú agus sláinte ghinearálta agus folláine mheabhrach a fheabhsú. | Pobal, Cultúr agus Páirceanna (CCDLR) |
| **50** | Tionscnaimh tacaíochta teaghlaigh a sholáthar agus a chur chun cinn, lena n-áirítear comhairle luath-thuismitheoireachta, roghanna cothaithe agus cúraim leanaí. | CSLDÓ |
| **51** | Tacú le tionscnaimh chun Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscne-bhunaithe a chosc agus a laghdú, lena n-áirítear Tearmann Ban a fhorbairt sa Chontae. | Pobal, Cultúr agus Páirceanna (CCDLR) |
| **52** | Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun seirbhísí agus tacaíochtaí a aithint agus a sheachadadh do dhaoine óga agus gníomhartha a sheachadadh i bPlean Leanaí agus Daoine Óga DLR agus an aidhm leis torthaí a fheabhsú. | CSLDÓ |
| **53** | Soláthar imleor bonneagair spóirt a áirithiú agus cláir a fhorbairt chun gach duine sa phobal a spreagadh chun páirt a ghlacadh i spóirt agus i ngníomhaíocht choirp. | Comhpháirtíocht Spóirt DLR |

*Ailíniú SFI:*

*Ailíniú SFI:*

*Ailíniú SFI:*

*Ailíniú SFI:*

| Comhpháirtithe | Aschuir/KPInna | Achar ama |
|---|---|---|
| CCDLR, CDCDLR, DLR CSLDÓ, LRP DLR, IAT, DDETB, TDADLR, Comhpháirtíocht Spóirt | • Bunaíodh grúpa oibre idirghníomhaireachta um fhorbairt pobail<br>• Grúpa Stiúrtha Cathracha Gníomhacha ag soláthar ceannaireachta agus comhoibrithe chun rannpháirtíocht i Spórt agus i nGníomhaíocht sa Chontae a mhéadú<br>• Líon na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm ón Straitéis a Thacaíonn le Daoine Breacaosta<br>• Líon na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm ó Straitéis an Chomhchoiste Póilíneachta | Ar siúl |
| CCDLR, FSS, CSLDÓ | • Rinneadh seirbhísí pobail a mhapáil le comhpháirtithe agus foilsíodh eolaire | R3 2025 |
| CCDLR, CDCDLR, IAT, LRP DLR, TDADLR | • Líon na ndaoine aonair agus na ngrúpaí a fuair tacaíocht ón gclár CCSGP<br>• Forbraíodh Plean nuashonraithe um Imeascadh agus Éagsúlacht.<br>• Líon na ndaoine aonair a bhaineann úsáid as tacaíochtaí míchumais<br>• Líon na ndaoine gan dídean a taifeadadh | Ar siúl |
| CCDLR, FSS, CDCDLR, SAFB, Tusla, TDADLR, DLR CSLDÓ, Comhpháirtíocht Spóirt | • Líon na dtionscnamh sláinte agus folláine a cuireadh i bhfeidhm | Ar siúl |
| CCDLR, CDCDLR, IATanna, DLR CSLDÓ, TDADLR, FSS | • Líon na dtionscnamh tacaíochta teaghlaigh a cuireadh i bhfeidhm | Ar siúl |
| CCDLR, FSS, CDCDLR, SAFB, Tusla, IAT, TDADLR | • Líon na dtionscnamh ar tugadh tacaíocht dóibh<br>• Oibriú leanúnach an Líonra SAVE (Deisceart na Cathrach ag Tabhairt Aghaidh ar Fhoréigean go hÉifeachtach) i gContae DLR.<br>• Rinneadh dul chun cinn ar Thearmann Ban | R4 2025 |
| CCDLR, DLR CSLDÓ, Comhairle na nÓg DLR, FSS, CDCDLR, Crosscare, IAT, TDADLR | • Líon na seisiún múscailte feasachta a reáchtáladh maidir le cothú, roghanna sláintiúla saoil agus folláine mheabhrach<br>• Líon na spásanna sábháilte atá ar fáil do dhaoine óga chun sóisialú a dhéanamh iontu<br>• Líon na seisiún faisnéise a reáchtáladh maidir le rannpháirtíocht i ngrúpaí pobail, oidhreachta agus spóirt.<br>• Líon na ndaoine óga ar tugadh tacaíocht dóibh | Ar siúl |
| Comhpháirtíocht Spóirt DLR, IAT, CCDLR | • Líon na ndaoine aonair a ghlacann páirt i spóirt agus i ngníomhaíocht choirp<br>• Líon na bhfeabhsuithe nó na bhforbairtí nua maidir le soláthar bonneagair spóirt<br>• Líon na dtionscnamh a cuireadh i bhfeidhm faoin gClár Cathrach Gníomhach<br>• Líon na gclár míchumais | Ar siúl |

# **Sprioc 5** *Ar lean.*

| | Gníomh | Ceannasaí |
|---|---|---|
| 54 | Tionscnaimh oidhreachta agus cruthaitheacha a chur chun cinn chun tacú le folláine agus cuimsiú. | Pobal, Cultúr agus Páirceanna (CCDLR) |
| 55 | Leanúint d'úsáid na leabharlann agus na n-ionad pobail a fhorbairt chun rochtain, cuimsiú agus forbairt pobail inár gContae a chur chun cinn. | Pobal, Cultúr agus Páirceanna (CCDLR) |
| 56 | Seachadadh áiseanna pobail agus cultúrtha nua agus feabhsaithe a chur chun cinn i gcás go bhfuil gá leis an infheistíocht seo. | Pobal, Cultúr agus Páirceanna (CCDLR) |
| 57 | Gníomhartha sa Bheartas Súgartha a sheachadadh chun áiteanna súgartha a leathnú. | Pobal, Cultúr agus Páirceanna (CCDLR) |
| 58 | Plean Áitiúil Spóirt a fhorbairt a leagfaidh amach conas rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú sa Chontae. | CCDLR |



| Comhpháirtithe | Aschuir/KPInna | Achar ama |
|---|---|---|
| Seirbhís Leabharlainne CCDLR, CCDLR | • Líon na dtionscnamh oidhreachta agus cruthaitheacha a thug tacaíocht don fholláine agus do chuimsiú<br>• Infhaighteacht clár/spásanna dóibh siúd a bhfuil riachtanais néara-éagsúlachta acu. | Ar siúl |
| Seirbhís Leabharlainne CCDLR, CCDLR | • Líon na n-imeachtaí agus na gclár cuimsitheach<br>• Staitisticí NOAC | Ar siúl |
| CCDLR | • Líon na n-ionad pobail, na n-áiseanna leabharlainne agus na n-ionad cultúrtha. | Ar siúl |
| An Roinn Páirceanna CCDLR, DLR CSLDÓ | • Líon na spásanna súgartha cuimsitheacha sa Chontae | Ar siúl |
| CCDLR, Comhpháirtíocht Spóirt, Fóillíocht DLR | • Críochnú agus rolladh amach Phlean Áitiúil Spóirt oiriúnach don fheidhm do DLR | R4 2024 |



# 7.6 Sprioc 6

**Sprioc 6 – Leanúint le bailte agus sráidbhailte nasctha, bríomhara agus inbhuanaithe a fhorbairt agus rannpháirtíocht ghníomhach agus rannpháirtíocht saoránach a chur chun cinn laistigh den Chontae**

**Cuspóir 6.1 Leanúint le forbairt timpeallacht chomhoibríoch a fhorbairt chun cóiríocht a sholáthar sa Chontae**
*Cineál cuspóra: CFGI & CPI*

**Cuspóir 6.2 Bailte agus sráidbhailte an Chontae a athnuachan agus nascacht agus inrochtaineacht a mhéadú**
*Cineál cuspóra: CFGI & CPI*

**Cuspóir 6.3 Tacú le grúpaí deonacha agus pobail agus rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt an Chontae a mhéadú**
*Cineál cuspóra: CPI*

| | Gníomh | Ceannasaí |
|---|---|---|
| 59 | Leanúint de thacú le soláthar tithíochta agus cóiríochta sa Chontae. | Pleanail, Tithíocht(CCDLR) |
| 60 | Obair chun dul i ngleic le tréigean tráchtála agus folúntais ar fud an Chontae trí:<br>• Faisnéis a chur i dtoll a chéile ar réadmhaoin atá folamh go fadtéarmach<br>• Úsáid ghníomhach a bhaint as foirgnimh<br>• Feasacht a ardú ar na tacaíochtaí atá ar fáil d'úinéirí | ICC, Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 61 | Prionsabail Tús Áite do Lár an Bhaile a chur i bhfeidhm ar fhorbairt bhailte agus shráidbhailte DLR. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 62 | Spásanna poiblí sábháilte, atá neamhdhíobhálach don aeráid, agus atá inrochtana agus tarraingteach a sholáthar le húsáid ag an bpobal ar fad. | Ailtirí, Páirceanna, Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 63 | Iniúchadh a dhéanamh ar roghanna chun iompar poiblí a fheabhsú sa Chontae:<br>• Ceangal Thoir/Thiar<br>• Ceangal Aerfoirt Bhaile Átha Cliath | Bonneagar agus Athrú Aeráide (CCDLR) |
| 64 | Bearta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht i bhforbairt pobail a fheabhsú agus chun obair dheonach a fhorbairt sa Chontae. | Pobal, Cultúr agus Páirceanna (CCDLR) |
| 65 | Bearta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht an phobail sa rialtas áitiúil agus i bpobail a fheabhsú. | Gnóthaí Corparáideacha (CCDLR) |
| 66 | Tacú le forbairt earnálacha bríomhara miondíola agus fáilteachais ar fud an Chontae. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |
| 67 | Oibriú chun straitéis chuí a aithint chun geilleagar bríomhar oíche a fhorbairt. | Forbairt Gheilleagrach (CCDLR) |

| | |
|---|---|
| ***Ailíniú SFI:*** | 1 NO POVERTY; 10 REDUCED INEQUALITIES; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES |
| ***Ailíniú SFI:*** | 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES |
| ***Ailíniú SFI:*** | 1 NO POVERTY; 10 REDUCED INEQUALITIES; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES |
| ***Ailíniú SFI:*** | 10 REDUCED INEQUALITIES; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES |

| Comhpháirtithe | Aschuir/KPInna | Achar ama |
|---|---|---|
| CCDLR, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta | • Líon na n-áitreabh nua a críochnaíodh<br>• Líon na n-aonad tithíochta sóisialta atá ar fáil | Ar siúl |
| CCDLR, An Chomhairle Oidhreachta | • Nuashonraíodh faisnéis ar shuíomhanna tréigthe<br>• Líon na bhfoirgneamh a cuireadh in úsáid an athuair<br>• Foilsíodh faisnéis maidir le maireachtáil thar an siopa | Ar siúl |
| CCDLR, Foirne Baile | • Críochnaíodh seiceálacha Sláinte Bhaile<br>• Seachadadh an plean oibre bliantúil | R4 2024 |
| CCDLR, CFGAG | • Líon na dtionscnamh fearainn poiblí a cuireadh i bhfeidhm | Ar siúl |
| CCDLR, NTA, BIÉ | • Sainaithníodh roghanna<br>• Líon na mbealaí a feabhsaíodh/a cuireadh leis | R2 2025 |
| CCDLR, CDCDLR, LRP DLR, Ionad Oibrithe Deonacha DLR, DRCD, Comhpháirtíocht Spóirt | • Líon na ngrúpaí a fuair tacaíocht um fhorbairt acmhainne.<br>• Reáchtáladh feachtas feasachta bliantúil<br>• Líon na dtionscnamh Cór Oibrithe Deonacha ar tugadh tacaíodh dóibh. | Ar siúl |
| CCDLR, CDCDLR, LRP DLR | • Aithníodh réitigh agus smaointe agus cuireadh i bhfeidhm iad chun rannpháirtíocht a fheabhsú | Ar siúl |
| CCDLR, OFÁ, CFGAG, Comhlachais Tráchtála DLR | • Líon na dtacaíochtaí a cuireadh ar fáil don earnáil mhiondíola agus fáilteachais | Ar siúl |
| CCDLR, CFGAG, Foirne Baile | • Bunaíodh coistí geilleagair oíche<br>• Rinneadh dul chun cinn maidir le bratacha corcra a bhaint amach do Dhún Laoghaire agus Dún Droma. | R4 2024 |

# 8. Faireachán agus Measúnú

Leagtar amach sa chaibidil seo cur chuige na Comhairle maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar PÁEP 2023 – 2028. Tá solúbthacht mhéadaithe tugtha isteach i bpróiseas PÁEP mar gheall ar fhormáid an phlean cur chun feidhme dhá bhliain a ghlacadh. Tugann sé deis don Chomhairle agus dá comhpháirtithe an plean forfheidhmithe a athbhreithniú, gníomhartha tearcfheidhmithe nó gníomhaíochtaí críochnaithe a athsholáthar agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn laistigh den fhráma ama dhá bhliain. Mar sin, beidh faireachán agus measúnú cruinn ina bpríomhthoisc chun rath an PÁEP a áirithiú agus chun tairbhí an chur chuige níos solúbtha a bhaint amach.

Tabharfar tuairisc ar fheidhmíocht an phlean feidhmithe don Chomhairle Contae, CFPÁ agus don CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontair ar bhonn sé mhí.

Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú cuimsitheach an phlean nua agus cinnteoidh sí go ndéanfar faireachán rialta agus comhsheasmhach ar a dhul chun cinn. Toisc gur plean comhroinnte é an PÁEP, áfach, beidh gá le comhiarracht idir an Chomhairle Contae agus na gníomhaireachtaí atá freagrach as gníomhartha sonracha a chur i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn. Cabhróidh faireachán agus measúnú cruinn ar dhul chun cinn le forbairt cur chuige atá bunaithe ar fhianaise ar féidir leis an gComhairle agus a comhpháirtithe leas a bhaint as chun acmhainní a leithdháileadh go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais eacnamaíocha agus phobail.



# 8.1 Cur Chuige Monatóireachta agus Measúnaithe PÁEP DLR

**Forbraíodh an cur chuige faireacháin agus measúnaithe le bheith simplí agus éifeachtach, agus cineál comhroinnte an phlean agus an gá le tuairisciú cruinn rialta á gcur san áireamh. Tá sé dírithe ar chomhoibriú, ar chuntasacht, agus ar chumarsáid éifeachtach idir an Chomhairle agus na páirtithe leasmhara éagsúla a chuideoidh le cur chun feidhme rathúil an PÁEP.**

Mar a leagadh amach roimhe seo, forbraíodh na spriocanna, cuspóirí, torthaí agus gníomhartha ardleibhéil agus aithníodh gníomhaireachtaí/grúpaí ceannais agus príomhtháscairí feidhmíochta. Ina theannta sin, sainaithníodh foinsí sonraí a d'fhéadfadh cabhrú le cur le faireachán iomlán ar dhul chun cinn an PÁEP agus leagtar amach thíos iad. Rachaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i dteagmháil le gníomhaireachtaí ceannais ar bhonn rialta chun nuashonruithe a fháil ar dhul chun cinn na ngníomhartha sannta. Chun cabhrú leis an bpróiseas seo, bunófar pointí teagmhála ainmnithe i ngach gníomhaireacht/grúpa ceannais chun tuairisciú ar dhul chun cinn ag eatraimh chomhaontaithe. Toisc go ndéanfar athbhreithniú ar gach plean forfheidhmithe tar éis 2 bhliain, moltar go gcuirfeadh na príomhghníomhaireachtaí nuashonruithe ar fáil don Chomhairle ar dhul chun cinn na ngníomhaíochtaí ar bhonn leathbhliantúil. Ina theannta sin, scaipfidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tuarascáil fhoriomlán ar dhul chun cinn an phlean go bliantúil, ag léiriú an eolais a bailíodh i rith na bliana.



# 8.2 Cad atá faoi Fhaireachán?

Déanfar faireachán ar na gníomhartha agus ar na príomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann leo maidir le dul chun cinn, mar aon leis na torthaí inmhianaithe a bhaineann leis na spriocanna agus na cuspóirí uileghabhálacha. Tá nádúr éagsúil ag na príomhtháscairí feidhmíochta seo, comhdhéanta de mhéadracht chainníochtúil (e.g., líon na seisiún faisnéise a reáchtáladh, nó na rannpháirtithe a bhí i gceist) agus méadracht cháilíochtúil (e.g. staidéar féidearthachta a chríochnú nó fóram eacnamaíoch a bhunú). Beag beann ar nádúr an phríomhtháscaire fheidhmíochta, tá sé de cheangal ar ghníomhaireachtaí ceannais atá freagrach as gníomhartha laistigh den phlean forfheidhmithe nuashonruithe soiléire agus gonta a sholáthar ar dhul chun cinn, lena n-áirítear i ndáil le gníomhaíochtaí nach bhfuil tosaithe nó nach bhfuil dul chun cinn déanta orthu.

Cuirfidh na nuashonruithe seo le meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ngníomhaíochtaí chomh maith leis na spriocanna, cuspóirí agus torthaí foriomlána a mbeidh freagracht iomlán ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin astu mar gheall ar a nádúr ardleibhéil agus fadtéarmach. Athraíonn na torthaí freisin, agus cuid acu bainteach le sonraí atá ar fáil ó bhunachair shonraí náisiúnta, lena n-áirítear an Phríomh-Oifig Staidrimh, agus i gcásanna eile d'fhéadfadh go mbeadh gá sonraí a bhailiú nó a fháil go sonrach ó ghníomhaireachtaí ábhartha amhail Fiontraíocht Éireann nó an GFI.

# 8.3 Cad a Thuairisceofar

Soláthróidh na príomhghníomhaireachtaí nuashonruithe beachta ar dhul chun cinn ar ghníomhartha ábhartha agus ar na príomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann leo trí phointí teagmhála ainmnithe ar bhonn leathbhliantúil. I gcásanna nach bhfuil rochtain fós ar shonraí a bhaineann le príomhtháscairí feidhmíochta, ba cheart é sin a chur in iúl go sainráite, mar aon le dáta eisiúna measta do na sonraí. Ba cheart go dtarraingeodh nuashonruithe aird freisin ar aon dúshláin a choisceann gníomhaíochtaí a chur chun cinn nó saincheisteanna ar amhail iad siúd a bhaineann le tuairisciú príomhtháscairí feidhmíochta. Déanfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin athbhreithniú ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil agus, nuair is cuí, molfaidh sí réitigh fhéideartha.

Chun tagairt shoiléir a éascú, tá na spriocanna, na cuspóirí agus na gníomhartha uimhrithe. Agus an tuairisciú á dhéanamh, tá sé ríthábhachtach uimhir na gníomhaíochta a chur san áireamh agus, más infheidhme, tagairt a dhéanamh don fho-ghníomhaíocht. Ba chóir taifead mionsonraithe a choinneáil maidir le gach gníomhaíocht agus fo-ghníomhaíocht, ag tabhairt le fios cibé acu ar cuireadh tús leis, an bhfuil sé ar siúl faoi láthair, nó ar cuireadh i gcrích go rathúil é. Mura bhfuil tús curtha le gníomhaíochtaí áirithe fós, ba cheart go míneodh an nuashonrú na cúiseanna mar aon le haon dáta tosaithe réamh-mheasta má tá sé ar fáil. Ba cheart gníomhaíochtaí nach bhfuil á gcur ar aghaidh a dhoiciméadú freisin, mar aon leis na cúiseanna lenar cuireadh ar ceal iad. Ar an gcaoi chéanna, más rud é go bhfuil de thoradh ar staidéir indéantachta gur diúltaíodh do thionscnaimh shonracha nó do thionscadail shonracha, ba cheart an fhaisnéis sin a thaifeadadh go soiléir chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais amach anseo.

# 8.4 Foinsí Sonraí

Leagtar amach thíos liosta achomair de na foinsí sonraí a úsáideadh agus an PÁEP á ullmhú a chabhróidh le faireachán a dhéanamh ar a dhul chun cinn foriomlán:

## Déimeagrafaíocht Ghnó

Tugann an Déimeagrafaíocht Ghnó, a nuashonraítear go bliantúil, faisnéis ar líon na bhfiontar, ar bhreitheanna agus básanna fiontair agus ar rátaí marthanais, chomh maith le figiúirí fostaíochta gaolmhara. Is féidir é a úsáid chun faisnéis a nuashonrú ar fhás fostaíochta de réir catagóire fiontair.

## Faisnéis Dhaonáirimh

Cuirfidh staitisticí ó Dhaonáireamh 2022 agus daonáirimh amach anseo go mór le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, go háirithe maidir leis na spriocanna, na cuspóirí agus na torthaí inmhianaithe. Áirítear leis seo faisnéis ar phríomhstádas eacnamaíoch, modhanna taistil (e.g., rothaíocht, siúl, nó i bhfeithicil), measúnú ginearálta sláinte, gnóthachtáil oideachais agus go leor eile.

## Logeolaire

Soláthraíonn an Logeolaire faisnéis ar bhonn ráithiúil maidir le folúntais tráchtála agus cónaithe ag leibhéal contae agus baile roghnaithe. Is féidir é a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar na rátaí folúntais tráchtála agus cónaithe i DLR. Is féidir cur leis an bhfaisnéis sin le haon thorthaí a eascraíonn as seiceálacha sláinte lár an bhaile, i gcás go ndéantar iad sa Chontae agus nuair a dhéantar iad.

## Rolluithe ÚAO de réir Réigiún HEI/Contae Baile

Soláthraíonn an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) faisnéis bhliantúil ar rolluithe de réir contae. Áirítear leis seo sonraí ar institiúid, leibhéal an chúrsa agus modh staidéir, i measc réimsí eile.

## Suirbhé ar an bhFórsa Saothair (SFS)

Tháinig an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair in ionad an tSuirbhé Ráithiúil ar Theaghlaigh agus soláthraíonn sé meastacháin ar an bhfórsa saothair maidir le fostaíocht agus dífhostaíocht a thomhas ag leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha araon. Déantar é a nuashonrú ar bhonn ráithiúil.

## Clár Beo

Cuireann an Clár Beo eolas ar fáil ar bhonn míosúil maidir leo siúd atá ag lorg sochair cuardaitheora poist agus liúntais cuardaitheora poist agus áirítear leis faisnéis ar leibhéal an chontae. Go háirithe, níl sé deartha chun dífhostaíocht a thomhas, mar go n-áirítear leis oibrithe páirtaimseartha, séasúracha agus ócáideacha a d'fhéadfadh a bheith i dteideal sochair agus liúntais cuardaitheora poist.

## Innéacs Díothachta Pobal HP

Léiríonn Innéacs Díothachta Pobal HP an leibhéal foriomlán rachmais agus díothachta ag leibhéal ED mar aon leis na scóir dhíothachta a bhaineann leo. Is féidir leis cabhrú le leibhéil díothachta agus bochtaineachta i gceantar a aithint agus anailís a dhéanamh orthu.

## Tuarascálacha an Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP)

Cuireann Pobal tuarascálacha bliantúla amach a bhaineann leis an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail de réir contae agus áirítear leis sin táscairí agus treochtaí aitheanta maidir le spriocghrúpaí ar leith, lena n-áirítear na daoine sin ó ghrúpaí mionlacha, daoine atá dífhostaithe agus daoine breacaosta. Déantar é a nuashonrú ar bhonn ráithiúil.

# 9. Aguisíní

## 9.1 Aguisín A – Nóta ar Scagadh do Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Chuí

### Cinneadh Scagtha do Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta faoi Threoir SEA 2001/42/CE arna trasuí i ndlí na hÉireann faoi I.R. 435/2004, arna leasú.

Tá scagadh déanta ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar Údarás Inniúil don Phlean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail (an plean) don SEA faoi Threoir 2001/42/CE. Rinneadh an measúnú scagtha trí úsáid a bhaint as na critéir chun suntas dóchúil na n-éifeachtaí a chinneadh mar atá leagtha amach i Sceideal 1 de I.R. 435/2004, arna leasú.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar na critéir agus ag féachaint do nádúr an Phlean agus don fhéidearthacht go mbeadh tionchar suntasach comhshaoil ag feidhmiú an Phlean, chinn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin nach mbeidh tionchar suntasach dóchúil ag an bplean ar an gcomhshaol.

Rinneadh an cinneadh seo tar éis breithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá i dTuarascáil Scagtha SEA agus na critéir atá leagtha amach i Sceideal 1 a ghabhann le I.R. 435/2004, arna leasú.

Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna nach dteastaíonn SEA ón bPlean:

> Ní leagtar síos sa PÁEP an creat maidir le toiliú nó le hathrú ar an úsáid talún. Oibreoidh na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil laistigh d'oibreoirí úsáide talún atá ann cheana féin agus beidh gach plean/tionscadal a eascraíonn as cur i bhfeidhm an phlean faoi réir chomhlíonadh Phlean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (CDP) 2022 – 2028 agus gach plean ábhartha eile. Níl aon fhoinsí ann maidir le tionchair nach raibh breithnithe cheana féin sa CDP agus i bpleananna ábhartha eile agus sna measúnuithe timpeallachta a bhaineann leo.

*Cinneadh um Measúnacht Chuí faoin Treoir um Ghnáthóga 92/43/CEE arna trasuíomh go Dlí na hÉireann ag I.R. 477/2011 (arna leasú).*

Tá Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail (an Plean) ullmhaithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin do limistéar feidhme Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá cinneadh scagtha déanta ag an gComhairle i dtaca leis an bplean maidir leis an ngá atá le Measúnú Cuí (MC) i gcomhréir le ceanglais Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE (Treoracha maidir le Gnáthóga) agus Rialachán 42(11) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (arna leasú).

Scrúdaíodh agus rinneadh measúnú ar an bplean maidir lena chumas éifeachtaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith aige ar aon láithreán Eorpach i bhfianaise cuspóirí caomhnaithe, ina aonar nó i gcomhcheangal le pleananna, cláir agus tionscadail eile. Rinneadh an measúnú seo a dhoiciméadú i dTuarascáil Scagtha MC don phlean.

Baineadh de thátal as Tuarascáil Scagtha MC nach dtabharfaidh an plean aon fhoinsí tionchair timpeallachta isteach, agus mar sin nach mbeidh aon tionchar suntasach dóchúil ar láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear leasanna cáilitheacha, sainspéis chaomhnaithe nó cuspóirí caomhnaithe láithreán den sórt sin.

Is é an príomhchúis atá leis seo ná an méid seo a leanas:

> Ní leagtar síos sa phlean an creat maidir le toiliú nó le hathrú ar an úsáid talún. Oibreoidh na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil laistigh d'oibreoirí úsáide talún atá ann cheana féin agus beidh gach plean/tionscadal a eascraíonn as cur i bhfeidhm an phlean faoi réir chomhlíonadh Phlean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (PFC) 2022 – 2028 agus gach plean ábhartha eile. Níl aon fhoinsí ann maidir le tionchair nach raibh breithnithe cheana féin sa CDP agus i bpleananna ábhartha eile agus sna measúnuithe timpeallachta a bhaineann leo.

Ag cur an méid thuas san áireamh, socraítear nach gá tabhairt faoi MC iomlán don phlean.

## 9.2 Aguisín B – Liosta Acrainmneacha

| Liosta Acrainmneacha | Cur Síos |
|---|---|
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **BIÉ** | Bonneagar Iompair Éireann |
| **BOOBACDL** | Bord Oideachais & Oiliúna Bhaile Átha Cliath & Dhún Laoghaire |
| **CBS** | Coiste um Beartais Straitéiseacha |
| **CCDLR** | Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin |
| **CCSGP** | An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail |
| **CD** | Crios Dícharbónaithe |
| **CDCDLR** | Comhpháirtíocht Dheisceart na Cathrach Dhún Laoghaire Ráth an Dúin |
| **CFGÁG** | Ceantar Feabhsúcháin Gnó Áth an Ghainimh |
| **CFGI** | Chuspóirí um Fhorbairt Gheilleagrach Inbhuanaithe |
| **CFPÁ** | Coiste um Forbairt Pobail Áitiúil |
| **CFS** | Crios Forbartha Straitéisí |
| **CLG** | Cumann Lúthchleas Gael |
| **CMS** | An Coiste um Beartais Straitéiseacha |
| **CNP** | Creat Náisiúnta Pleanála |
| **CPI** | Cuspóirí Pobail Inbhuanaithe |
| **CSLDÓ** | Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga |
| **DLR** | Dún Laoghaire-Ráth an Dúin |
| **FBM** | Fiontar Beag go Meánmhéide |
| **FEÉ** | Fondúireacht Eolaíochta Éireann |
| **FSS** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **GCT** | Gás Ceaptha Teasa |
| **GFT** | An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail |
| **GSC** | Grúpa Stiúrtha Comhairleach |
| **IAT** | Ionaid Acmhainní Teaghlaigh |

| Liosta Acrainmneacha | Cur Síos |
|---|---|
| **IEDT** | Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta |
| **IS** | Intleacht Shaorga |
| **LRP** | DLR Líonra Rannpháirtíochta Pobail |
| **MC** | Measúnacht Chuí |
| **MTS** | Measúnachtaí Timpeallachta Straitéiseacha |
| **NA** | Na Náisiúin Aontaithe |
| **NLDB** | Neart, Laige, Deis, Bagairt |
| **OCÉ** | Ordú Ceannaigh Éigeantaigh |
| **ODÉ** | Ordú Díolacháin Éigeantaigh |
| **OFÁ** | Oifig Fiontair Áitiúil |
| **ORGA** | Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| **PÁEP** | Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| **PFC** | Plean Forbartha Contae |
| **PFI** | Pobal Fuinnimh Inmharthana |
| **POS** | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| **PTF** | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
| **SAFB** | Seirbhís Abhcóideachta Foréigean Baile |
| **SFI** | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
| **SFS** | Suirbhé ar an bhFórsa Saothair |
| **SRSE** | Straitéis Réigiúnach Spáis Eacnamaíoch |
| **TDADLR** | Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Dhún Laoghaire-Ráth AN Dúin |
| **TROLT** | Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre |
| **TSN** | Toradh Straitéiseach Náisiúnta |
| **ÚAO** | An tÚdarás um Ard-Oideachas |
| **ÚFIÉ** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| **ÚNI** | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |

# 9.3 Aguisín C – Liosta Foinsí Maoinithe Féideartha

| Sruth Maoinithe | Achoimre |
|---|---|
| **Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide** | Bunaíodh é chun cabhair agus tacaíocht airgeadais a sholáthar do thionscadail a chuideoidh le hÉirinn a spriocanna aeráide agus fuinnimh a bhaint amach, ag soláthar ar a laghad €500 milliún de mhaoiniú rialtais suas go dtí 2027. |
| **Ciste na Mol Nasctha** | Tugann sé deis d'úinéirí, d'oibreoirí agus do bhainisteoirí na n-áiseanna cianoibre reatha agus na bPointí Nasctha Leathanbhanda (BCPanna) a réitigh féin a aithint agus a fhorbairt i gcomhairle le húdaráis áitiúla agus le grúpaí eile. |
| **An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe** | Feidhmíonn sé ó 2021 go 2027 agus tacaíonn sé le comhbheartas iascaigh an AE (CFP), le beartas muirí an AE agus le clár oibre an AE um rialachas idirnáisiúnta aigéin. Soláthraíonn sé tacaíocht chun tionscadail nuálaíocha a fhorbairt a áirithíonn go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí go hinbhuanaithe. |
| **Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa** | Tá sé deartha chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críche a neartú san Aontas Eorpach. Tá sé mar aidhm aige é sin a dhéanamh trí mhíchothromaíochtaí idir réigiúin a cheartú lena gcumasófar infheistíochtaí in Eoraip níos cliste, níos glaise, níos nasctha agus níos sóisialta agus atá níos gaire dá saoránaigh. |
| **Ciste Struchtúrtha agus Infheistíochtaí na hEorpa** | Oibríonn na cistí le chéile chun infheistíocht a dhéanamh in oideachas, i dtaighde, agus i gcruthú post chun cabhrú le geilleagar inbhuanaithe agus sláintiúil a chruthú ar fud na tíre ar fad. Caitear iad freisin ar an timpeallacht a chosaint, agus ar thacú le pobail tuaithe agus cósta. |
| **Clár Glasbhealaí** | Le maoiniú de thart ar €63 milliún trí Chlár Glasbhealaí BIÉ déanfar forbairt leanúnach ar thart ar 70 tionscadal Glasbhealaí ar fud na tíre. Leis an maoiniú, leanfar le tógáil ar roinnt tionscadal a chríochnófar in 2023, agus tionscadail eile ag dul tríd an gcéim phleanála agus dheartha. |
| **Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann** | Tá sé mar aidhm aige infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus le fostaíocht in Éirinn, agus an ciste a bheith ina infheisteoir straitéiseach le naisc láidre san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. |
| **Clár LEADER** | Tá sé mar aidhm aige tacú le forbairt áitiúil cheantair thuaithe na hÉireann cé is moite de na ceantair laistigh de theorainneacha na gcúig phríomhchathair, mar atá Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Port Láirge agus Gaillimh. |
| **An Scéim um Bonneagar Áineasa Lasmuigh** | Cuireann sé maoiniú ar fáil chun bonneagar áineasa lasmuigh nua a fhorbairt agus chun an bonneagar áineasa lasmuigh atá ann cheana féin i gceantair tuaithe ar fud na hÉireann a dheisiú, a fheabhsú nó a chur chun cinn nuair is gá. |
| **Ciste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe** | Is é cuspóir an chiste ná tacú le cruthú post i gceantair thuaithe, aghaidh a thabhairt ar dhídhaonra na bpobal tuaithe agus tacú le feabhsúcháin i mbailte agus i sráidbhailte ina bhfuil daonra níos lú ná 10,000, agus i gceantair imeallacha. |
| **Deontais Chaipitil Spóirt** | Príomhfheithicil do thacaíocht ón rialtais chun áiseanna spóirt agus áineasa fisiceacha a fhorbairt agus chun trealamh spóirt neamhphearsanta a cheannach ar fud na tíre. |
| **Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte** | Tá an scéim dírithe ar bhailte agus ar shráidbhailte ina bhfuil daonra de 10,000 nó níos lú agus ní mór gach tionscadal a mhaoinítear faoin Scéim a chríochnú laistigh de thréimhse 12 mhí go 18 mí. |
| **Ciste Athnuachana agus Forbartha Uirbigh** | Bunaíodh an ciste chun tacú le forbairt níos dlúithe agus níos inbhuanaithe trí chúig chathair agus bhaile mór eile na hÉireann a athbheochan agus a athnuachan, ag teacht le cuspóirí an Chreata Pleanála Náisiúnta (NPF) agus an Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP). |
| **Deontais Phobail** | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Deontas Pobail agus ClárArna reáchtáil ag an CFPÁ thar ceann CCSGP, an Chláir Feabhsaithe Pobail, Éire Shláinitiúil agus eile |

# 9.4 Aguisín D – Liosta Aighneachtaí i scríbhinn

Mar chuid den chomhairliúchán, fuarthas aighneachtaí i scríbhinn uathu siúd a leanas:

- Grúpa Óige an Bhaile Bhric
- Christine Cosgrave
- Dún Laoghaire Digiteach
- Comhairle na nÓg DLR
- LRP DLR
- Comhphháirtíocht Spóirt DLR
- Eagar Bhaile Átha Cliath
- Frank Kelly
- Páirc Fiontraíochta an Gharráin Chnó
- Comhpháirtíocht Dheisceart na Cathrach DLR
- Bonneagar Iompair Éireann

# 9.5 Aguisín E – Baill CBS agus CFPÁ

Seo thíos liosta ballraíochta don CPS um Fhorbairt Gheilleagrach agus Fiontair:

| | |
|---|---|
| i. | Clr. Barry Saul |
| ii. | Clr. Denis O'Callaghan |
| iii. | Clr. Eva Elizabeth Dowling |
| iv. | Clr. Jim Gildea |
| v. | Clr. John Kennedy |
| vi. | Clr. Juliet O'Connell |
| vii. | Clr. Kate Feeney (Cathaoirleach) |
| viii. | Clr. Kate Ruddock |
| ix. | Clr. Lorraine Hall |
| x. | Clr. Mary Fayne |
| xi. | Clr. Michael Clark |
| xii. | Clr. Michael Fleming |
| xiii. | Clr. Senan Sexton |
| xiv. | Clr. Shay Brennan |
| xv. | PPN – Aileen Eglington |
| xvi. | PPN – Fardus Sultan |
| xvii. | Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann – Ger Corbett |
| xviii. | Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann – Josephine Browne |
| xix. | Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann – Mark Scott-Lennon |
| xx. | Earnáil na Turasóireachta – John O'Toole |

Seo thíos liosta ballraíochta do CFPÁ de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin:

| | |
|---|---|
| i. | Clr. Kate Feeney |
| ii. | Clr. Lettie McCarthy |
| iii. | Clr. Marie Baker |
| iv. | Clr. Tom Kivlehan |
| v. | Róisín Cronin (Fiontar Áitiúil) |
| vi. | Therese Langan (Ainmní mar Phríomhfheidhmeannach) |
| vii. | Aisling Heffernan (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte) |
| viii. | Helena O Neill (Túsla, i ról comhairleach) |
| ix. | Maria Culbert (Bord Oideachais agus Oiliúna) |
| x. | Stephen Fitzgerald (An Roinn Coimirce Sóisialaí) |
| xi. | Sharon Commins (Comhpháirtíocht Dheisceart na Cathrach) |
| xii. | John Doyle (PPN) |
| xiii. | Louise Keogh (PPN) |
| xiv. | Joe Varley (PPN) |
| xv. | Valerie Snow (PPN) |
| xvi. | Annette McAllister (PPN) |
| xvii. | Enda O Dwyer (Seirbhís Óige Dhún Laoghaire, Crosscare) |
| xviii. | An tOllamh Joe Carthy (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) |

**An Grúpa Stiúrtha Comhairleach:**

| | |
|---|---|
| Sharon Commins | An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| Ger Corbett | CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar |
| Róisín Cronin | CCDLRD |
| Helena Cunningham | CCDLRD* |
| Comhairleoir Kate Feeney | CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar |
| Bernadette King | CCDLRD |
| Comhairleoir Tom Kivlehan | An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| Therese Langan | An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| Owen Laverty | CCDLRD |
| Mary Ruane | An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |

*Tháinig Aidan Blighe in ionad Helena Cunningham i mí Aibreáin 2023

# Buíochas:

Gabhaimid buíochas ó chroí leis na daoine aonair, leis na grúpaí agus leis na heagraíochtaí uile a ghlac páirt sna comhairliúcháin agus in ullmhúchán PÁEP (Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail) 2023-2028.

Gabhaimid buíochas speisialta le baill uile an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ), Choiste an Bheartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontair, Ghrúpa Stiúrtha Comhairleach PÁEP agus le baill Choiste an Cheantair. Gabhaimid buíochas freisin le foireann CCDLRD a bhí bainteach, eadhon Therese Langan, Stiúrthóir Seirbhísí, an Roinn Forbartha Pobail agus Cultúrtha; Mary Ruane, Príomh-Oifigeach CFPÁ DLRD/ Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, an Roinn Forbartha Pobail agus Cultúrtha; Bernadette King, Oifigeach Foirne Sinsearach, an Roinn Forbartha Pobail agus Cultúrtha; Barbara Henry, Oifigeach Foirne Sinsearach, an Roinn Forbartha Pobail agus Cultúrtha; Aidan Blighe, Stiúrthóir Seirbhísí, Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch; Helena Cunningham, Stiúrthóir Seirbhísí, an Roinn Airgeadais agus Seirbhísí Uisce, an Roinn Airgeadais agus Forbartha Eacnamaíoch roimhe seo; Owen Laverty, Ceann na Forbartha Eacnamaíche agus Fiontair; Ursula O'Connor, Oifigeach Riaracháin, Forbairt Eacnamaíoch; Róisín Cronin, Oifigeach Foirne Sinsearach, Forbairt Eacnamaíoch; Brian Wynne, an Roinn Pleanála agus leis an bhfoireann uile a ghlac páirt i dteagmháil tras-rannach le linn fhorbairt PÁEP.



dlr

Comhairle Contae County Council




LCDC

Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil
Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Dún Laoghaire-Rathdown Local Community
Development Committee